Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

# Freagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise

**Imleabhar 1** - Tuarascáil




30 Lúnasa 2019


Project Ireland 2040
Building Ireland's Future
Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport
TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland
ARUP

# Liosta Imleabhar

**Imleabhar 1 – Tuarascáil**

Imleabhar 2 – Aguisíní

Imleabhar 3 – Aguisín A.2.1 Tuarascáil um Roghnú Bealaí

Imleabhar 4 – Aguisín A.10.1 Tuarascáil Dearaidh

# Clár na nÁbhar

| | | | Leathanach |
|---|---|---|---|
| **1** | **Réamhrá** | | **1** |
| **2** | **Líníochtaí** | | **2** |
| | 2.1 | Droichead Abhainn na Gaillimhe | 2 |
| | 2.2 | Tarbhealach OÉG | 4 |
| | 2.3 | Tarbhealach Mhionlaigh | 4 |
| | 2.4 | Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus Leacaigh | 5 |
| | 2.5 | Struchtúir thipiciúla | 7 |
| | 2.6 | Cóireálacha Teorann | 10 |
| | 2.7 | Ballaí Coinneála | 11 |
| | 2.8 | Cairéal Leacaigh – I ndiaidh na Tógála | 13 |
| | 2.9 | N6 CBCG le hais Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe (SBCG) 2006 | 17 |
| | 2.10 | Saoráidí do Choisithe agus don Rothaíocht | 17 |
| **3** | **Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú** | | **19** |
| | 3.1 | Iarratas | 19 |
| **4** | **Measúnúacht Chuí** | | **23** |
| | 4.1 | Sonraí Relevé laistigh de cSAC Loch Coirib | 23 |
| | 4.2 | Sonraí Relevé lasmuigh de cSAC Loch Coirib | 29 |
| | 4.3 | Soiléiriú | 37 |
| | 4.4 | Mapáil na pábhála aolchloiche | 38 |
| | 4.5 | Sainmhíniú ar Phábháil Aolchloiche | 39 |
| | 4.6 | Cur síos ar ghnáthóg chun an sruth éalaithe a dhraenáil chuig an Abhainn na Gaillimhe | 41 |
| | 4.7 | Aicmiú Abhainn na Gaillimhe | 48 |
| | 4.8 | Measúnacht i leith Féarach Leathnádúrtha | 51 |
| | 4.9 | Ról tacaíochta gnáthóg i leith cSAC Loch Coirib | 52 |

4.10 Soiléiriú maidir le fásra a bhaint 60
4.11 An t-am chun bearta cúitimh a bhunú 61
4.12 Soiléiriú maidir le Tionchair ar Screamhuisce 67
4.13 Soiléiriú maidir le hidrigeolaíocht Éiceachórais Dhomhanda ag Brath ar Screamhuisce laistigh de cSAC Loch Coirib 69
4.14 Measúnacht i gcomhar 72
4.15 Tuairimí ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta 74

**5 Éin 76**

5.1 Suirbhéireachtaí ar Éin 76
5.2 Éin Geimhrithe agus an tionchar ionchasach mar thoradh ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe mar atá beartaithe 79
5.3 Soiléiriú i leith srianta ama maidir le pléascadh ag Cairéal Leacaigh 85

**6 Ialtóga 86**

6.1 Soiléiriú maidir leis an nasc idir daonraí na Crú-ialtóige bige 86
6.2 Faisnéis bhreise faoin gCroíchrios Cothúcháin 87

**7 Saincheisteanna Éiceolaíochta Eile 94**

7.1 Éifeachtacht na mbeart maolúcháin 94
7.2 Tionchair ionchasacha ar Bhithéagsúlacht i gcoitinne 96

**8 Trácht agus Iompar 99**

8.1 2012 mar bhonnbhliain don trácht a chosaint 99
8.2 Comparáid idir réamhaisnéisí tráchta agus an Creat Pleanála Náisiúnta 105

**9 Soiléirithe 116**

9.1 Soiléiriú ar thagairtí d’Fhíoracha i gCaibidil 11 116
9.2 Líníocht GCOB-500-D-600 117
9.3 Soiléiriú ar thagairtí d’Fhíoracha i gCaibidil 12 117
9.4 Suíomh Bóithre Rochtana 118
9.5 Uimhriú Nód in Aguisín D d'Aguisín A.6.1 132
9.6 Sonraí maidir le séala uiscedhíonach ar an mBealach Aniar chuig Tollán Leacaigh 133

# 1 Réamhrá

Ullmhaíodh an tuarascáil seo mar fhreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB) a fuarthas ón mBord Pleanála ar an 4 Aibreán 2019 maidir le hiarratais ar chead pleanála do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CBCG) a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 23 Deireadh Fómhair 2018. Tagraítear don tuarascáil seo mar Fhreagra IFB ina dhiaidh seo, agus tugtar Figiúirí Breise ar fhigiúirí nua a ullmhaíodh go sonrach ar mhaithe leis an tsoiléireacht don Fhreagra IFB seo.

# 2 Líníochtaí

I bhfianaise na gceisteanna a bhí ag an mBord Pleanála maidir le líníochtaí éagsúla, creideann Comhairle Chontae na Gaillimhe go mbeadh sé ina chabhair dá gcuirfí isteach leis an bhfreagra IFB seo Tuarascáil Dearaidh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, a ndéanfar tagairt dó ag céimeanna éagsúla mar an “Tuarascáil Dearaidh”, agus tá cóip de in **Aguisín A.10.1**.

## 2.1 Droichead Abhainn na Gaillimhe

### 2.1.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1a den IFB:

*Tabhair líníochtaí mionsonraithe scálaithe den phríomhstruchtúr, lena n-áirítear:*

*Líníochtaí plean agus ingearchló den droichead thar Abhainn na Gaillimhe ar a sonraítear faid na réise, tacaíochtaí struchtúracha, na piaraí agus na bacainní lena mbaineann chomh maith leis na bacainní trédhearcacha torainn. Ina theannta sin, tabhair gearrthacha agus ingearchlónna mionsonraithe den bhealach anoir chuig an droichead a thrasnaíonn Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir Loch Coirib, lena n-áirítear sonraí faoi struchtúir tacaíochta agus fothaí laistigh den Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir.*

### 2.1.2 Freagra

Déantar cur síos ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, lena n-áirítear an struchtúr thar Abhainn na Gaillimhe agus thar Champas Spóirt OÉG, i gCuid 5.5.4.6, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe, den Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus i gCuid 2 den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) agus cuirtear i láthair é i bhFíor 5.1.07 den TMTT agus Fíor 1.7 den NIS, agus cuirtear fótamontáisí ó 22 ionad éagsúil amhairc den struchtúr seo i láthair in Aguisín A.12.2 den TMTT. Tá sonraí mionsonraithe breise mar a iarradh faoi Mhír 1a thuas, lena n-áirítear sonraí faoi thacaíochtaí struchtúracha, piaraí agus bacainní lena mbaineann (lena n-áirítear an bhacainn thrédhearcach torainn) agus na bailchríocha ábhair atá beartaithe i gcomhréir leis na treoirlínte a shonraítear in TII DN-STR-03001 (NRA BD 02 go foirmiúil) in Aguisín A.7.6 den Tuarascáil Dearaidh.

Leagtar amach sa liosta thíos na líníochtaí atá in Aguisín A.7.6 den Tuarascáil Dearaidh agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar gach líníocht:

- GCOB-1700-D-S08-04-001 - Socrú Ginearálta don struchtúr lena n-áirítear sonraí maidir le faid réise agus suíomhanna na dtacaíochtaí struchtúracha
- GCOB-1700-D-S08-04-002 - Socrú Ginearálta don struchtúr lena n-áirítear trasghearrthacha tipiciúla den struchtúr, na tacaíochtaí agus sonraí faoin bhfotha.
- GCOB-1700-D-S08-04-004 - Socrú Ginearálta don struchtúr lena n-áirítear plean agus ingearchló don struchtúr

- GCOB-SK-D-746 - Plean agus próifíl (ingearchló) de dhearadh an N6 CBCG atá beartaithe don struchtúr seo

Tá cóip de na fíoracha seo in **Aguisín A.1.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh go héasca.

Beidh uchtbhalla an droichid 1250mm ar airde den chineál H2-W2 ina mbeidh líonadh mogaill. Cuirfidh bacainní sábháilteachta ar an mbealach suas agus ar an mbealach síos agus ar na haistrithe srianadh H2 ar fáil. Cuirtear bacainn torainn 2m ar airde ar fáil feadh fhad iomlán an droichid, ar an dá thaobh den struchtúr, mar a léirítear i bhFíor 3.2 de A.7.6 sa Tuarascáil Dearaidh. Beidh an bhacainn torainn taobh thiar den uchtbhalla ar bhíoma imeall na deice. Is gloine righnithe é ábhar an phainéil; nuair is iomchuí, úsáidfear gloine scamallach nó cuirfear patrúin logánta ar an ngloine mar a léirítear sna fótamontáisí, go háirithe Fíor 1.6.2, atá in Aguisín A.12.2 den TMTT. Cuirfear na cuaillí tacaíochta san áireamh sa phlána ceartingearach, agus beidh obair chruaiche nó alúmanam i gceist leo, ag ionaid 2m go hiondúil. Cuirfear an chóir chuí ailtireachta ar na cuaillí agus ar shocrú na bacainne torainn mar gheall ar shuíomh ceannasach na gné seo.

Áirítear sa bhealach anoir chuig Droichead Abhainn na Gaillimhe i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir Loch Coirib (Ch. 9+500 go Ch. 9 + 600) claífort le lintéir C09/01, C09/02, C09/03, C09/04 agus C09/05 chun tréscaoilteacht a chruthú le go mbeidh bealach do mhamaigh agus d’ialtóga ann. Áirítear ballaí coinneála R09/01 agus R09/02 sa dearadh ag an suíomh seo. Tá mionsonraí de na struchtúir sin leagtha amach i gCuid 2.6 thíos. Ullmhaíodh Fíoracha Breise, **Fíoracha 1.1.01 go 1.1.02** atá in **Aguisín A.1.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo chun trasghearrthacha den limistéar seo idir Ch. 9+500 agus Ch. 9+600 ag eatraimh 25m.

Tá tuarascáil ina sonraítear a éasca a bheadh sé an droichead seo a thógáil in Aguisín A.7.1 de TMTT agus tá an tuarascáil chéanna le fáil in Aguisín D den NIS.

## 2.2 Tarbhealach OÉG

### 2.2.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1b den IFB:

*Tabhair líníochtaí mionsonraithe scálaithe den phríomhstruchtúr, lena n-áirítear:*

*Líníochtaí plean agus ingearchló an tarbhealaigh thar pháirceanna spóirt OÉG, lena n-áirítear codanna ina sonraítear na claífoirt agus na bealaí suas ar an droichead agus ingearchlónna thar an gcampas spóirt.*

### 2.2.2 Freagra

Mar a luadh i g**Cuid 2.1.1** thuas, áirítear leis an dearadh le haghaidh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe an struchtúr thar Abhainn na Gaillimhe agus Campas Spóirt OÉG. Tá na líníochtaí dá dtagraítear i **gCuid 2.1.1** thuas infheidhme freisin maidir leis an struchtúr thar Champas Spóirt OÉG. Léiríonn Fíor 1.18.2 d'Aguisín A.12.2 de TMTT an chuid seo den droichead.

Áirítear sna Fíoracha Breise, **Fíoracha 1.2.01 go 1.2.03** atá in **Aguisín A.1.2** a ghabhann leis an bhFreagra IFB trasghearrthacha den chlaífort ar an mbealach aniar chuig an droichead thar Champas Spóirt OÉG mar a iarradh i mír 1b.

## 2.3 Tarbhealach Mhionlaigh

### 2.3.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1c den IFB:

*Tabhair líníochtaí mionsonraithe scálaithe den phríomhstruchtúr, lena n-áirítear:*

*Líníochtaí plean agus ingearchló de Tharbhealach Mhionlaigh. Cuir san áireamh sonraí de na struchtúir thacaíochta, lena n-áirítear fotha, agus sainaithin mar a bhféadfadh sé tarlú go gcuirfí isteach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I. Tabhair ingearchlónna den tarbhealach le toisí a airde os cionn na pábhála aolchloiche. Tabhair gearrthacha/sonraí de na claífoirt mar a dtrasnaíonn sé in aice le teorainn an Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir nó laistigh den teorainn.*

### 2.3.2 Freagra

Déantar cur síos ar Tharbhealach Mhionlaigh (Struchtúr S10/01) i gCuid 5.5.4.6, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus i gCuid 2 de NIS agus cuirtear i láthair é i bhFíor 5.1.07 de TMTT agus Fíor 1.7 de NIS. Tá sonraí breise sainiúla mar a iarradh faoi Mhír 1c thuas ar fáil in Aguisín A.7.4 den Tuarascáil Dearaidh, lena n-áirítear sonraí d'fhaid réise, tacaíochtaí struchtúracha (lena n-áirítear sonraí den fhotha) agus limistéir de ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de Chrios Tionchair an struchtúir.

Leagtar amach sa liosta thíos na líníochtaí atá in Aguisín A.7.4 den Tuarascáil Dearaidh agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar gach líníocht:

- GCOB-1700-D-S10-01-001 - Eagar Ginearálta don struchtúr lena n-áirítear sonraí maidir le faid réise agus suíomhanna na dtacaíochtaí struchtúracha
- GCOB-1700-D-S10-01-002 - Eagar Ginearálta don struchtúr lena n-áirítear trasghearrthacha tipiciúla den struchtúr, na tacaíochtaí agus sonraí den fhotha.
- GCOB-SK-D-672 – Plean agus próifíl (ingearchló) de dhearadh an N6 CBCG atá beartaithe don struchtúr seo

Tá cóip de na fíoracha seo in **Aguisín A.1.3** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh go héasca.

Léirítear i bhFíor bhreise, **Fíor 1.3.01** atá in **Aguisín A.1.3** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo, na limistéir i gCrios Tionchair Tharbhealach Mhionlaigh a bhaineann le gnáthóg Iarscríbhinn I agus ingearchló an tarbhealaigh le toisí a airde os cionn na pábhála aolchloiche. Tá tuarascáil ina sonraítear a éasca a bheadh sé an tarbhealach seo a thógáil in Aguisín A.7.2 de TMTT agus tá an tuarascáil chéanna le fáil in Aguisín E den NIS.

## 2.4 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus Leacaigh

### 2.4.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1d den IFB:

*Tabhair líníochtaí mionsonraithe scálaithe den phríomhstruchtúr, lena n-áirítear:*

*Tabhair líníochtaí ingearchló den bhealach isteach agus den bhealach amach ón dá thollán agus bíodh toisí soiléire orthu. Tabhair líníochtaí ingearchló den bhealach aniar chuig Tollán Leacaigh mar aon le líníochtaí trasghearrthacha tacaíochta i ndáil leis na háiteanna a dtéann sé i ngiorracht don Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir.*

### 2.4.2 Freagra

#### 2.4.2.1 Tollán Leacaigh

Déantar cur síos ar Thollán Leacaigh (Struchtúr S11/01) i gCuid 5.5.4.6, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus i gCuid 2 de NIS agus cuirtear i láthair é i bhFíor 5.1.08 de TMTT agus Fíor 1.8 de NIS. Tá sonraí breise sainiúla mar a iarradh faoi Mhír 1d thuas ar fáil in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil Dearaidh, lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe scálaithe den tollán.

Leagtar amach sa liosta thíos na líníochtaí atá in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil Dearaidh agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar gach líníocht:

- GCOB-1700-D-S11-01-001 – Leagan amach an phlean agus próifíl do Thollán Leacaigh agus an bealach aniar chuige, lena n-áirítear sonraí faoi shuíomh ghnáthóg Iarscríbhinn I atá i gcóngaracht don struchtúr seo
- GCOB-D-S11-01-011 – Trasghearradh tipiciúil den chró soir agus den chró do thollán Leacaigh.

- GCOB-D-S11-01-013 – Sonraí de na tacaíochtaí sealadacha chun Tollán Leacaigh agus an Bealach Aniar Chuige a thógáil
- GCOB-1700-D-S11-01-020 go 025 – Leagan amach an phlean do Thollán Leacaigh agus an Bealach Aniar chuige le mionsonraí ingearchló leis agus na trasghearrthacha ag láithreacha a aithníodh ar an leagan amach.
- GCOB-1700-D-S11-01-025 – Trasghearradh den tollán chun mionsonraí a thabhairt den Bhealach Aniar (gearradh oscailte) go dtí an tollán (Tollán Leacaigh)
- GCOB-1700-D-S11-01-026 – Mionsonraí tipiciúla don u-struchtúr atá riachtanach don bhealach aniar.
- GCOB-1700-D-S11-01-027 – Leagan amach an umair atá beartaithe chun an tollán a dhraenáil
- GCOB-1700-D-S11-01-030 – Leagan amach an phlean agus ingearchló don bhealach anoir chuig Tollán Leacaigh
- GCOB-1700-D-S11-01-040 – Ingearchlónna do thairseacha tolláin thoir agus thiar.

Tá cóip de na fíoracha seo in **Aguisín A.1.4** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh go héasca.

Áirítear le Fíor Bhreise, **Fíor 1.4.01** in **Aguisín A.1.4** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo, toisí na dtairseacha thoir agus thiar de Thollán Leacaigh agus cuireann Fíoracha Breise **Fíoracha 1.4.02 go 1.4.05** trasghearrthacha breise ar fáil anuas orthu siúd atá liostaithe thuas chun mioneolas a thabhairt ar na háiteanna a dtéann sé i ngiorracht don Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir Loch Coirib.

Tá tuarascáil ina sonraítear a éasca a bheadh sé an tollán seo a thógáil in Aguisín A.7.3 de TMTT agus tá an tuarascáil chéanna le fáil in Aguisín I den Ráiteas Tionchair Natura (NIS).

### 2.4.2.2 Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe

Déantar cur síos ar Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe (Struchtúr S14/02) i gCuid 5.5.4.6, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus i gCuid 2 de NIS agus cuirtear i láthair é i bhFíor 5.1.10 de TMTT agus Fíor 1.10 de NIS. Tá sonraí breise sainiúla mar a iarradh faoi Mhír 1d thuas ar fáil in Aguisín A.7.3 den Tuarascáil Dearaidh, lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe scálaithe den tollán.

Leagtar amach sa liosta thíos na líníochtaí atá in Aguisín A.7.3 den Tuarascáil Dearaidh agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar gach líníocht:

- GCOB-1700-D-S14-02-001 - Leagan amach an phlean agus próifíl agus trasghearradh de Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe
- GCOB-1700-D-S14-02-002 - Ingearchló agus toisí na dtairseacha thoir theas agus thiar thuaidh den tollán
- GCOB-1700-D-S14-02-003 - Sonraí de na fóntais ag an tairseach thoir theas

- GCOB-2700-D-1000 - Leagan amach an phlean don fhoirgneamh cothabhála tolláin
- GCOB-SK-D-674 - Plean agus Próifíl de Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe
- GCOB-SK-D-809 - Suíomh atá beartaithe don umar agus sonraí den atreorú séaraigh

Tá cóip de na fíoracha seo in **Aguisín A.1.5** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh go héasca.

Tá tuarascáil ina sonraítear a éasca a bheadh sé an tollán seo a thógáil in Aguisín A.7.4 de TMTT agus tá an tuarascáil chéanna le fáil in Aguisín I den Ráiteas Tionchair Natura (NIS).

## 2.5 Struchtúir thipiciúla

### 2.5.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1e den IFB:

*Tabhair líníochtaí mionsonraithe scálaithe den phríomhstruchtúr, lena n-áirítear:*

*Tabhair rogha de líníochtaí plean, ingearchló agus gearrtha d'fhodhroichead agus tardhroichead, fobhealaí / lintéir mhamaigh agus tardhroichead fiadhúlra tipiciúil.*

### 2.5.2 Freagra

#### 2.5.2.1 Fodhroichid

Cuirtear suíomhanna na bhfodhroichead caighdeánach i láthair i gCuid 5.5.4.6, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus léirítear i bhFíoracha 5.1.01 go 5.1.15 de TMTT iad. Léirítear na mionsonraí breise a iarradh faoi mhír 1e san Aguisín A.7.2 a ghabhann leis an Tuarascáil Dearaidh lena n-áirítear sonraí dearaidh den cheithre chineál fodhroichid chaighdeánaigh atá beartaithe do na deich bhfodhroichead a bheidh ag teastáil don N6 CBCG mar atá beartaithe eadhon, struchtúr S06/01; S07/01; S07/02; S08/02; S09/01; S10/02; S12/01; S13/02; S15/01 agus S15/02.

Leagtar amach sa liosta thíos na líníochtaí atá in Aguisín A.7.2 den Tuarascáil Dearaidh agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar gach líníocht:

- GCOB-1700-D-GEN-001 - Sonraí de Chineál 1 de na fodhroichid chaighdeánacha, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta
- GCOB-1700-D-GEN-002 - Sonraí de Chineál 2A de na fodhroichid chaighdeánacha, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta
- GCOB-1700-D-GEN-003 - Sonraí de Chineál 2B de na fodhroichid chaighdeánacha, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta

- GCOB-1700-D-GEN-004 - Sonraí de Chineál 3 de na fodhroichid chaighdeánacha, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta

Tá cóip de na fíoracha seo in **Aguisín A.1.6** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh go héasca.

### 2.5.2.2 Tardhroichid

Cuirtear suíomhanna na dtardhroichead caighdeánach i láthair i gCuid 5.5.4.6, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus léirítear i bhFíoracha 5.1.01 go 5.1.15 de TMTT iad. Tá na mionsonraí breise a iarradh faoi mhír 1e san Aguisín A.7.1 a ghabhann leis an Tuarascáil Dearaidh lena n-áirítear sonraí dearaidh den seacht dtardhroichead chaighdeánacha a bheidh ag teastáil don N6 CBCG mar atá beartaithe eadhon, struchtúr S01/01; S03/01; S12/02; S13/01; S14/01; S16/01 agus S16/02.

Leagtar amach sa liosta thíos na líníochtaí atá in Aguisín A.7.1 den Tuarascáil Dearaidh agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar gach líníocht:

- GCOB-1700-D-S01-01-001 - Sonraí den tardhroichead caighdeánach S01/01, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta
- GCOB-1700-D-S01-01-002 - Leagan amach an uchtbhalla/na bacainne sábháilteachta do struchtúr S01/01
- GCOB-1700-D-S03-01-001 - Sonraí den tardhroichead caighdeánach S03/01, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta
- GCOB-1700-D-S03-01-002 - Leagan amach an uchtbhalla/na bacainne sábháilteachta do struchtúr S03/01
- GCOB-1700-D-S12-02-001 - Sonraí den tardhroichead caighdeánach S12/02, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus leagan amach an uchtbhalla/na bacainne sábháilteachta
- GCOB-1700-D-S13-01-001 - Sonraí den tardhroichead caighdeánach S13/01, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta
- GCOB-D-ST-S13-01-002 - Leagan amach an uchtbhalla/na bacainne sábháilteachta do struchtúr S13/01
- GCOB-1700-D-S14-01-001 - Sonraí den tardhroichead caighdeánach S14/01, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta
- GCOB-1700-D-S14-01-002 - Leagan amach an uchtbhalla/na bacainne sábháilteachta do struchtúr S14/01
- GCOB-1700-D-S16-01-001 - Sonraí den tardhroichead caighdeánach S16/01, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta

- GCOB-D-ST-S16-01-002 - Leagan amach an uchtbhalla/na bacainne sábháilteachta do struchtúr S16/01
- GCOB-1700-D-S16-02-001 - Sonraí den tardhroichead caighdeánach S16/02, lena n-áirítear plean agus trasghearrthacha agus trasghearradh tipiciúil den teannta
- GCOB-D-ST-S16-02-002 - Leagan amach an uchtbhalla/na bacainne sábháilteachta do struchtúr S16/02

Tá cóip de na fíoracha seo in **Aguisín A.1.7** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh go héasca.

### 2.5.2.3 Íosbhealaí agus lintéir do mhamaigh

Cuirtear na háiteanna a bhfuil íosbhealaí agus lintéir do mhamaigh i láthair i gCuid 5.5.4.6, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus léirítear i bhFíoracha 5.1.01 go 5.1.15 de TMTT iad. Tá sonraí breise sainiúla mar a iarradh faoi Mhír 1e thuas ar fáil in Aguisín A.7.7 den Tuarascáil Dearaidh.

Leagtar amach sa liosta thíos na líníochtaí atá in Aguisín A.7.7 den Tuarascáil Dearaidh agus an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar gach líníocht:

- GCOB-1700-D-GEN-011 - Áirítear leis seo plean, ingearchló agus trasghearrthacha do na struchtúir bhosca agus áirse a chuirfear faoin talamh le haghaidh na lintéar agus na n-íosbhealaí do mhamaigh a liostaítear sa tábla ar an líníocht seo
- GCOB-D-ST-C09-1 go 5-001 - Áirítear leis seo an plean agus an t-ingearchló do lintéir C09-01 go 05 ar an mbealach anoir chuig Droichead Abhainn na Gaillimhe dá dtagraítear i gCuid 2.1 thuas
- GCOB-D-ST-C09-1 go 5-002 - Áirítear leis seo trasghearrthacha do lintéir C09-01 go 05 ar an mbealach anoir chuig Droichead Abhainn na Gaillimhe dá dtagraítear i Roinn 2.1 thuas
- GCOB-1700-D-C10-01-001 - Áirítear plean, ingearchló, trasghearradh agus sonraí den teannta le haghaidh lintéar C10/01 os cionn na pábhála aolchloiche taobh amuigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir Loch Coirib ag thart ar Ch. 10+040

Tá cóip de na fíoracha seo in **Aguisín A.1.8** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo le gur féidir tagairt a dhéanamh dóibh go héasca.

### 2.5.2.4 Tardhroichead Fiadhúlra

Is é struchtúr S12/02 an Tardhroichead Fiadhúlra. Léirítear i bhFíor 5.1.9 de TMTT é agus i bhFíor 1.9 de NIS agus tugtar eolas air faoi Thardhroichid Chaighdeánacha i gCuid 2.5.2.2 thuas. Le go mbeidh sé éasca tagairt a dhéanamh dó, áirítear i bhFíor GCOB-1700-D-S12-02-001, in **Aguisín A.1.7** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo, plean agus trasghearrthacha don struchtúr seo agus an suíomh atá beartaithe don uchtbhalla/don bhacainn sábháilteachta.

## 2.6 Cóireálacha Teorann

### 2.6.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1f den IFB:

*Tabhair sonraí de na cóireálacha teorann atá beartaithe, lena n-áirítear ingearchlónna agus gearrthacha tipiciúla, agus sonraigh ábhair, toisí, etc. Sa chás go moltar ballaí cloiche, cuirfear sonraí den chineál tógála agus airde tipiciúil na mballaí ar fáil.*

### 2.6.2 Freagra

Mar a leagtar síos i gCuid 5.5.4.3 de Chaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus gCuid 2.5.5 de NIS, beidh cineálacha difriúla fálta ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe ag brath ar na riachtanais éagsúla agus d'fhéadfadh sé gurbh fhálta sealadacha a bheadh iontu. Áirítear i measc na gcineálacha fálta a úsáidfear cuaillí agus ráillí adhmaid, ballaí saoirseachta, fálta pailise cruaiche, bacainní torainn, uchtbhallaí (bacainní sábháilteachta), etc. agus cuirfear ar fáil iad chun na riachtanais a leagtar síos i bhfoilseacháin TII agus doiciméid treorach reatha a chomhlíonadh. De ghrá na soiléireachta, léirítear i bhFíoracha Breise, **Fíoracha 1.6.01** go **1.6.30** atá in **Aguisín A.1.9** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo na cóireálacha teorann atá beartaithe ar feadh CBCG N6 mar atá beartaithe. Tá ceann de na roghanna seo i leanas i gceist leis an gcóireáil teorann agus tá sonraí den chineál ábhair, ingearchlónna agus gearrthacha in **Aguisín 1.9** den tuarascáil seo:

- Balla cloiche mar a thaispeántar i bhFíor GCRR-SK-C-001 Fál cuaillí agus ráillí adhmaid mar a thaispeántar ar CC-SCD-00301
- Fálta a choinneoidh mamaigh amach mar a thaispeántar ar CC-SCD-00319
- Fálta graí mar a thaispeántar ar CC-SCD-00322
- Fálta slándála Paladin mar a thaispeántar ar CC-SCD-00317
- Fálta a choinneoidh madraí uisce amach mar a thaispeántar ar GCOB-300-D-101 (sa Tuarascáil Dearaidh freisin)
- Coinnítear an teorainn reatha ach a bhfuil tagtha den teorainn a chothú de réir an ingearchló agus an ghearrtha reatha.

Is é cuspóir na cóireála teorann achar na forbartha bóthair atá beartaithe a dhaingniú agus cosc a chur ar dhaoine nó ar fhiadhúlra ar strae le nach féidir leo dul isteach ar an líonra agus úsáideoirí bóthair a chur i mbaol. Tá cineálacha éagsúla cóireála teorann in úsáid ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe ag brath ar chúinsí éagsúla agus tá sé á rialú ag na critéir seo a leanas:

1. De ghnáth, moltar fál cuaillí agus ráillí chun an chuid den suíomh a théann trí thailte talmhaíochta a dhaingniú mar gur beart srianta aitheanta agus cruthaithe é. Cuirtear mogall ar an gcineál seo ar fáil ionas nach féidir le mamaigh dul tríd agus chun nach rachaidh fiadhúlra isteach ar an líonra. Cuirtear fálú graí ina áit seo i limistéir ina bhfuil eacha gníomhaíoch ionas

nach féidir le capaill dul isteach ar an líonra. Cuirtear fálú nach féidir le madraí uisce dul tríd in áiteanna ina mbíonn madraí uisce ionas nach féidir leo dul isteach ar an líonra.

2. Moltar go gcuirfear fál slándála Paladin timpeall ar na linnte maolúcháin/locháin uisce ar fáil le nach dtiocfaidh daoine atá ar strae orthu. Ní mór mogall a chur ar an gcineál seo fáil ionas nach féidir le mamaigh dul tríd agus chun nach rachaidh fiadhúlra isteach orthu.
3. Is gné de thírdhreach na hÉireann iad ballaí cloiche agus d'fhéadfadh sé go mbeadh luach éiceolaíoch (Cód Fossitt BL1), luach oidhreachta cultúrtha, luach aeistéitiúil, luach oidhreachta nádúrtha agus luach taitneamhachta ann. Ós rud é go bhfuil sé mar chuspóir ag Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe teorainneacha nádúrtha a choinneáil, lena n-áirítear ballaí cloiche agus fálta sceach nuair is féidir, coinníodh ballaí cloiche ar na bóithre áitiúla nó cuireadh ballaí nua cloiche ina n-ionad nuair is indéanta agus is praiticiúil.
4. Sa chás go mbaintear ballaí cloiche agus nach dtógtar arís iad mar chuid den fhorbairt bhóthair atá beartaithe, coinneofar an chloch agus cuirfear ar fáil do na húinéirí maoine in aice láimhe lena hathúsáid chun balla cloiche nua a thógáil ar a dtaobh de theorainn na forbartha atá beartaithe más mian leo.

## 2.7 Ballaí Coinneála

### 2.7.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1g den IFB:

*Tabhair gearrthacha tipiciúla trí bhallaí coinneála ag Ch. 9+880 go Ch. 10+050 agus Ch. 11 + 150 chun an chaoi a dtógfar iad gan cur isteach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir Loch Coirib.*

### 2.7.2 Freagra

Mar atá leagtha amach i gCuid 7.4.7.8 de Chaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála, de TMTT agus Cuid 2.5.7.3 de NIS, moltar go n-úsáidfear meascán de struchtúr coinneála agus claífort treisithe ithreach (tagairt R09/03) idir Ch. 9+850 go Ch. 10+050 chun a chinntiú nach gcuireann an fhorbairt bhóthair atá beartaithe isteach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir Loch Coirib. Tógfar an balla coinneála agus an claífort treisithe ithreach san am céanna laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ó thaobh na forbartha bóthair atá beartaithe agus taobh amuigh de na limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I. Tá sonraí breise sainiúla mar a iarradh faoi Mhír 1g thuas ar fáil in Aguisín A.7.8 Struchtúir Eile (Struchtúir Choinneála, Droichid Comharthaí agus Bacainní Torainn Chomhshaoil) den Tuarascáil Dearaidh, lena n-áirítear struchtúr R09/03.

Áirítear sna Fíoracha Breise, **Fíoracha 1.7.01 go 1.7.03** atá in **Aguisín A.1.10** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo trasghearrthacha den struchtúr coinneála seo, R09/03.

Mar a leagtar síos i gCuid 7.4.7.10 de Chaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála, de TMTT agus Cuid 2.5.7.3 de NIS, gcuirfear meascán de chórais choinneála i bhfeidhm ar feadh an Bhealaigh Aniar agus os cionn thairseach aniar an tolláin ag Tollán Leacaigh (Ch. 10+850 go Ch. 11 + 150) sa chás nach moltar fánaí gan taca mar go mbrúidís isteach ar gnáthóga Iarscríbhinn I. Braitheann an rogha a dhéantar i ndáil leis an gcineál córais coinneála ar na dálaí talún atá ann ar an suíomh áirithe sin, mar shampla cibé acu nach bhfuil ach carraig ann, nó nach bhfuil ach forchlúdach ann nó atá meascán d'fhorchlúdach agus carraig ann. Tugtar níos mó eolais ar na córais choinneála is infheidhme i gCuid 6.5.2 d'Aguisín A.7.3 de TMTT agus tá an tuarascáil chéanna le fáil in Aguisín I de NIS. Sa cheantar seo, athraíonn leibhéal cheann na carraige go mór, agus tá réitigh córais choinneála arbh fhéidir a thógáil lasmuigh de ghnáthóg Iarscríbhinn I Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is Iarrthóir Loch Coirib de dhíth le haghaidh talamh ina bhfuil carraig éadomhain nó carraig dhomhain. Tugtar míniú breise ar na modheolaíochtaí tógála do na córais choinneála sin i gCuid 7.4.7.10 de Chaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála, de TMTT. Is modheolaíochtaí saincheaptha don suíomh seo iad agus nuair a chuirfear chun feidhme iad, áiritheoidh siad nach gcuirfidh an tógáil isteach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir Loch Coirib.

Mar a pléadh i **gCuid 2.4** thuas, áirítear na sonraí sainiúla de Thollán Leacaigh (Struchtúr S11/01) le hAguisín A.7.5 den Tuarascáil Dearaidh, lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe scálaithe den tollán agus de na bealaí chuige, agus cuireadh cóipeanna díobh mar GCRR-1700-D-S11-01-020 go GCRR-1700-D-S11-01-027 in **Aguisín A.1.4** a ghabhann leis an bhFreagra seo le go mbeadh sé éasca tagairt a dhéanamh dóibh. Tá tuarascáil ina sonraítear a éasca a bheadh sé Tollán Leacaigh a thógáil, lena n-áirítear an bealach aniar thuige agus an balla coinneála seo, in Aguisín A.7.3 de TMTT agus tá an tuarascáil chéanna le fáil in Aguisín I den Ráiteas Tionchair Natura (NIS), go háirithe Cuid 5.3.4 d'Aguisín A.7.3 de TMTT.

# 2.8 Cairéal Leacaigh – I ndiaidh na Tógála

## 2.8.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1h den IFB:

*Tabhair sonraí de leagan amach deiridh an phlean do Chairéal Leacaigh. Cuir san áireamh an fhéidearthacht atá ann sreabhadh na gné fuaráin chlochraithe a chur ar mhalairt slí laistigh den chairéal chun gné nua fuaráin a chruthú.*

## 2.8.2 Freagra


### 2.8.2.1 Leagan amach deiridh an phlean do Chairéal Leacaigh

Léirítear i bhFíoracha Breise, **Fíoracha 1.8.1 go 1.8.5** atá in Iarscríbhinn 1 le h**Aguisín A.1.11** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo, Cairéal Leacaigh mar atá sé faoi láthair i.e. roimh an tógáil agus an leagan amach atá beartaithe do Chairéal Leacaigh nuair a bheidh CBCG N6 tógtha, lena n-áirítear na bearta maolúcháin atá beartaithe. Áirítear na nithe seo a leanas leis na bearta maolúcháin sin:

- faraí saorga ialtóg a sholáthar
- cobhsú a dhéanamh ar aghaidh na carraige a ndearna pléascadh damáiste di cheana chun nach gcuirfear isteach ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is Iarrthóir Loch Coirib, lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I

Limistéir Sil-leagain Ábhar a dearadh chun aghaidh na carraige a ndearna pléascadh damáiste di a chobhsú agus chun gnáthóg chúiteach éiceolaíoch a chruthú. Is sa chuid thiar thuaidh de Chairéal Leacaigh amháin ó thuaidh den Fhorbairt Bhóthair atá beartaithe is féidir Limistéir Sil-leagain Ábhar a chruthú, mar go mbaintear úsáid as an gcuid thoir thuaidh chun an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ar an bhFabhcún Gorm a mhaolú. Cuireadh ceithre Limistéar Sil-leagain Ábhar i gCairéal Leacaigh i láthair in TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i nDeireadh Fómhair 2018 mar a thaispeántar i **bPláta 2.1** thíos (sliocht as Fíor 7.302 de TMTT).

**Pláta 2.1: Sil-leagan Ábhar i gCairéal Leacaigh**




Aithníodh na Limistéir Sil-leagain Ábhar i gCairéal Leacaigh ar na cúiseanna seo a leanas:

- DA23: Chun cúitimh gnáthóige éiceolaíche a éascú
- DA24: Chun aghaidh na carraige a ndearna pléascadh damáiste di a chobhsú agus chun gnáthóg chúiteach éiceolaíoch a chruthú agus chun a chinntiú gur áit shábháilte í
- DA27: Chun aghaidh na carraige a ndearna pléascadh damáiste di a chobhsú agus chun nach gcuirfear isteach ar limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I lasmuigh do láthair Eorpach
- DA28: Chun aghaidh na carraige a ndearna pléascadh damáiste di a chobhsú agus chun nach gcuirfear isteach ar limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I lasmuigh do láthair Eorpach Baintear úsáid as an gcuid thoir thuaidh den limistéar seo chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an bhFabhcún Gorm a mhaolú.

Téann roinnt tosca i bhfeidhm ar an bplean do Limistéar Sil-leagain Ábhar amhail geoiméadracht, comhdhéanamh, lena n-áirítear na riachtanais maidir le cobhsaíocht fána Limistéar Sil-leagain Ábhar, cobhsaíocht fána a ndearna pléascadh damáiste di, gnáthóg éiceolaíoch a chúiteamh agus a chothabháil. Ag féachaint do na tosca seo, rinneadh athbhreithniú ar na Limistéir Sil-leagain Ábhar tar éis comhairliúchán leis an úinéir talún ceaptar agus forbraíodh leagan amach modhnaithe do na Limistéir Sil-leagain Ábhar agus cinntíodh freisin gur comhlíonadh na ceithre chritéar bunaidh dá bhforbairt freisin.

Rinne speisialtóirí éagsúla comhshaoil measúnú ar na modhnuithe seo ar na Limistéir Sil-leagain Ábhar, lena n-áirítear speisialtóirí éiceolaíochta, tírdhreacha agus amhairc, geoiteicniúla, hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta chun measúnú


comhshaoil a dhéanamh ar shil-leagan ábhar. Níl aon leasuithe breise ar TMTT tar éis an mheasúnaithe sin.

Tar éis an athbhreithnithe sin rinneadh beachtú ar an leagan amach i ndiaidh na tógála atá beartaithe don chairéal mar seo a leanas:

- DA23 a bhaint: Rinneadh athmhúnlú agus mionathrú ar DA28 chun an cúiteamh gnáthóige éiceolaíoch ó DA23 a chur san áireamh, agus mar sin, is féidir fáil réidh le DA23 mar Limistéar Sil-leagain Ábhar ach cloífear le gealltanais eile a tugadh in TMTT i leith an chomhshaoil.
- DA24 a athrú: Rinneadh athmhúnlú ar DA24 agus laghdaíodh a mhéid agus cloífear leis na gealltanais a tugadh in TMTT i leith an chomhshaoil, lena n-áirítear:
    - gealltanais éiceolaíochta i gCuid 8.9.1 de Chaibidil 8, an Bhithéagsúlacht agus Aguisín A.8.26 de TMTT.
    - gealltanais hidreolaíocha i gCuid 11.4.1.5 de Chaibidil 11, Hidreolaíocht TMTT.
- DA 25 a chur leis: Chun spás a chur ar fáil don chúiteamh gnáthóige mar gheall gur laghdaíodh DA24 agus na gealltanais a tugadh in TMTT i leith an chomhshaoil a chomhlíonadh san am céanna, lena n-áirítear:
    - gealltanais éiceolaíochta i gCuid 8.9.1 de Chaibidil 8, an Bhithéagsúlacht agus Aguisín A.8.26 de TMTT.
    - gealltanais hidreolaíocha i gCuid 11.4.1.5 de Chaibidil 11, Hidreolaíocht TMTT.
- DA27 a mhionathrú: Rinneadh athmhúnlú ar DA27 agus laghdaíodh a mhéid ach cloífear leis na gealltanais a tugadh in TMTT i leith an chomhshaoil, lena n-áirítear:
    - gealltanais éiceolaíochta i gCuid 8.9.1 de Chaibidil 8, an Bhithéagsúlacht agus Aguisín A.8.26 de TMTT.
    - gealltanais hidreolaíocha i gCuid 10 de Chaibidil 10.5.3.5, Hidreolaíocht, de TMTT.
    - gealltanais hidreolaíocha i gCuid 11.4.1.5 de Chaibidil 11, Hidreolaíocht TMTT.
- DA28 a mhionathrú: Rinneadh athmhúnlú ar DA28 agus méadaíodh na limistéir chothroma chun spás a chur ar fáil don chúiteamh gnáthóige éiceolaíoch ó DA23, agus mar sin, is féidir fáil réidh le DA23 mar Limistéar Sil-leagain Ábhar ach cloífear leis na gealltanais eile a tugadh in TMTT i leith an chomhshaoil lena n-áirítear:
    - gealltanais éiceolaíochta i gCuid 8.9.1 de Chaibidil 8, an Bhithéagsúlacht agus Aguisín A.8.26 de TMTT.
    - gealltanais hidreolaíocha i gCuid 10 de Chaibidil 10.5.3.5, Hidreolaíocht, de TMTT.
    - gealltanais hidreolaíocha i gCuid 11.4.1.5 de Chaibidil 11, Hidreolaíocht TMTT.

Léiríonn **Pláta 2.2** an leagan amach mionathraithe atá beartaithe.

**Pláta 2.2: Mionathrú atá beartaithe don Sil-leagan Ábhar i gCairéal Leacaigh 2019**




Ní chuireann na mionathruithe atá beartaithe isteach ar na bearta maolúcháin atá in TMTT a cuireadh isteach i nDeireadh Fómhair 2018. Is féidir an limistéar céanna a chur ar fáil chun gnáthóg éiceolaíoch chúiteach a chruthú, agus is féidir an aghaidh oscailte charraige a chobhsú leis an leagan amach mionathraithe. Féach ar **Aguisín A.1.11** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo chun míniúchán mionsonraithe a fháil ar na tograí seo. Mar a luadh thuas, rinne speisialtóirí éagsúla comhshaoil measúnú ar na modhnuithe seo ar na Limistéir Sil-leagain Ábhar, lena n-áirítear speisialtóirí éiceolaíochta, tírdhreacha agus amhairc, geoiteicniúla, hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta chun measúnú comhshaoil a dhéanamh ar shil-leagan ábhar. Níl aon leasuithe breise ar TMTT tar éis an mheasúnaithe sin.

### 2.8.2.2 Gnéithe nua Fuaráin Chlochraithe

D’fhéadfadh sé go bhforbródh gnéithe nua fuaráin chlochraithe i gCairéal Leacaigh mar go dtarlaíonn siad nuair a ghearrann aghaidh an chairéil conairí athlíonta tríd an aolchloch. Is éard atá sna hoibreacha tógála ag aghaidh an chairéil an Limistéar Sil-leagain Ábhar a shocrú agus bearta cobhsaithe fána agus éascaíonn siad araon forbairt nua fuaráin chlochraithe ar an mbealach seo a leanas:

- Mar chuid den Limistéir Sil-leagain Ábhar a shocrú, cothófar córas screamhuisce (idir scaoileadh agus athlíonadh) ach ábhar saorshilteach a úsáid mar a bhfuil an Limistéar Sil-leagain Ábhar i dteagmháil le haghaidh na carraige agus bun an chairéil
- Mar chuid de na bearta chun an fhána a chobhsú don aghaidh oscailte carraige, cothófar an córas screamhuisce trí na scoilteanna agus na scoilteáin atá ann cheana féin nó le poill shilte nuair a bhíonn rois-choincréit de dhíth. Leis na poill silte sin, draenálfaidh an screamhuisce go saor ó aghaidh na carraige agus is dócha go gcruthófar fuaráin nua.

Ar an gcaoi chéanna, tá insreabhadh uisce ann cheana féin isteach sa chairéal, mar a thaispeántar i bhFíor 8.14.8 de TMTT, a d’fhéadfadh iompú inabhfuaráin chlochraithe mar go mbeidh deascadh $CaCO_3$ ann mar gheall ar a chrua a bheith an t-uisce athlíonta agus tarlóidh clochrú. D'fhéadfadh sé go nglacfadh an próiseas seo oiread agus 10 mbliana.

Ar deireadh, má éilíonn an Bord Pleanála é, is féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe gnéithe nua fuaráin a chruthú trí phoill druileála a chur ann (<5cm trastomhas agus c.1-2m ar fhad) ó aghaidh an chairéil isteach sa charraigmhais. Déantar na poill druileála i gcomhréir leis na bearta boltála carraige mar a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil in Aguisín A.7.5 de TMTT. Sa chás go dtrasnaíonn na poill druileála seo conairí nádúrtha athlíonta, atreorófar an sreabhadh, agus tarlóidh fuaráin nua. Mar gheall ar a chrua a bheith an t-uisce athlíonta, beidh deascadh $CaCO_3$ ann agus tarlóidh clochrú. Táthar ag súil go dtosóidh an deascadh ó fhuaráin nua agus ceaptar go dtógfaidh sé thart ar 10 mbliana go mbeidh an carnadh $CaCO_3$ ar thiús a bheadh inchurtha leis an gclochrú atá ann faoi láthair.

## 2.9 N6 CBCG le hais Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe (SBCG) 2006

### 2.9.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1i den IFB:

*Ar mhaithe le soiléireacht, tabhair leagan amach ina bhforleagtar an fhorbairt atá beartaithe ar an togra 2006 do SBCG N6 roimhe seo.*

### 2.9.2 Freagra

Léiríonn Fíoracha Breise, **Fíoracha 1.9.1** agus **1.9.2** in **Aguisín A.1.12** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo an Cuarbhóthar N6 atá Beartaithe do Chathair na Gaillimhe atá forleagtha ar Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 le mapáil chúlra ón aer agus ón bhfionnachtain.

## 2.10 Saoráidí do Choisithe agus don Rothaíocht

### 2.10.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 1j den IFB:

*Tabhair suíomhanna agus sonraí maidir leis na háiseanna trasnaithe atá beartaithe do choisithe agus do rothaithe laistigh den tionscadal beartaithe ar scála cuí.*

### 2.10.2 Freagra

Leagtar amach na saoráidí do choisithe agus do rothaithe atá beartaithe mar chuid den CBCG N6 atá beartaithe i gCuid 5.5.4.2, Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bhóthair atá Beartaithe, de TMTT agus i bhFíoracha 5.1.01 go 5.1.15 de TMTT.

De ghrá na soiléireachta, léiríonn Fíoracha Breise, **Fíoracha 1.10.01** go **1.10.22** in **Aguisín A.1.13** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo, suíomhanna agus sonraí de na saoráidí trasnaithe atá beartaithe do choisithe agus do rothaithe ar Chuarbhóthar N6 atá Beartaithe do Chathair na Gaillimhe ar scála níos soiléire agus áirítear na háiteanna a mbeidh comharthaí bóthair freisin.

# 3 Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú

## 3.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 2 den IFB:

*Tabhair cóip den Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú dá dtagraítear ar fud TMTT.*

### 3.1.1 Freagra

Tá cóip den Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú in **Aguisín A.2.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo. Leagtar amach sa Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú an machnamh a rinneadh ar roghanna agus na próisis a leanadh chun an réiteach iompair ar na fadhbanna tráchta a bhíonn i nGaillimh a aithint.

Cé go gcomhlíonadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe cuspóirí sonracha straitéiseacha i gcomhthéacs fheidhmiúlacht an líonra bóithre náisiúnta sa réigiún, ag céim luath i dtionscadal CBCG N6 a fhorbairt, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar le NTA agus le tacaíocht ó TII, tús le Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a fhorbairt. Cuireann SIG le staidéir a rinneadh ar an iompar cheana agus leagann sé amach creat soiléir chomhtháite don iompar i gCathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird sna 20 bliain seo amach romhainn. Mar chuid den obair seo, ní mór go sainaithneofaí an áit a bhféadfaí bóthar nua a chur agus a ghaire a bheadh sé don chathair chun anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht na mbeart incriminteach iompair a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna iompair i nGaillimh. Dá réir sin, cuireadh CBCG N6 agus SIG chun cinn san am céanna. Mar an gcéanna, leis an measúnú a rinneadh le SIG a fhorbairt, scrúdaíodh an gá le bóthar nua agus deimhníodh go raibh a leithéid ag teastáil. Agus CBCG N6 agus SIG á bhforbairt, breithníodh roghanna éagsúla.

Go hachomair, cuireadh tús le breithniú na roghanna eile le measúnú ar an gcás 'ná déan dada', agus scrúdú ina dhiaidh sin ar an gcaoi a bhféadfadh bearta breise incriminteacha iompair dul i ngleic leis na saincheisteanna atá i nGaillimh faoi láthair sular breathnaíodh ar bhonneagar bóithre a mhéadú. Thosaigh na bearta incriminteacha iompair le bearta siúil, bearta rothaíochta ina dhiaidh sin, rinneadh athbhreithniú ansin ar mhodhanna féideartha iompair phoiblí, agus ina dhiaidh sin, forbraíodh cumraíocht don líonra iompair phoiblí don mhodh is feiliúnaí do Ghaillimh.

Chun an bealach is oiriúnaí le haghaidh forbairt bhóthair ar bith atá beartaithe a aithint, ní mór tuiscint a fháil ar na srianta. Maidir leis sin, rinneadh staidéar bonnlíne cuimsitheach ar an gceantar níos leithne thart ar Ghaillimh. Is féidir na srianta suntasacha maidir le bonneagar iompair nua a fhorbairt i nGaillimh a rangú go príomha mar seo a leanas:

1) Foirm fhisiciúil na cathrach
2) An spás teoranta atá ar fáil

3) An timpeallacht thógtha agus limistéir chónaithe ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe

4) Limistéir éiceolaíochta a chosnaíonn an dlí náisiúnta agus an dlí Eorpach (suíomhanna ainmnithe)

Cuireann foirm fisiciúil na cathrach i dtéarmaí na timpeallachta tógtha agus na timpeallachta nádúrtha agus na limistéar cónaithe ar an dá thaobh d'Abhainn na Gaillimhe, mar aon leis an spás teoranta idir an Loch agus an Cuan agus na láithreacha ainmnithe srianta suntasacha ar bhonneagar nua a fhorbairt don chathair. Mar gheall ar na srianta sin dírítear aird ar an tábhacht a bhaineann leis na roghanna ar fad a bhreithniú chun an tionchar ar an timpeallacht dhaonna agus ar na láithreáin ainmnithe a íoslaghdú.

Chomh maith leis na roghanna a bhreithniú mar chuid de SIG, ar an leibhéal tionscadail CBCG N6 breithníodh rogha 'Dada a Dhéanamh' i gcomhthéacs an líonra agus an bhonneagair iompair atá ann cheana agus a gcumas freastal ar éilimh iompair amach anseo, ceal oibreacha uasghrádaithe ar bith seachas gnáthchothabháil. Ní dhearnadh soláthar ar bith sa rogha seo le haghaidh infheistíocht a dhéanamh i líonra nó bonneagar iompair Chathair na Gaillimhe agus an cheantair máguaird. Rinne sé na fadhbanna suntasacha brú tráchta atá ann ar fud na cathrach níos measa, go háirithe le linn buaicuaireanta, rud atá ag dul i gcion ar acmhainn eacnamaíoch na cathrach agus níor éascaigh sé na bearta a sainaithníodh i mbearta Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme. Toisc nach raibh sé sin sásúil, cuireadh an rogha seo as an áireamh.

Mar an gcéanna, breithníodh ar an rogha 'Íosmhéid a Dhéanamh', agus rinneadh na líonraí agus an bonneagar iompair atá ann cheana mar aon leis na scéimeanna iompair dóchúla agus tiomanta a scrúdú agus breathnaíodh ar a gcumas chun freastal ar éilimh iompair amach anseo. Cinneadh sa mheasúnú ar an rogha 'Íosmhéid a Dhéanamh' cé go mbeadh tairbhe eacnamaíoch níos mó ag baint leis ná mar a bheadh leis an rogha 'Dada a Dhéanamh' ní laghdódh sé an brú tráchta atá ann a oiread sin le go réiteofaí na saincheisteanna iompair foriomlána agus ní fhéadfadh sé éascú a dhéanamh ar na bearta a sainaithníodh i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme ina n-iomláine. Toisc nach raibh sé sin sásúil, cuireadh an rogha seo as an áireamh.

Breithníodh ar an rogha 'Bearta Bainistíochta Tráchta – Rud Éigin a Dhéanamh' agus féachadh le freagairt a thabhairt ar na fadhbanna iompair ach an luach is mó is féidir a bhaint as an mbonneagar reatha gan bonneagar mór nua a thógáil. Áiríodh sa rogha 'Bearta Bainistíochta Tráchta - Rud Éigin A Dhéanamh' feabhsuithe ar shábháilteacht bóithre áitiúla, bearta airgeadaíochta nó bearta rialaithe tráchta chun éileamh ar an mbonneagar iompair a bhainistiú, scéimeanna tosaíochta iompair phoiblí, feabhsuithe ar an soláthar do choisithe agus don rothaíocht agus feabhsuithe teicneolaíochta ar chomharthaí tráchta chun feabhas a chur ar iontaofacht, ar shábháilteacht agus ar an acmhainn oibríochta. Rinneadh measúnú ar an rogha seo ar mhodh incriminteach ag tosú le feabhsuithe ar an iompar poiblí amháin agus ag dul ar aghaidh go SIG a chur chun feidhme ina iomláine. Cé gur oibrigh na bearta sin i dtreo na saincheisteanna iompair i nGaillimh a réiteach, níor réitigh siad an tionchar mór diúltach atá ag an mbrú tráchta agus chuir siad teorainn ar an gcumas cuspóirí na straitéise iompair a bhaint amach. Teastaíonn acmhainn

bhreise don trácht chun freastal ar na riachtanais réigiúnacha straitéiseacha i gcomhthéacs fheidhmiúlacht an líonra bóithre náisiúnta agus chun an taobh thoir agus thiar de Chathair agus de Chontae na Gaillimhe a nascadh chomh maith le SIG a chur chun feidhme a fhreastalaíonn ar an riachtanas áitiúil.

Toisc go bhfuil bonneagar breise bóithre de dhíth, breithníodh líon mór roghanna eile chun an taobh thoir agus thiar de Chathair agus de Chontae na Gaillimhe a nascadh le 'Rogha Bótharbhunaithe - Rud Éigin a Dhéanamh' mar a shonraítear sa Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú. Rinneadh roghanna trasna Loch Coirib agus Chuan na Gaillimhe nó tollán ó chian-iarthar an limistéir staidéir soir a bhreithniú agus fágadh as an áireamh iad toisc nár bhain siad amach na cuspóirí tionscadail ar chúiseanna éagsúla.

Áiríodh leis rogha bótharbhunaithe a fhorbairt measúnú ar scéim Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe roimhe seo in 2006 chomh maith le roghanna nua bealaigh lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar an líonra bóithre atá ann faoi láthair ar a dtugtar an t-uasghrádú ar líne, uasghrádú páirteach ar líne mar aon le bonneagar bóithre nua agus bóthar úrnua. Leis an uasghrádú ar líne ar an N6 atá ann, baineadh úsáid as Droichead na gCúig Chéad atá ann cheana don trácht straitéiseach agus áiríodh leis droichead nua díreach ó dheas uaidh chun freastal ar an trácht áitiúil. Rinneadh staidéir mhionsonraithe chomhshaoil ar an limistéar staidéir ina iomláine ionas go mbeifí ábalta measúnacht chuimsitheach ilchritéar a dhéanamh ar na roghanna éagsúla. Cuimsítear sa mheasúnacht timpeallachta seo agus sna critéir measúnacht ar an tionchar ar dhaoine, ar thithe, agus ar phobail.

Cé gur dearadh CBCG N6 le go rachadh sé timpeall ar an gcathair agus ar na tailte a criosaíodh lena bhforbairt, agus go ndearnadh gach iarracht tithe a sheachaint, ar an drochuair ní féidir na tithe ar fad a sheachaint i bhfianaise líne forbartha na cathrach agus tithe ar feadh gach bóthair a shíneann amach ón gcathair. Mar sin féin, leagfar an líon is lú tithe cónaithe agus is féidir leis an rogha a roghnaíodh, agus ní rachaidh sé i bhfeidhm chomh mór céanna ar an timpeallacht ghlactha. Aithnítear chomh maith go mbeadh bonneagar suntasach innealtóireachta, amhail tollán faoi cSAC Loch Coirib, tollán faoi Ráschúrsa na Gaillimhe, tarbhealach os cionn pábháil aolchloiche lasmuigh de cSAC Loch Coirib agus tarbhealach thar champas spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ina chuid de na bearta deartha chun go mbeifear ábalta an bealach roghnaithe seo a chur chun cinn.

De réir "*Guidelines on a Common Appraisal Framework for Transport Projects and Programmes*" (tugtha cothrom le dáta i Márta 2016) de chuid na Roinne Iompair, rinneadh measúnacht ar na roghanna eile de réir sé chritéar, is iad sin, an Geilleagar, Sábháilteacht, Ghníomhaíocht Fhisiciúil, Comhshaol, Inrochtaineacht agus Cuimsiú agus Comhtháthú Sóisialta.

Nuair a críochnaíodh an measúnú seo, forbraíodh an chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar den rogha is fearr bótharbhunaithe, mar chumasc de roghanna éagsúla bealaigh thar achar an limistéir staidéir, ar measadh go raibh an tionchar is lú acu, le chéile, ar an timpeallacht ghlactha i gcomhthéacs tionchar ar dhaoine, ar an éiceolaíocht agus ar thosca comhshaoil eile.

Mar gheall ar a ghaire a bheidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe don timpeallacht uirbeach, atá ag teastáil chun an réiteach is fearr do chuarbhóthar nua a sholáthar, ní mór 44 teach a leagan chun éascú a dhéanamh ar an tógáil agus ní mór 10 dteach

eile a cheannach mar gheall ar an tionchar a bheidh ar na tithe sin. Beidh tionchar suntasach aige sin ar na daoine atá ina gcónaí sna tithe sin. Mar sin féin, ní mór breathnú air sin agus cothromaíocht a fháil idir é agus na buntáistí foriomlána (a bhfuil níos mó eolais tugtha fúthu in TMTT thíos) a bhaineann leis an bhforbairt bhóthair seo atá beartaithe do thodhchaí na Gaillimhe agus an cheantair máguaird agus do nascacht Réigiún an Iarthair.

Leanadh de mhionathruithe a dhéanamh le linn an deartha chun na tionchair ar an timpeallacht dhaonna a dhíothú agus a laghdú.

# 4 Measúnúacht Chuí

## 4.1 Sonraí Relevé laistigh de cSAC Loch Coirib

### 4.1.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 3a den RFI:

*Tabhair mionsonraí faoi na samplaí d'fhásra (sonraí Relevé) ag gach suíomh ina bhfuil forluí ann idir teorainn na forbartha agus cSAC Loch Coirib (mar a thaispeántar ar Phlátaí 2.3 go 2.6 den NIS) agus suas go cúig shampla in aghaidh gach cineál gnáthóige ag gach suíomh, i gcás ina bhfuil dóthain spáis ar fáil. Tá tagairt eangaí le tabhairt i ndáil le gach ceann acu.*

### 4.1.2 Freagra

D'fhonn a chinntiú go mbeadh dóthain sonraí éiceolaíochta ar fáil mar lón eolais don mheasúnóireacht éiceolaíochta i ndáil le roghanna éagsúla chun deacrachtaí iompair i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird a mhaolú, cuireadh tús le suirbhéanna gnáthóige i limistéar cSAC Loch Coirib i rith na bliana 2013 agus leanadh den obair ón mbliain 2013 go dtí an bhliain 2018.

Mar gheall ar chineál na mbacanna éiceolaíochta taobh istigh den limistéar staidéir a tugadh chun suntais le staidéar boird agus le bearta comhairliúcháin, socraíodh go raibh gá le suirbhéireacht mhionsaothraithe éiceolaíochta ar aon dul lena mbeadh de dhíth maidir le measúnóireacht EIA ionas go gcuirfí malairt roghanna chun cinn a bheadh inghlactha agus go dtabharfaí chun suntais an rogha is lú a mbainfeadh tionchar chun dochair leis ar shuíomh Eorpach. Seo a leanas na bunphrionsabail a bhain le socrú ar a mhine ba ghá na sonraí a bheith i ndáil leis na suirbhéanna sin:

- An mbeidh dóthain sonraí ar fáil chun an bealach is lú damáiste a thabhairt chun suntais (ní amháin maidir le tionchar ar limistéir SAC/SPA ach maidir le gnáthóga neamhainmnithe de chineálacha Iarscríbhinn I agus speicis neamhainmnithe de chineálacha Iarscríbhinn II chomh maith)?
- An bhfuil aon réimsí neamhainmnithe ar fáil faoi láthair de ghnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I nó aon phobal de chineálacha Iarscríbhinn I (éin) / II (gach speiceas eile) a bheadh incháilithe maidir lena dtabhairt san áireamh le limistéar cSAC?
- An dtarlóidh aon tionchar suntasach chun dochair maidir le stádas fabhrach caomhantais aon réimse gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I nó aon phobal/gnáthóg maidir le speicis de chineálacha Iarscríbhinn I (éin) / II agus IV (speicis nach éin)?

Is iad na limistéir a sonraíodh le linn staidéar boird a dhéanamh maidir le suirbhéireacht gnáthóige a dhéanamh iontu, limistéar cSAC Loch Coirib ar an gcéad dul síos, láithreacha éiceolaíochta (i.e. réimsí a bhfuil díol suntais ag baint leo maidir le cúrsaí éiceolaíochta) ar an dara cineál agus réimsí spéisiúla eile ar an tríú cineál agus leagadh amach leibhéal na suirbhéireachta a dhéanfaí maidir le gach réimse go sonrach mar seo a leanas:

i. Rinneadh gach gnáthóg de chineálacha Iarscríbhinn I taobh istigh de limistéar cSAC Loch Coirib a mhapáil de réir chineál pobail an fhásra agus tugadh measúnóireacht ar a riocht/caighdeán san áireamh (céimeanna monatóireachta).

ii. Rinneadh gach gnáthóg eile taobh istigh de limistéar cSAC Loch Coirib a mhapáil i gcomhréir le leibhéal 3 Fossitt le luacháil de réir threoirlínte NRA/CIEEM.

iii. Rinneadh gach láthair éiceolaíochta a sonraíodh a mhapáil i gcomhréir le leibhéal 3 Fossitt le luacháil de réir threoirlínte NRA/CIEEM.

iv. Rinneadh seiceáil gnáthóige maidir le gach réimse eile den limistéar staidéir. Mar chuid den tseiceáil sin, rinneadh meastóireacht achomair orthu i ndáil lena gcosúlacht le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I agus le cineálacha eile gnáthóige a bhfuil fiúntas mór go háitiúil leo de réir NRA/CIEEM. Tugadh faoi mhionmheastóireacht breise luibheolaíochta de réir mar ba ghá de réir chineál pobail an fhásra maidir le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I nó de réir leibhéal 3 Fossitt maille le luacháil de réir threoirlínte NRA/CIEEM maidir le gach cineál eile gnáthóige.

Tugtar cuntas iomlán ar na suirbhéanna sin san EIAR (alt 8.2.4.2 agus Aguisín A.8.1) agus san NIS (alt 4.4.1.1). Chomh maith le suirbhéireacht na bliana 2014, rinneadh suirbhéanna breise idir an bhliain 2015 agus an bhliain 2018 ar feadh Chonair an Rogha Bealaigh de réir mar a bhí eolas ina leith sin ag teacht chun cinn. Rinneadh sin maidir le lón eolais i ndáil leis an measúnóireacht bithéagsúlachta i ndáil leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe i ndáil leis an EIAR agus leis an NIS.

Mar a leagtar amach san EIAR agus san NIS, rinneadh taifeadadh maidir le líon suntasach *relevés*[1] mar chuid den tsuirbhéireacht gnáthóige ar mhaithe le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I a rangú. Tiomsaíodh na sonraí relevé bailíodh mar chuid de na suirbhéanna gnáthóige idir na blianta 2013 agus 2018 ar mhaithe le lón eolais agus bonn fianaise i ndáil le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I ar fud an limistéar suirbhéireachta a rangú. Ó tharla gurbh bacanna príomhthábhachtachta bithéagsúlachta na réimsí gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I i gcomhthéacs an phróiseas roghnúcháin don bhealach, seachnaíodh iad, nuair ab fhéidir sin, maidir leis na roghanna éagsúla don bhealach. Dá bhrí sin, tá mórchuid na relevés a ndearnadh taifeadadh ina leith an tráth sin taobh amuigh de na teorainneacha forbartha atá beartaithe.

De réir mar a iarradh san RFI, tugadh faoi relevés breise, suas le cúig cinn faoi réir ag spás a bheith ar fáil chuige sin, tagairtí eangaí agus grianghraif san áireamh, idir mí Meitheamh agus mí Lúnasa 2019 i ngach áit ina dtrasnaíonn na teorainneacha forbartha beartaithe agus teorainneacha limistéar cSAC Loch Coirib a chéile.

[1]Is ceapach samplála beag fásra atá sa relevé a úsáidtear mar shampla ionadaíoch maidir le réimse gnáthóige níos fairsinge chun tuairisc a thabhairt ar na speicis plandaí atá ar fáil ann agus ar a mhéid atá speiceas amháin seachas speiceas eile ar fáil. Is iondúil go mbíonn achar caighdeánach, ag brath ar chineál faoi leith na gnáthóige, ag baint le relevé, ach braitheann sin freisin ar an úsáid is gá a bhaint as na sonraí atá á mbailiú nó ar an anailís is gá a dhéanamh orthu. Mar shampla, is iondúil ceapach samplála 2m x 2m a úsáid maidir le mórchuid na gcineálacha éagsúla gnáthóige i ndáil lena rangú nó le monatóireacht fhadtéarmach ar an bhfásra agus ceapach níos fairsinge 10m x 10m (nó 20m x 20m i gcásanna áirithe) maidir le rangú nó monatóireacht ar choillearnach.

Pléitear an toradh a bhí ar an suirbhé gnáthóige go mion sa Tuarascáil ar an Suirbhé Gnáthóige in **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI seo, agus tugtar achoimre maidir le torthaí thíos. Léirítear suíomh na relevés agus an réimse a bhaineann leo sna **Fíoracha 2.3.1 go 2.3.05** agus léirítear torthaí iomlána shuirbhé gnáthóige 2019 i **bhFíoracha 2.5.1 go 2.5.15 agus 2.6.1 go 2.6.15** i **Iarscríbhinn 2** le **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI seo.

Cuirtear na tacair sonraí iomlána maidir leis na relevés, comhaid GIS, tagairtí eangaí agus grianghraif san áireamh, ar fáil sna tacair sonraí digiteacha in **Iarscríbhinn 3** le **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI seo.

Faoi réir ag cásanna eisceachta a phléitear níos mine thíos, tá an mhapáil gnáthóige a rinneadh i rith na bliana 2019 mar gheall ar an bhfreagra RFI seo ar aon dul go ginearálta leis an mapáil gnáthóige atá mar chuid den EIAR agus den NIS a cuireadh faoi bhráid ABP i mí Deireadh Fómhair 2018 sa réimse foluiteach idir na teorainneacha forbartha beartaithe agus limistéar cSAC Loch Coirib agus ina dheimhniú maidir leis an ábhar mapála sin.

An t-aon athrú suntasach ar mhapáil gnáthóg a bhaineann leis an NIS a eascraíonn as an 2019 agus a bhfuil tábhacht leis maidir leis an NIS an réimse gnáthóige i Mionlach idir Ch. 10+050 agus 10+100 mar ar sonraíodh réimse breise den Phábháil aolchloiche [*8240] taobh istigh den réimse forluiteach idir na teorainneacha forbartha beartaithe agus limistéar cSAC Loch Coirib (tuairim is 205$m^2$), mar a léirítear i **Léaráid 4.1** agus i **Léaráid 4.2** thíos. Ar shuirbhéireacht a dhéanamh ar an réimse gnáthóige sin i rith na bliana 2019, bhí dóthain den phábháil aolchloiche á chlúdach ag an gcoillearnach go mbeadh sé ag teacht le Pábháil aolchloiche de chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I [*8240]. Rinneadh dá réir sin ceartú ar rangú an réimse gnáthóige sin a rangaítear anois mar Phábháil aolchloiche [*8240].

**Léaráid 4.1: Mapáil Gnáthóige EIAR agus bóthar áise AR 10/01 – Ch. 10+050 go 10+100**




*Nóta:* is í an phábháil aolchloiche atá taobh istigh de na teorainneacha forbartha beartaithe amháin a léirítear sa léaráid thuas

**Léaráid 4.2: 2019 Mapáil Gnáthóige agus EIAR bóthar áise AR 10/01 – Ch. 10+050 go 10+100**




*Nóta:* is í an phábháil aolchloiche atá taobh istigh de na teorainneacha forbartha beartaithe amháin a léirítear sa léaráid thuas

Tá leasú déanta ar an dearadh ar an mbóthar áise beartaithe AR 10/01 ionas go seachnófaí cur isteach go díreach nó go hindíreach ar an réimse seo de phábháil aolchloiche, mar a léirítear i **Léaráid 4.3** thíos. Beidh athúsáid á bhaint as an mbóthar áise atá san áit seo cheana féin agus ní tharlóidh aon obair thógála sa réimse de phábháil aolchloiche. Dá thoradh sin, ní chuireann an t-athrú seo maidir le haicmí gnáthóg isteach ar na bearta measúnóireachta ná ar thoradh na measúnóireachta sin faoi mar a chuirtear i láthair san NIS mar a cuireadh faoi bhráid ABP i mí Deireadh Fómhair 2018 – i.e. ní chaillfear aon réimse a mbaineann tábhacht incháilithe leo maidir le gnáthóg de chineálacha Iarscríbhinn I taobh istigh de limistéar cSAC Loch Coirib mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe.

**Léaráid 4.3: Mapáil Gnáthóige 2019 agus bóthar áise AR 10/01 arna leasú – Ch. 10+050 go 10+100**




*Nóta:* is í an phábháil aolchloiche atá taobh istigh de na teorainneacha forbartha beartaithe amháin a léirítear sa léaráid thuas

Tharla leasuithe beaga eile, nach de chineálacha mórthábhachta iad, maidir leis an mapáil agus an rangú ar ghnáthóga, mar seo a leanas:

- Cuireadh réimsí beaga d'fhéarach taitneamhachta agus d'fhéarach tirim cailcreach agus d'fhéarach neodrach leis an mósáic gnáthóg ar bhruach thiar theas Abhainn na Gaillimhe (Relevés 5880_R1, 5880_R2, 5880_R3 agus 5880_R4)
- Ag ceann an tsruth éalaithe mar atá beartaithe maidir le draenáil ó Bhóthar Ceangail an N59 ó Thuaidh, tá athrú ar rangú na gnáthóige ó chrannteorainneacha agus scrobarnach ar dtús go dtí coillearnach bruachánach mar gheall ar an gceannbhrat a bheith ardaithe agus toir a bheith níos fairsinge le himeacht na mblianta (Relevé 3815_R1)
- Ó tharla go raibh gnáthóg féaraigh tar éis bun a dhéanamh ó thráth na suirbhéireachta roimhe seo, rinneadh réimse talún cóngarach don Bhóthar Nua a athrangú mar fhéarach tirim cailcreach agus neodrach (Fíor 2.10.3)
- Sonraíodh mar gheall ar na sonraí relevé freisin go bhfuil sciar suntasach den scrobarnach freisin sna réimsí forluiteacha i roinnt de na limistéir a rangaítear mar choillearnach darach-fuinseoige-coill (Fíor 2.10.5)

Ní chuireann ceann ar bith de na leasuithe beaga seo, a mbeadh súil leo maidir le mórchuid na gcineálacha éagsúla gnáthóige mar gheall ar bhainistíocht talún agus ar chomharbacht/bunú fásra le himeacht aimsire, isteach ar an ábhar measúnóireachta ná ar an gcomhairle ina leith san NIS a cuireadh faoi bhráid ABP

i mí Deireadh Fómhair 2018 – i.e. níl aon cheann de na réimsí gnáthóige seo ag teacht le haon cheann de chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I agus ní chuirfeadh a gcailliúint isteach, go díreach ná go hindíreach, ar na cuspóirí caomhantais ná ní dhéanfadh sin dochar do shláine Limistéar cSAC Loch Coirib.

Tá bunús go fóill dá bhrí sin le comhairle an NIS mar a cuireadh faoi bhráid ABP i mí Deireadh Fómhair 2018, eadhon, nach dtarlóidh gnáthóg lena bhfuil suntas incháilithe i Limistéar cSAC Loch Coirib a chailliúint mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe agus, dá réir sin, gur féidir leis an údarás inniúil a thabhairt de bhreith, gan aon amhras eolaíochta le réasún, nach mbeidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine limistéar cSAC Loch Coirib.

Ní chuirfidh torthaí shuirbhéanna gnáthóige na bliana 2019, mar a leagtar amach go mion thuas, isteach ar aon láthair Eorpach eile ná ar an ábhar measúnóireachta a chuirtear i láthair san NIS maidir le limistéar SPA Loch Coirib, limistéar cSAC Choimpléacs Chuan na Gaillimhe nó limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh. Tá bunús go fóill dá réir sin le comhairle fhoriomlán an NIS agus ní bheidh tionchar chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha.

Tugtar mionléiriú ar na bearta leasúcháin maidir le mapáil na ngnáthóg agus an dearadh ar an mbóthar áise beartaithe AR 10/01, agus a mbeadh i gceist dá réir maidir leis an lón measúnóireachta agus leis an gcomhairle a chuirtear i láthair san NIS mar a foilsíodh, in **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI seo.

## 4.2 Sonraí Relevé lasmuigh de cSAC Loch Coirib

### 4.2.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 3b den RFI:

*Tabhair samplaí breise d'fhásra (sonraí Relevé) mar thacaíocht don mhapáil ghnáthóige i limistéir eile laistigh de theorainn na forbartha, agus dóthain samplaí a thabhairt in aghaidh an chineáil gnáthóige, ar mhaithe le fíorú eimpíreach na mapála gnáthóige. Tá tagairt eangaí agus grianghraif le tabhairt i ndáil le gach ceann acu.*

### 4.2.2 Freagra

Mar a iarrtar san RFI, rinneadh taifeadadh maidir le líon ba mhó ná 700 relevé idir mí Meitheamh agus mí Lúnasa 2019 taobh istigh de na teorainneacha forbartha beartaithe. Tugtar na torthaí agus ábhar anailíse maidir leis an obair suirbhéireachta sin in **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI seo, agus léirítear suíomh na relevés sna **Fíoracha 2.2.01 go 2.2.09** agus **Fíoracha 2.4.01 go 2.4.120** in **Iarscríbhinn 2** le **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI agus léirítear na sonraí relevé is bonn leis an rangú gnáthóige i ngach réimse gnáthóige sna tacair sonraí digiteacha in **Iarscríbhinn 3** le **Aguisín A.3.1**.

Tugtar mionchuntas ar an modh oibre maidir leis na suirbhéanna a rinneadh i ndáil le mír 3b den RFI in **Alt 3.2** in **Aguisín A.3.1** leis an RFI seo agus tugtar achoimre ina leith anseo síos.

Rinneadh siúlóid ar fud an limistéir taobh istigh de na teorainneacha forbartha beartaithe agus taobh amuigh de limistéar cSAC Loch Coirib d'fhonn gnáthóga a dheimhniú agus grianghrafadóireacht a dhéanamh. Rinneadh seiceáil súl ar na gnáthóga d'fhonn aon athrú maidir le rangú gnáthóige a dhearbhú agus rinneadh taifeadadh grianghrafadóireachta mar thacar sonraí tagartha i ndáil leis an rangú gnáthóige. Chomh maith leis an tseiceáil súl, tógadh samplaí relevé as líon ionadaíoch de na réimsí gnáthóige maidir le gach cineál gnáthóige. Ní mar a chéile an líon relevés a tógadh maidir leis na cineálacha éagsúla gnáthóige ag brath ar na tosca seo a leanas:

- Fiúntas éiceolaíochta an chineál gnáthóige
- Líon na réimsí gnáthóige atá ar fáil ionas go raibh sampláil relevé leordhóthanach agus ionadaíoch á dhéanamh maidir le gnáthóga lena mbaineann líon níos airde réimsí gnáthóige (e.g. réimsí den fhéarach tirim cailcreach agus neodrach GS1)
- Measadh gur leor céatadán sampla níos ísle i ndáil le gnáthóga lena bhfuil fiúntas éiceolaíochta an-bheag (e.g. isteach is amach le 18% de na réimsí d'fhéarach taitneamhachta GA2 a ndearnadh sampláil ina leith)
- An dóigh go mbeadh éagsúlacht níos mó i gceist, rinneadh sampláil de réir chéatadán níos airde ar ghnáthóga a bhféadfadh éagsúlacht níos mó a bheith i gceist taobh istigh de réimsí faoi leith díobh ionas gur cinntíodh éagsúlacht den sórt sin a thabhairt chun suntais (e.g. tarlaíonn éagsúlacht mór maidir le cineálacha fásra i ngnáthóga féaraigh agus d'fhéadfadh dá bhrí sin cúis mhaith a bheith le sampláil de réir chéatadán níos airde ina leith)
- An fiúntas éiceolaíochta agus an dóigh go bhféadfadh réimse gnáthóige a bheith ag teacht le cineálacha gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I sa chaoi is go ndearnadh sampláil de réir chéatadán sampla níos airde ar ghnáthóga áirithe lena mbaineann fiúntas éiceolaíochta níos mó agus a d'fhéadfadh a bheith ag teacht níos géire le gnáthóg de chineálacha Iarscríbhinn I (e.g. féarach tirim cailcreach agus féarach neodrach GS1)

Sa chás go raibh athrú ar an rangú gnáthóige ó thráth na faisnéise a foilsíodh in EIAR na bliana 2018, rinneadh liosta speiceas nó relevé (de réir mar ba chuí) a chur ar taifead i ndáil leis an athrangú.

Ní raibh sampláil relevé oiriúnach maidir leis na cineálacha gnáthóige seo a leanas agus níor tugadh faoina leithéid mar chuid den tsuirbhéireacht gnáthóige: árais cónaithe, gnáthóga uisce (e.g. locha agus aibhneacha), carraig shiliciúil nochta (eibhear), fuaráin chailcreacha, crainn scoite agus fearann páirce, fálta sceach agus crannteorainneacha.

Chomh maith leis na torthaí ar an obair relevé agus ar an obair suirbhéireachta, cuirtear i láthair in **Alt 4.2** in **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI seo, athbhreithniú maidir leis an measúnóireacht EIAR i bhfianaise na n-athruithe maidir le rangú

gnáthóige agus na leasuithe maidir le teorainneacha réimsí gnáthóige a tugadh chun suntais sa bhliain 2019.

Baineann na hathruithe maidir le rangú gnáthóg Fossitt le hathruithe ar chineálacha féaraigh den chuid is mó agus le scrobarnach a theacht chun tosaigh. Baineann an t-athrú is mó maidir le gnáthóga féaraigh le fairsingiú ar an réimse atá faoi fhéarach tirim cailcreach agus faoi fhéarach neodrach (GS1) ó 13.7ha go dtí 43.5ha. Baineann an t-athrú maidir le gnáthóga féaraigh de chineálacha éagsúla le hathrú ar an mbainistíocht maidir le húsáid talún ó thráth shuirbhéanna an EIAR den chuid is mó.

Áirítear ar na hathruithe maidir le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I a rangú:

- athrú réimsí ó chineálacha a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I go dtí cineálacha nach mbaineann le hIarscríbhinn I (athruithe ó *8240, 4030, mósáic 4030/4010, *91E0 agus 6410 go dtí gnáthóga nach de chineálacha Iarscríbhinn I iad)
- athrú ó réimse gnáthóige de chineál amháin de chuid chineálacha Iarscríbhinn I go cineál eile de chineálacha Iarscríbhinn I (athruithe 4030 nó mósáic 4030/4010 go 4010 agus athrú i gcás amháin ó 4010 go *7130)
- athrú ó réimse gnáthóige nach de chineálacha Iarscríbhinn I iad go dtí réimsí gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I (athruithe ó GS4 agus HD1 go 4010, ó ED3 agus HD1 go 4030/4010, ó ED3, GS3, GS4 agus HD1 go 4030, ó WD1, WN2 agus WS1 go *8240, agus athrú i gcás amháin ó GS1 go 6210)

Seo a leanas na príomhnithe le tabhairt chun aire maidir le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I a eascraíonn ó thorthaí shuirbhéireacht na bliana 2019:

- tá an raon cineálacha gnáthóige ar de chineálacha Iarscríbhinn I iad atá ar fáil taobh istigh de na teorainneacha forbartha maidir leis an mbóthar beartaithe ar aon dul lenar foilsíodh san EIAR; tá tuairisc i suirbhéanna na bliana 2019 arís ar an uile chineál gnáthóige a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I a luaitear san EIAR chomh maith le haon chineál gnáthóige breise amháin lena mbaineann réimse beag amháin de chineál *7310 (achar 93m$^2$)
- luaitear 111 réimse gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I san EIAR agus líon iomlán 116 réimse gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I atá san áireamh anois le torthaí suirbhéanna gnáthóige na bliana 2019
- áirítear ar na hathruithe maidir le fairsinge na réimsí gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I:
    - ardú maidir leis an aon réimse amháin de chineál gnáthóige *91E0 ó 0.1h go 0.14ha
    - ardú maidir le líon agus achar réimsí de chineál *8240 ó 2.3ha go 2.71ha
    - aon réimse nua amháin de chineál *7130 lena mbaineann achar 93m$^2$
    - réimsí beaga nua de chineál *6210 taobh istigh de mhósáicí in éineacht le cineál *8240 suas ó thollán Leacaigh
    - ardú maidir le 4010 ó 1.22ha go 1.78ha
    - ísliú maidir le 6210 ó 1.14ha go 0.15ha
    - ardú maidir le 4030 ó 1.96ha go 1.5ha
    - ísliú maidir le 6410 ó 1.02ha go 0.73ha

Eascraíonn athruithe maidir le gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I sna torthaí ar shuirbhéireacht na bliana 2019 ó thosca éagsúla, ina measc:

- imeacht aimsire ó thráth na suirbhéanna roimhe seo
- fásra comharbachta a theacht chun cinn idir an dá linn e.g. tá méadú tarlaithe maidir le scrobarnach a theacht chun cinn ar ghnáthóga féaraigh agus móintí
- athrú maidir leis an mbainistíocht i ndáil le húsáid talún ó rinneadh na suirbhéanna roimhe seo, go háirithe i ndáil le tailte féaraigh
- ardú suntasach maidir le líon na samplaí relevé i ndáil le suirbhéanna na bliana 2019, rud a fhágann mapáil ar scála níos mine
- diansampláil relevé a úsáid sa bhliain 2019 i gcomparáid le cur chuige cumaisc maidir le sampláil relevé agus measúnóireacht de réir scála DAFOR[2] ar fud an réimse forbartha maidir leis an mbóthar beartaithe, rud a fhágann scála níos mine maidir le suirbhéireacht agus rangú na ngnáthóg

Deimhnítear leis na torthaí ar shuirbhéanna na bliana 2019 ar na gnáthóga go mbeidh an tionchar ó fhorbairt bheartaithe an bhóthair mar a chéile ó thaobh chailliúint nó mhilleadh gnáthóige lena leagtar amach san EIAR ach amháin i ndáil le (i) tionchar ar aon réimse beag amháin de ghnáthóg nua de chineálacha Iarscríbhinn I (aon réimse amháin de chineál *7130 le hachar 93m$^2$) agus (ii) athruithe maidir le hachar agus ionad díreach na réimsí gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I a chaillfear. Go hachomair, bunaithe ar thorthaí shuirbhéanna na bliana 2019:

- Níl aon athrú maidir le hachar réimsí dhá chineál gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I (*3180 agus *7220) a chaillfear; ar a thabhairt chun aire nach gcaillfear an t-aon réimse amháin de chineál *3180, faoi mar a measadh de réir thorthaí an EIAR sa bhliain 2018
- Tá laghdú ar achar réimsí trí chineál gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I (6210, 6410 agus 4030) a chaillfear
- Tá ardú ar achar réimsí trí chineál gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I (*91E0, *8240 agus 4010) a chaillfear
- Tá réimse breise amháin (c.0.01ha, achar 93m$^2$) de chineál *7130 a chaillfear
- Tá réimsí beaga de chineál *6210 ag dul i mósáic le cineál *8240 suas ó Thollán Leacaigh a choinneofar agus nach gcaillfear.

Déanfar na bearta maolúcháin agus na bearta cúitimh chéanna a luaitear san EIAR a chur i bhfeidhm chun cailliúint gnáthóige taobh istigh de na teorainneacha forbartha beartaithe a sheachaint, a mhaolú oiread agus is féidir sin agus a chúiteamh chomh maith caighdeán an uisce dromchla agus an screamhuisce sa réimse silte a chosaint, astaíocht deannaigh ó láthair an obair thógála a smachtú, scaipeadh speiceas ionrach de phlandaí neamhdhúchasacha a smachtú agus a chosc, agus a chinntiú nach gcuireann tolláin ná cartadh domhain sa talamh isteach ar shláine struchtúrtha na carraige sa cheantar máguaird. Níl aon chall athrú a chur ar

[2] An scála DAFOR: D = Dominant; A = Abundant, F = Frequent, O = Occasional, R = Rare

aon cheann de na straitéisí maolúcháin ná cúitimh mar gheall ar thoradh ar bith ó shuirbhéireacht gnáthóg na bliana 2019.

Tarlóidh de bharr chailliúint bhuan ghnáthóga de na cineálacha seo a leanas, toradh iarmharach den suntas, ar scálaí tíreolaíochta idir scála na háite agus scála idirnáisiúnta, ar na gnáthóga a liostaítear thíos in **Tábla 4.1**. Ar aon dul lena luaitear san EIAR, tarlóidh cailliúint iarmharach gnáthóige maidir leis na gnáthóga seo a leanas de chineálacha Iarscríbhinn I:

- Foraois ghlárach iarmharach *91E0
- Pábháil aolchloiche *8240
- Móinteach fliuch 4010
- Móinteach tirim 4030
- Féarach cailcreach (nach príomhthábhachtach) 6120
- Bánta *Molinia* 6410

Tá aon ghnáthóg nua amháin de chineálacha Iarscríbhinn I a dtarlóidh cailliúint gnóthóige iarmharach ina leith, eadhon, Bratphortach (gníomhach) *7130.

Tá difríocht i gcásanna áirithe maidir leis na réimsí ina dtarlóidh cailliúint gnáthóige iarmharach i gcomparáid lena gcuirtear i láthair i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht san EIAR agus cuirtear sin i láthair in **Tábla 4.1** thíos atá bunaithe ar Thábla 8.40 san EIAR. Beidh gnáthóg cúitimh[3] á chur ar fáil mar a leagtar amach in **Tábla 4.1** thíos in ionad réimsí den Fhoraois ghlárach iarmharach, den Mhóinteach tirim, den Fhéarach cailcreach agus de na bánta *Molinia* trí réimsí is fairsinge ná an réimse atá á chailliúint mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chur ar fáil.

---

[3] Bearta a dhéantar chun an toradh iarmharach nó an chailliúint bhuan a chúiteamh a tharlaíonn do ghnéithe eiceolaíochta in ainneoin bearta maolúcháin a dhéanamh atá i gceist le cúiteamh (CIEEM, 2016). Is den tábhacht a thabhairt chun aire nach ionann tagairt do "ghnáthóg cúitimh" agus bearta cúitimh i gcomhthéacs na gcoinníollacha faoi Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ó tharla nach cúiteamh i ndáil le cineál tionchair atá i tceist a mbeadh tionchar chun dochair uaidh ar shláine aon cheann de na láithreacha Eorpacha. Go deimhin, ar na cúiseanna a leagtar amach san NIS, thángthas ar an gcomhairle nach dtiocfaidh aon tionchar chun dochair dá shórt ar aon cheann de na láithreacha Eorpacha de thoradh na forbartha ar an mbóthar beartaithe.

**Tábla 4.1: Achoimre maidir le cailliúint iarmharach gnáthóige de chineálacha Iarscríbhinn I Príomhthábhachta/Iarscríbhinn I ar bhearta cúitimh a dhéanamh (leasú ar Tábla 8.40 i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht san EIAR)**

| Gnáthóg de chuid Chineálacha Iarscríbhinn I | Cailliúint Bhuan maidir le Réimse Gnáthóige (EIAR) | Réimsí den Ghnáthóg Cúitimh a Chruthófar (EIAR) | Cailliúint Iarmharach Gnáthóige (EIAR) | An leibhéal Suntais maidir leis an Toradh Iarmharach Iarchúitimh | Cailliúint Bhuan maidir le Réimse Gnáthóige (2019) (Réamhchúitimh) | Cailliúint Bhuan maidir le Réimse Gnáthóige (2019) (Iarchúitimh) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fuaráin chlochraithe [*7220] | Aon ghné fuaráin chlochraithe amháin | n/a | Aon ghné fuaráin chlochraithe amháin | Is dócha toradh iarmharach den suntas ar scála tíreolaíochta an chontae | Aon ghné fuaráin chlochraithe amháin | Aon ghné fuaráin chlochraithe amháin |
| Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | c.0.1ha | c.0.18ha | Náid | Ní dócha aon toradh iarmharach den suntas | c.0.14ha | Náid |
| Pábháil aolchloiche [*8240] | c.0.54ha | n/a | c.0.54ha | Is dócha toradh iarmharach den suntas ar scála tíreolaíochta idirnáisiúnta | c.1.18ha | c.1.18ha |
| Móinteach fliuch [4010] | c.2.06ha | n/a | c.2.06ha | Is dócha toradh iarmharach den suntas ar scála tíreolaíochta náisiúnta | c.2.36ha | c.2.36ha |
| Móinteach tirim [4030] | c.1.85ha | c.7.06ha | Náid | Ní dócha aon toradh iarmharach den suntas | c.1.39ha | Náid |

| Gnáthóg de chuid Chineálacha Iarscríbhinn I | Cailliúint Bhuan maidir le Réimse Gnáthóige (EIAR) | Réimsí den Ghnáthóg Cúitimh a Chruthófar (EIAR) | Cailliúint Iarmharach Gnáthóige (EIAR) | An leibhéal Suntais maidir leis an Toradh Iarmharach Iarchúitimh | Cailliúint Bhuan maidir le Réimse Gnáthóige (2019) (Réamhchúitimh) | Cailliúint Bhuan maidir le Réimse Gnáthóige (2019) (Iarchúitimh) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Móineach fliuch/Móinteach tirim/Mósáic *Molinia* [4010/4030/6410] | c.0.87ha | n/a | c.0.87ha[4] | Is dócha toradh iarmharach den suntas ar scála tíreolaíochta náisiúnta | Náid | Náid |
| Féarach cailcreach [6210] | c.0.7ha | c.7.14ha | Náid | Ní dócha aon toradh iarmharach den suntas | c.0.15ha | Náid |
| Bánta *Molinia* [6410] | c.0.28ha | c.0.49ha | Náid | Ní dócha aon toradh iarmharach den suntas | c.0.07ha | Náid |
| *Bratphortach (gníomhach)* [*7130] | n/a | n/a | n/a | n/a | c.0.01ha (93m$^2$) | c.0.01ha (93m$^2$) Is dócha toradh iarmharach den suntas ar scála tíreolaíochta idirnáisiúnta |

[4]Áirítear mar mhóinteach fliuch i ndáil le measúnacht tionchair agus ní féidir an chailliúint a chúiteamh go díreach..

Ina ainneoin sin, mar a chéile le cás an EIAR, tá roinnt de na gnáthóga de chineálacha Iarscríbhinn I a bheidh á gcailliúint, **taobh amuigh de láithreacha Eorpacha**, nach féidir iad a chúiteamh go díreach. Tarlóidh, dá bhrí sin, toradh iarmharach den suntas ar scála tíreolaíochta idirnáisiúnta maidir le c.1.86ha de Phábháil aolchloiche agus c 0.01ha (93m$^2$) de Bhratphortach (gníomhach) [*7130] a chailliúint agus, ar scála tíreolaíochta náisiúnta, c.2.83ha de Mhóinteach fliuch a chailliúint go buan agus, ar scála tíreolaíochta an chontae, aon ghné amháin d'Fhuarán clochraithe a chailliúint ag Cairéal Leacaigh.

Tá cineálacha áirithe gnáthóige lena bhfuil tábhacht bithéagsúlachta ar leibhéal na háite a chaillfear go buan freisin mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, agus is dócha toradh iarmharach suntasach chun dochair ina leith:

- Fuaráin chailcreacha (FP1)
- Féarach tirim-bogthais aigéadach (GS3)
- Eanach bocht agus borrfhás (PF2)
- Coillearnach (measctha) chrann leathanduilleach (WD1)
- Fálta sceach (WL1)
- Crannteorainneacha (WL2)

I ndáil leo sin, déanfaidh an phlandáil atá beartaithe mar chuid den dearthóireacht pictiúrtha an chailliúint a chúiteamh i ndáil le réimsí den choillearnach (measctha) chrann leathanduilleach (WD1), de na fálta sceach (WL1) agus de chrannteorainneacha (WL2) trí réimsí níos fairsinge a chur ar fáil ná na réimsí a chaillfí go buan mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, mar seo a leanas:

- Coillearnach (measctha) chrann leathanduilleach (WD1) - níos mó ná an 2.62ha a chaillfí
- Fálta sceach (WL1) - níos mó ná an 10.2km a chaillfí
- Crannteorainneacha (WL2) - níos mó ná an 5.4km a chaillfí

Mar gheall ar chúiteamh maidir leis an gcailliúint i ndáil leis na cineálacha gnáthóige sin, ní dócha go dtiocfaidh toradh iarmharach den suntas, ar scála tíreolaíochta ar bith, mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, i ndáil le coillearnach (measctha) chrann leathanduilleach (WD1), fálta sceach (WL1) ná crannteorainneacha (WL2).

Ina ainneoin sin, is dócha go mbeidh toradh iarmharach suntasach chun dochair ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar scála tíreolaíochta áitiúil mar gheall ar chúig ghné dhéag d'fhuaráin chailcreacha (FP1) a chailliúint go hiomlán chomh maith le c.4.42ha den Fhéarach tirim-bogthais aigéadach (GS3) (ísliú ó c.7.81ha faoi mar a chuirtear i láthair san EIAR) agus c.0.25ha den Eanach bocht agus borrfhás (PF2) (ardú ó c.0.13ha faoi mar a chuirtear i láthair san EIAR).

Cé go bpléitear in **Alt 4.1** thuas leis an gceangal idir suirbhéanna na bliana 2019 agus an NIS, is féidir a dheimhniú chomh maith nach gá aon athrú ar an gcomhairle a chuirtear in iúl san NIS mar gheall ar aon athrú ar ghnáthóga taobh amuigh de limistéar cSAC Loch Coirib. Ní thagann ról cothaithe maidir le gnáthóga taobh istigh de limistéar cSAC Loch Coirib ná de láthair Eorpach ar bith eile i gceist le

haon athrú ar réimsí gnáthóige ná ar rangú gnáthóg taobh amuigh de limistéar cSAC Loch Coirib.

## 4.3 Soiléiriú

### 4.3.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3c den IFB:

*Soiléirigh fairsinge Limistéar 1f ar Fhíor 15.1 den NIS.*

### 4.3.2 Freagra

Faoi mar a chuirtear síos air i gCuid 9.1.2.1.1 den NIS (leathanaigh 128 agus 129), coillearnach feá is ea Limistéar 1f lena gcuimsítear limistéar thart faoi 1.58ha. Tá fairsinge iomlán na coillearnaí le feiceáil ar **Phláta 4.4** thíos ar mhaithe le soiléiriú, agus tá formhór na coillearnaí (c. 1.45ha) laistigh de theorainn an cSAC.

**Pláta 4.4: Limistéar 1f**



## 4.4 Mapáil na pábhála aolchloiche

### 4.4.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3d den IFB:

*Tabhair léarscáil mhionsonraithe de charraig aolchloiche nochta agus faoi chumhdach tanaí laistigh de gach suíomh mar a mbíonn teorainn na forbartha ag luí thar chiumhais cSAC Loch Coirib.*

### 4.4.2 Freagra

Bhí carraig aolchloiche nochta agus/nó carraig aolchloiche faoi chumhdach tanaí i láthair i ngach cuid de ghnáthóg phábháil Aolchloiche Iarscríbhinn I a taifeadadh laistigh den limistéar mar a luíonn teorainn na forbartha atá beartaithe thar chiumhais cSAC Loch Coirib.

Mar a iarradh, tugtar léarscáil mhionsonraithe lena dtaispeántar gach limistéar gnáthóige pábhála Aolchloiche [*8240][5] a taifeadadh laistigh de gach suíomh mar a luíonn teorainn na forbartha thar chiumhais cSAC Loch Coirib, sna Fíoracha Breise **Fíor 2.7.01** go **2.7.02** in **Iarscríbhinn 2** in **Agusín A.3.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB. Taispeántar leis na fíoracha seo gach áit inar taifeadadh na cineálacha gnáthóige pábhála Aolchloiche seo a leanas laistigh den limistéar mar a luíonn teorainn na forbartha atá beartaithe agus cSAC Loch Coirib thar chiumhais a chéile.

- Pábháil aolchloiche nochta [*8240]
- Pábháil aolchloiche faoi chumhdach scrobarnaí [*8240]
- Pábháil aolchloiche coille [*8240]
- Mósáic de phábháil aolchloiche nochta [*8240] agus d'Fhéarach cailcreach [6210]
- Mósáic de phábháil aolchloiche faoi chumhdach scrobarnaí [*8240] agus d'Fhéarach cailcreach [6210]

---

[5] Is iad cóid na ngnáthóg a sholáthraítear in […] na cóid le haghaidh chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I tar éis an *Interpretation manual of European Union Habitats EUR28* (CEC, 2013)

## 4.5 Sainmhíniú ar Phábháil Aolchloiche

### 4.5.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3e den IFB:

*Tabhair míniú ar an gcaoi ar cuireadh na critéir maidir le 50% d'aolchloch nochta i bhfeidhm ar an sainmhíniú ar phábháil aolchloiche, lena n-áirítear an scála atá i gceist (dáileacht talún iomlán, méadar cearnach, etc.)*

### 4.5.2 Freagra

Cuireadh critéir 50% i bhfeidhm in dhá chomhthéacs i ndáil le gnáthóga pábhála aolchloiche a shainmhíniú.

1. Úsáideadh tairseach 50%[6] d'aolchloch nochta chun cineál na ngnáthóg pábhála aolchloiche nochta *8240 a idirdhealú ó chineálacha na ngnáthóg féaraigh, fraochmhá agus scrobarnaí (*sensu* Wilson & Fernandez 2013).[7] I dtosach báire, i rith dhigitiú tosaigh na bpolagán, cuireadh sin i bhfeidhm ar scála leathan sa chaoi gur mapáladh limistéir ghnáthóige níos mó agus níos scoite mar pholagáin ar leith go príomha. Níos déanaí allamuigh, feidhmíodh an tairseach 50% ar scála a bhain le paistí níos mine nuair a bhí láithreacht agus líonmhaireacht eilimintí na ngnáthóg laistigh de pholagáin an tsuirbhé á meas.

2. Úsáideadh an tairseach 50%[8] de bhuncharraig an dromchla (lena n-áirítear carraig faoi chumhdach caonach) mar aon chritéar amháin chun idirdhealú a dhéanamh idir cineál ghnáthóga pábhála aolchloiche coille *8240 agus cineál na ngnáthóg coillearnaí nach bhfuil faoi Iarscríbhinn I.

Is fiú sainmhíniú níos mionsonraithe a thabhairt faoin gceist a tarraingíodh anuas sa dara comhthéacs seo. Níl aon treoirlínte nó sainmhínithe ann maidir leis an mbealach ar chóir idirdhealú a dhéanamh idir cineál ghnáthóga pábhála aolchloiche coille *8240 faoi Iarscríbhinn I agus coillearnach nach bhfuil faoi Iarscríbhinn I ina bhfuil roinnt bollán nó carraigeacha aolchloiche. Chun críocha an tionscadail seo, úsáideadh an breithiúnas saineolach ab fhearr, agus sainmhíniú an-leathan réamhchúramach á fheidhmiú ar a bhféadfaí a aicmiú mar chineál ghnáthóga pábhála aolchloiche coille *8240 faoi Iarscríbhinn I. Ba iad *BEC Consultants* a d'fhorbair na critéir bunaithe ar na sainmhínithe agus ar an litríocht fhoilsithe a bhí ar fáil[9], agus a measadh a bheith cuí agus infheidhmithe sa réimse, bunaithe ar chomhthéacs uathúil na hÉireann maidir le pábháil aolchloiche choillearnaí.

---

[6] Ba mhó ná 50% de limistéar gnáthóige ar leith é limistéar na pábhála aolchloiche.

[7] Wilson, S. & Fernández, F. (2013) *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland*. Irish Wildlife Manuals, No. 73. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Éire.

[8] Ba mhó ná 50% de limistéar gnáthóige ar leith é an limistéar aolchloiche ar an dromchla.

[9] An Ard-Stiúrthóireacht Chomhshaoil (Aibreán 2013) *Interpretation Manual of the European Union Habitats*.

Mínítear i gCuid 2.6 d’Iarscríbhinn A.8.5 den TMTT conas a sainmhíníodh pábháil aolchloiche choille *8240 chun críocha an tionscadail seo. Deirtear ar Leathanach 7 d’Iarscríbhinn A.8.5 ‘…*cinneadh don tionscadal seo pábháil aolchloiche choille *8240 a shainmhíniú mar áit ina bhfuil ceannbhrat crann dúnta ar 3m ar airde ar a laghad ina bhfuil in 50% ar a laghad den dromchla comhdhéanta de bhuncharraig ar an dromchla (bhí an bhuncharraig faoi chumhdach caonach de ghnáth) agus ina bhfuil roinnt fianaise ar struchtúr pábhála aolchloiche fós ann.’* Deirtear thairis sin *‘Sna gnáthóga pábhála aolchloiche coille a chonacthas i rith an tsuirbhé seo, bhí ithir i láthair i gcoitinne ach bhí an ithir tanaí (< 2 cm), cé go bhféadfadh sé a bheith níos doimhne in áiteanna – mar shampla, i seanghríoga – mar gheall ar húmas a bheith carntha.’* Faoi mar a míníodh go mion i gCuid 3.2 (leathanach 11) d’Iarscríbhinn A.8.5 *‘Le doimhne na hithreach agus limistéir phábhála aolchloiche nochta agus bolláin, déantar idirdhealú idir na hathraithigh charraigeacha seo faoi Iarscríbhinn I agus leaganacha coillearnaí Darach-fuinseoige-coill WN2 nach bhfuil faoin Iarscríbhinn.’*

Mar achoimre, áiríodh an méid seo a leanas le liosta na gcritéar a chuir luibheolaithe saineolacha i bhfeidhm agus iad allamuigh i mbun suirbhéanna ar ghnáthóga ar Phábháil aolchloiche:

- Ceannbhrat crann dúnta ar 3m ar airde ar a laghad i láthair
- 50% ar a laghad ina bhuncharraig dhromchla (lena n-áirítear carraigeacha faoi chumhdach caonach) ar scála polagáin.
- Fianaise ar struchtúr pábhála aolchloiche e.g. fianaise ar chlinteanna, ar ghríoga nó ar ghnéithe eile lena ndearbhaítear gur dhóichí gur struchtúr pábhála a bheadh i gceist le carraig seachas bolláin nó cnuasaigh bhollán randamacha.
- Ithreacha tanaí (<2 cm), cé mar go mb’fhéidir go raibh sé níos doimhne in áiteanna áirithe, e.g. i seanghríoga
- Ag cur breithiúnas an tsuirbhéara saineolaigh i bhfeidhm agus na fachtóirí thuas ar fad á meas chun déanamh amach, ar an iomlán, cibé acu an mapálfaí an polagán mar *8240, nó i gcás go raibh *8240 in eilimintí beaga den pholagán, mar mhósáic de *8240 in éineacht leis na cineálacha gnáthóg ábhartha eile.

Mar sin, níorbh é an céatadán maidir le cumhdach carraige an t-aon chritéar amháin a úsáideadh. I roinnt cásanna, bhí sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir pábháil aolchloiche coille *8240 agus coillearnach nach bhfuil faoin Iarscríbhinn lenar áiríodh roinnt bollán nó carraigeacha. I gcuid mhaith limistéar a ndearnadh suirbhé orthu, bhí cion ard bollán agus carraigeacha scaipthe chomh maith le ballaí cloiche sleabhctha, rud a chuir le cumhdach na gcarraigeacha ach le hithreacha níos doimhne nó easpa fianaise ar struchtúr pábhála. Sna cásanna sin, cuireadh breithiúnas an tsuirbhéara saineolaigh i bhfeidhm, ag meas na gcritéar aontaithe ar fad (lena n-áirítear an tairseach 50% ar scála polagáin), chun déanamh amach cibé acu an mapálfaí an polagán mar *8240, nó i gcás go raibh *8240 in eilimintí beaga den pholagán, mhapálfaí é mar mhósáic de *8240 ansin in éineacht leis na cineálacha gnáthóg ábhartha eile a bhí i láthair laistigh den mhósáic mar shampla mósáic de *8240 agus 6210 (Féaraigh chailcreacha)

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur leanadh cur chuige coimeádach agus go raibh go leor de na polagáin a aicmíodh mar phábháil aolchloiche coille *8240 an-imeallach agus ar chiumhais a bhféadfaí nó nach bhféadfaí a mheas mar *8240. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bhfuair tromlach na bpolagán a mapáladh mar phábháil aolchloiche coille *8240 an rátáil ab ísle faoin Iarscríbhinn maidir le cáilíocht[10] toisc go meastar gur drochshamplaí de phábháil aolchloiche iad.

## 4.6 Cur síos ar ghnáthóg chun an sruth éalaithe a dhraenáil chuig an Abhainn na Gaillimhe

### 4.6.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3f den IFB:


*Tabhair tuilleadh faisnéise ar ghnáthóga/fhásra laistigh de cSAC ó phointe an tsrutha éalaithe chuig Abhainn na Gaillimhe, lena n-áirítear don díog draenála agus don fhásra atá suite ar gach taobh (25m ar a laghad) feadh fhad iomlán na hAbhann.*

### 4.6.2 Freagra

Sceithfear an sruth éalaithe draenála atá beartaithe ó Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 chuig díog draenála atá ann cheana féin a éalóidh chuig Abhainn na Gaillimhe ar deireadh laistigh de cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib. Taispeántar le **Pláta 4.5.** thíos suíomh an tsrutha éalaithe draenála seo suite. Tá an díog draenála féin comhtheagmhálach leis na gnáthóga mórthimpeall agus i gcóngar an tsrutha éalaithe draenála atá beartaithe, tá bruacha géara gan fhásra agus gan aon fhásra uisceach i láthair.

[10] Mínítear na rátálacha cáilíochta i gCuid 4.4.1.1 agus in Iarscríbhinn G den NIS agus in iarscríbhinní A.8.1 agus A.8.5 den TMTT.

**Pláta 4.5: Sruth Éalaithe Draenála Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59**




Taispeántar suíomhanna gach ceann de limistéir na ngnáthóg atá ar feadh na díge draenála agus cóngarach don fhorbairt bóthair atá beartaithe ar **Fhíor 2.8.01 Iarscríbhinn 2** in **Agusín A.3.1.** Taispeántar cineálacha na ngnáthóg a taifeadadh sa limistéar níos leithne, agus aird á tabhairt ar aicmiúcháin Fossitt agus Iarscríbhinn I, agus na pobail fásra, ar na Fíoracha seo a leanas in Iarscríbhinn G den NIS freisin: Fíoracha 2a agus 2c d'aicmiúcháin Fossitt, Fíoracha 3a agus 3c d'aicmiúcháin Iarscríbhinn I agus Fíoracha 6a agus 6c do phobail an fhásra a taifeadadh.

Déanann an claífort iarnróid atá as úsáid, a ritheann feadh imeall thiar theas na díge draenála, teorainn thiar theas cSAC Loch Coirib, á dealú ó na páirceanna féaraigh talmhaíochta fliche thairis. Bhí an claífort iarnróid atá as úsáid comhdhéanta de mhósáic d'fhéarach fásaigh/neodrach (GS2/GS1)[11], crannteorainn (WL2) agus scrobarnach (GS4). Tugadh cur síos mionsonraithe ar an gcuid is faide thoir den chlaífort iarnróid atá as úsáid mar Limistéar 4.a i gCuid 9.1.2.1.2 den NIS agus bhí sé ag freagairt do phobal féaraigh an *Cynosurus cristatus* – *Trifolium pratense* 3d.

[11] Tá cóid na ngnáthóg a thugtar idir lúibíní de réir *A Guide to Habitats in Ireland* (Fossitt, 2000)

Bhí an chuid is faide thiar den chlaífort agus den díog draenála comhdhéanta de chrannteorainn agus de mhósáic féaraigh fliuch lena n-áirítear *Alnus glutinosa*, *Salix cinerea*, *Picea sitchensis*, *Holcus lanatus*, *Agrostis stolonifera* agus *Calystegia sepium*.

Rinneadh athshuirbhé in 2019 ar an gcuid sin den chlaífort iarnróid atá as úsáid agus ag luí ar chiumhais theorainn na forbartha beartaithe, agus aicmíodh é mar choillearnach bhruachánach (WN5) ar shuntasaí an *Salix cinerea* ann. Taifeadadh speicis na bplandaí seo a leanas i **dTábla 4.1** i relevé a tógadh sa limistéar seo (**relevé 3810_R1**) [12].

**Tábla 4.1: Relevé 3810_R1**

| Speiceas | % de Chumhdach | Speiceas | % de Chumhdach |
|---|---|---|---|
| *Salix cinerea s. oleifolia* | 90 | *Plagiomnium undulatum* | 0.1 |
| *Hedera helix* | 75 | *Frullania dilatata* | 0.1 |
| *Athyrium filix-femina* | 7 | *Cryphaea heteromalla* | 0.1 |
| *Phalaris arundinacea* | 5 | *Orthotrichum affine* | 0.1 |
| *Crataegus monogyna* | 3 | *Metzgeria fruticulosa* | 0.1 |
| *Fraxinus excelsior* | 3 | *Rumex crispus* | 0.1 |
| *Filipendula ulmaria* | 1 | *Hypnum cupressiforme s.s.* | 0.1 |
| *Metzgeria furcata* | 0.1 | *Urtica dioica* | 0.1 |
| *Neckera complanata* | 0.1 | *Ulota crispa* | 0.1 |

Tá limistéir na ngnáthóg eile atá díreach mórthimpeall an tsrutha éalaithe draenála atá beartaithe comhdhéanta de mhósáic d'fhéarach fliuch (GS4), seascann giolcaí (FS1), moing agus borrfhás méith (PF1) agus seascann luibheanna arda (FS2) faoi mar a chuirtear síos orthu mar limistéir 4.b, 4.c agus 4.d i gCuid 9.1.2.1.2 den NIS. Tá an limistéar moinge is borrfháis mhéith (Limistéar 4.c) suite c. 2.5m thoir ó theorainn na forbartha atá beartaithe (agus ní théann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm air go díreach ná go hindíreach) agus d'fhreagair sé do ghnáthóg Iarscríbhinn I Moingeanna alcaileacha [7230]. Díreach ó thuaidh agus thiar ón díog draenála bhí limistéir d'fhéarach fliuch (GS4), féarach neodrach (GS1), scrobarnach (WS1), fraochmhá fliuch (HH3) agus puiteach trasdula (PF3). Déantar cur síos mionsonraithe ar an limistéar d'fhéarach fliuch díreach taobh le sruth éalaithe draenála an N59 atá beartaithe mar Limistéar 4.d i gCuid 9.1.2.1.2 den NIS. Tá an limistéar sin timpeall gach cuid beagnach de phaiste d'fhéarach neodrach/fliuch (GS1) ina bhfuil *Holcus lanatus*, *Centaurea nigra* agus*Anthoxanthum odoratum* le feiceáil agus a d'fhreagair do phobal féaraigh *Cynosurus cristatus – Trifolium pratense* 3d.

Rinneadh cur síos mar seo a leanas ar na trí limistéar d'fhéarach fliuch atá fágtha cóngarach don díog draenála (tá an ceann is gaire c. 25m ó thuaidh agus lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe), ag teacht anoir: bhí *Molinia caerulea*,

[12] Tá tacar sonraí iomlán an relevé curtha san áireamh mar scarbhileog excel a ghabhann leis an gcáipéis seo mar chuid d'Iarscríbhinn A.8.1 leis an bhFreagra IFB seo.

*Lythrum salicaria* agus *Festuca arundinacea* le feiceáil sa chuid ab fhaide thoir, agus d'fhreagair do phobal féaraigh *Molinia caerulea – Succisa pratensis* 1c; bhí *Lythrum salicaria, Potentilla anserina* agus *Filipendula ulmaria* le feiceáil sa chuid ba lárnaí agus d'fhreagair do phobal féaraigh *Agrostis stolonifera – Filipendula ulmaria* 1b; bhí *Alnus glutinosa, Lythrum salicaria, Plantago lanceolata* agus *Succisa pratensis* le feiceáil sa chuid ab fhaide thiar agus d'fhreagair do phobal féaraigh *Agrostis stolonifera – Filipendula ulmaria* 1b freisin.

Amach thar na páirceanna sin d'fhéarach fliuch, ó thuaidh agus thoir, tá limistéir d'fhéarach fliuch (GS4) a fhreagraíonn do chineál ghnáthóg féaraigh mhóinéar Iarscríbhinn I *Molinia* [6410] limistéar ghnáthóg Fhraochmhá fliuch Iarscríbhinn I [4010] , agus limistéar de ghnáthóga Phuiteach trasdula agus portach creatha [7140] Iarscríbhinn I. Gnáthóg atá ina leas cáilitheach de chuid cSAC Loch Coirib is ea gnáthóg mhóinéar *Molinia*.

D'fhreagair gach ceann de na trí limistéar de ghnáthóg mhóinéar *Molinia* Iarscríbhinn I do phobal féaraigh *Molinia caerulea – Succisa pratensis* 1c agus ní théann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm orthu go díreach ná go hindíreach.

Taifeadadh speicis na bplandaí seo a leanas i d**Tábla 4.2** i relevé a tógadh sa chuid ab fhaide thoir de limistéar ghnáthóg mhóinéar *Molinia* (**relevé 215**).

**Tábla 4.2: Relevé 215**

| **Speiceas** | **% de Chumhdach** | **Speiceas** | **% de Chumhdach** |
|---|---|---|---|
| *Agrostis capillaris* | 1 | *Galium palustre* | 0.1 |
| *Agrostis stolonifera* | 5 | *Juncus acutiflorus* | 1 |
| *Anthoxanthum odoratum* | 7 | *Juncus conglomeratus* | 0.5 |
| *Brachythecium rutabulum* | 0.1 | *Juncus effusus* | 1 |
| *Calliergonella cuspidata* | 3 | *Lotus pedunculatus* | 3 |
| *Carex disticha* | 0.5 | *Luzula multiflora* | 0.1 |
| *Carex echinata* | 1 | *Lythrum salicaria* | 0.7 |
| *Carex flacca* | 10 | *Molinia caerulea* | 50 |
| *Carex hostiana* | 5 | *Plagiomnium elatum* | 0.1 |
| *Carex panicea* | 7 | *Plantago lanceolata* | 0.3 |
| *Cirsium dissectum* | 7 | *Potentilla palustris* | 0.5 |
| *Eurhynchium hians* | 0.1 | *Ranunculus acris* | 0.3 |
| *Festuca rubra* | 3 | *Rhytidiadelphus squarrosus* | 1 |
| *Filipendula ulmaria* | 0.5 | *Succisa pratensis* | 35 |

Taifeadadh speicis na bplandaí seo a leanas i d**Tábla 4.3** i relevé a tógadh sa chuid lárnach de limistéar ghnáthóg mhóinéar *Molinia*. (**relevé 216**).

**Tábla 4.3: Relevé 216**

| Speiceas | % de Chumhdach | Speiceas | % de Chumhdach |
|---|---|---|---|
| *Agrostis canina* | 0.5 | *Juncus acutiflorus* | 3 |
| *Agrostis stolonifera* | 30 | *Leontodon autumnalis* | 0.1 |
| *Calliergonella cuspidata* | 5 | *Lotus pedunculatus* | 1 |
| *Cardamine pratensis* | 0.3 | *Lythrum salicaria* | 1 |
| *Carex flacca* | 10 | *Molinia caerulea* | 40 |
| *Carex hostiana* | 1 | *Plantago lanceolata* | 0.3 |
| *Carex nigra* | 5 | *Potentilla erecta* | 0.7 |
| *Carex panicea* | 7 | *Potentilla palustris* | 1 |
| *Carex viridula* | 3 | *Pulicaria dysenterica* | 1 |
| *Cirsium dissectum* | 50 | *Ranunculus acris* | 0.3 |
| *Climacium dendroides* | 0.3 | *Ranunculus flammula* | 0.3 |
| *Filipendula ulmaria* | 3 | *Ranunculus repens* | 0.3 |
| *Fissidens dubius* | 0.1 | *Rhytidiadelphus squarrosus* | 0.3 |
| *Galium palustre* | 5 | *Taraxacum officinale agg.* | 0.1 |
| *Holcus lanatus* | 1 | *Triglochin palustre* | 0.1 |

Taifeadadh speicis na bplandaí seo a leanas i d**Tábla 4.4** i relevé a tógadh sa chuid lárnach de limistéar ghnáthóg mhóinéar *Molinia* (**relevé 47**).

**Tábla 4.4: Relevé 47**

| Speiceas | % de Chumhdach | Speiceas | % de Chumhdach |
|---|---|---|---|
| *Agrostis stolonifera* | 15 | *Juncus acutiflorus* | 35 |
| *Alnus glutinosa* | 1 | *Juncus conglomeratus* | 1 |
| *Anthoxanthum odoratum* | 7 | *Lophocolea bidentata* | 0.1 |
| *Calliergonella cuspidata* | 35 | *Lythrum salicaria* | 1 |
| *Carex echinata* | 1 | *Molinia caerulea* | 30 |
| *Carex flacca* | 1 | *Plantago lanceolata* | 20 |
| *Carex nigra* | 3 | *Potentilla erecta* | 20 |
| *Carex panicea* | 10 | *Rhytidiadelphus squarrosus* | 0.3 |
| *Cirsium dissectum* | 0.5 | *Rumex acetosa* | 0.3 |
| *Festuca arundinacea* | 7 | *Senecio aquaticus* | 0.3 |
| *Festuca rubra* | 3 | *Succisa pratensis* | 15 |
| *Filipendula ulmaria* | 3 | *Trifolium repens* | 0.3 |
| *Galium palustre* | 0.5 | *Valeriana officinalis* | 0.3 |
| *Holcus lanatus* | 5 | | |

Bhí *Myrica gale*, *Festuca arundinacea*, *Molinia caerulea* agus *Filipendula ulmaria* le feiceáil sa limistéar d'Fhraochmhá fliuch agus d'fhreagair sé do phobal fhásra fhraochmhá fliuch *Schoenus nigricans – Molinia caerulea – Myrica gale* WH6. [13]

Bhí *Carex rostrata*, *Carex disticha*, *Iris pseudacorus*, *Ranunculus flammula* and *Potentilla palustris* le feiceáil sa limistéar de Phuiteach trasdula, chomh maith le heaspa speiceas caonaigh dhoinn, agus, mar sin, d'fhreagair sé d'fho-phobal de phobal moinge *Carex rostrata* RFEN1b atá gann ar speicis. Taifeadadh speicis na bplandaí seo a leanas i d**Tábla 4.5** i relevé a tógadh i limistéar na gnáthóige seo (**relevé 48**).

**Tábla 4.5: Relevé 48**

| Speiceas | % de Chumhdach | Speiceas | % de Chumhdach |
|---|---|---|---|
| *Agrostis stolonifera* | 3 | *Galium palustre* | 5 |
| *Calliergon cordifolium* | 60 | *Glyceria fluitans* | 0.1 |
| *Calliergonella cuspidata* | 0.3 | *Iris pseudacorus* | 10 |
| *Cardamine pratensis* | 0.1 | *Juncus acutiflorus* | 25 |
| *Carex disticha* | 40 | *Persicaria amphibia* | 0.3 |
| *Carex elata* | 7 | *Potentilla palustris* | 3 |
| *Carex rostrata* | 30 | *Ranunculus flammula* | 1 |
| *Eleocharis palustris* | 0.1 | *Veronica scutellata* | 0.1 |

Idir an claífort iarnróid atá as úsáid agus Abhainn na Gaillimhe, téann an díog draenála trí limistéar coillearnaí fliche sailí-fearnóige (WN6) atá comhdhéanta de *Alnus glutinosa*, *Salix cinerea*, *Calystegia sepium*, *Urtica dioica*, *Circaea lutetiana*, *Rubus fruticosus*, *Ranunculus repens* agus *Lythrum salicaria*. D'fhreagair an choillearnach sin do phobal fhásra *Alnus glutinosa – Rubus fruticosus* 3b agus do choillte Gláracha ghnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I le *Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion*, *Alnion incanae*, *Salicion albae*) [*91E0]. Taifeadadh speicis na bplandaí seo a leanas i d**Tábla 4.6** i relevé a tógadh i limistéar na gnáthóige seo (**relevé 207**). [14]

[13] Tá na tagairtí do phobail an fhraochmhá agus na moinge de réir mar atá in Perrin, P.M., Barron, S.J., Roche, J.R. & O'Hanrahan, B. (2014). *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Version 2.0. Irish Wildlife Manuals, No. 79*.

[14] Tá na tagairtí do phobail choillearnaí de réir Perrin, P., Martin, J., Barron, S., O'Neill, F., McNutt, K. & Delaney, A. (2008) *National Survey of Native Woodlands 2003-2008. Volume II: Woodland classification*.

**Tábla 4.6: Relevé 207**

| Speiceas | % de Chumhdach | Speiceas | % de Chumhdach |
|---|---|---|---|
| *Agrostis stolonifera* | 35 | *Homalothecium sericeum* | 0.1 |
| *Ajuga reptans* | 0.1 | *Hypericum tetrapterum* | 0.1 |
| *Alnus glutinosa* | 55 | *Hypnum cupressiforme s.s.* | 0.3 |
| *Angelica sylvestris* | 0.5 | *Hypnum resupinatum* | 0.1 |
| *Brachythecium rutabulum* | 0.1 | *Iris pseudacorus* | 1 |
| *Bryum rubens* | 0.1 | *Isothecium myosuroides v. myosuroides* | 0.7 |
| *Calystegia sepium* | 3 | *Lythrum salicaria* | 0.1 |
| *Circaea lutetiana* | 3 | *Metzgeria furcata* | 0.1 |
| *Crataegus monogyna* | 0.3 | *Pellia species* | 0.1 |
| *Dactylis glomerata* | 0.1 | *Ranunculus acris* | 0.1 |
| *Entosthodon obtusus* | 0.1 | *Ranunculus repens* | 0.3 |
| *Equisetum arvense* | 0.1 | *Rosa canina* | 0.3 |
| *Eurhynchium hians* | 0.1 | *Rubus fruticosus agg.* | 20 |
| *Filipendula ulmaria* | 20 | *Rumex sanguineus* | 0.1 |
| *Fissidens taxifolius* | 0.1 | *Salix cinerea* | 30 |
| *Fraxinus excelsior* | 1 | *Sonchus asper* | 0.1 |
| *Frullania dilatata* | 0.1 | *Taraxacum officinale agg.* | 0.3 |
| *Galium aparine* | 0.1 | *Ulota bruchii* | 0.1 |
| *Hedera helix* | 0.3 | *Urtica dioica* | 0.5 |

Siar ó thuaidh ón gcoillearnach, bhí dhá phaiste d'fhéarach fliuch (GS4) agus roinnt *Salix cinerea*, *Rubus fruticosus* agg. agus scrobarnach *Calystegia sepium* (WS1), agus thairis sin, bhí féarach taitneamhachta (GA2) an ghalfchúrsa. Bhí *Elymus repens, Epilobium hirsutum* agus *Calystegia sepium* le feiceáil sa limistéar d'fhéarach fliuch ó dheas agus d'fhreagair sé do phobal féaraigh *Agrostis stolonifera – Filipendula ulmaria* 1b.[15] Bhí *Agrostis stolonifera*, *Calystegia sepium*, *Molinia caerulea* agus*Festuca arundinacea* le feiceáil sa limistéar d'fhéarach fliuch ó thuaidh agus d'fhreagair sé do phobal féaraigh *Molinia caerulea – Succisa pratensis* 1c. Taifeadadh speicis na bplandaí seo a leanas i d**Tábla 4.7** i relevé a tógadh i limistéar na gnáthóige seo (**relevé 228**).

[15] Tá na tagairtí do phobail féaraigh de réir O'Neill, F.H., Martin, J.R., Devaney, F.M. & Perrin, P.M. (2013) *The Irish semi-natural grasslands survey 2007-2012. Irish Wildlife Manuals, No. 78*.

**Tábla 4.7: Relevé 228**

| Speiceas | % de Chumhdach | Speiceas | % de Chumhdach |
|---|---|---|---|
| *Agrostis stolonifera* | 30 | *Filipendula ulmaria* | 7 |
| *Angelica sylvestris* | 1 | *Juncus acutiflorus* | 5 |
| *Calystegia sepium* | 60 | *Juncus conglomeratus* | 0.3 |
| *Carex flacca* | 5 | *Molinia caerulea* | 35 |
| *Festuca arundinacea* | 1 | *Potentilla erecta* | 10 |
| *Festuca rubra* | 7 | *Valeriana officinalis* | 1 |

Mar achoimre, áirítear leis na gnáthóga ar feadh na díge draenála raon ilghnéitheach de chineálacha gnáthóige, lena n-áirítear gnáthóga mhoingeanna Alcaileacha Iarscríbhinn I [7230], móinéar *Molinia* [6410], Fraochmhá fliuch [4010], Puitigh thrasdula agus portach creatha [7140] agus Coillte gláracha iarmharacha [*91E0]. Cé gur leasanna cáilitheacha a bhaineann le cSAC Loch Coirib anois iad gnáthóga na Moingeanna Alcaileacha agus Mhóinéir *Molinia* agus go bhfuil siad i láthair ar feadh na díge draenála, mar a measúnaíodh sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS), ní bheidh siad faoi thionchar na forbartha bóthair atá beartaithe go díreach nó go hindíreach.

## 4.7 Aicmiú Abhainn na Gaillimhe

### 4.7.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 3g den RFI:

*San achoimre ar an láithreán, luaitear ina leith go gcomhlíonann Abhainn na Gaillimhe ceanglais "Sruthchúrsaí de leibhéil machaire go leibhéil sléibhe le fásra Ranunculion fluitantis agus Calitricho-Batrachion [3260]". Ach, de réir an NIS, ní sruthchúrsa den sórt sin í Abhainn na Gaillimhe. Tabhair míniú agus breithniú breise, le do thoil, i dtaobh an mbaineann, nó ar bhain, Abhainn na Gaillimhe leis an gcineál Iarscríbhinn I seo.*

### 4.7.2 Freagra

Luaitear an méid seo a leanas faoi ghnáthóg den chineál seo a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I san achoimre maidir leis an suíomh i ndáil le cSAC Loch Coirib:

'*Cothaíonn roinnt aibhneacha sa limistéar fásra báite agus fásra barr uisce Ranunculionfluitantis agus Callitricho-Batrachion, cineálacha caonaigh san áireamh. Mar shampla, tá Líobhógach Lonrach (Potamogetonlucens), Dréimire Uisce (Potamogetonperfoliatus), Líobhógach Bheag (P. berchtoldii), Duileog Bháite Bhuí(Nuphar lutea), Duileog Bháite Bhán (Nymphaea alba), aol-lusanna (speicis Chara) agus speicis dá leithéid ar fáil in Abhainn na Gaillimhe*.'

Tá an cuntas sin ar speicis plandaí uisce a chuirtear i láthair san achoimre ar an limistéar maidir le cSAC Loch Coirib ag teacht leis an gcuntas forghinearálta ar an

bhfásra uisce in Abhainn na Gaillimhe a chuirtear i láthair in Aguisín K leis an NIS cé go dtugtar sonraí níos mine go mór san NIS faoin réimse áirithe d'Abhainn na Gaillimhe a bhaineann le hábhar agus atá taobh istigh den chrios tionchair maidir leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt.

De réir mar a luaitear sa cháipéis faoi na cuspóirí caomhantais maidir le limistéar cSAC Loch Coirib[16], is beag atá ar eolas faoin áit a bhfuil an ghnáthóg seo de chineál Iarscríbhinn I ar fud an limistéir cSAC agus níl aon mhapaí de na réimsí sin ar fáil. Ní dhéantar tagairt go díreach ach oiread d'aon réimse áirithe faoi leith d'Abhainn na Gaillimhe sa cháipéis faoi na cuspóirí caomhantais ná sa chuntas achoimre ar an láthair. Mar shampla, luaitear i gcáipéis na gcuspóirí gurbh fhiú scrúdú breise a dhéanamh maidir le hAbhainn Chorr na Móna, Abhainn an Rátha, Abhainn na Cille agus aibhneacha eile a shileann isteach sa chuid thiar thuaidh de Loch Coirib i ndáil le heolas a fháil ar na hionaid ina bhfuil an ghnáthóg seo de chineál a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I ar fáil (níl ceann ar bith de chórais na n-aibhneacha sin sa chrios tionchair maidir leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt).

Baineann ábhar iontais le speicis *Chara* a áireamh ar na comharthaí sóirt maidir le fásra droim uisce in aibhneacha ó tharla gur iondúil na speicis sin ar fáil i locha agus i locháin agus nach dá dtréithe fás san áit a mbeadh sruth tréan mar a bhíonn in Abhainn na Gaillimhe. Ní thugtar sa lámhleabhar léirmhíniúcháin maidir le gnáthóga an AE[17] ach cuntas an-ghairid ar an ngnáthóg ar féidir tuiscint an-leathan a bhaint as ionas go dtabharfaí san áireamh fásra abhann de chineál ar bith a bhfuil gnéithe snámha ag baint leis, go háirithe speicis den *Potamogeton*. Dá gcuirfí an tuiscint sin i bhfeidhm, d'fhéadfaí beagnach gach abhainn in Éirinn a lua leis an gcineál gnáthóige seo ach bheadh de thoradh air sin go mbainfí ón bhfiúntas caomhantais praiticiúil a ghabhann le hainmniúchán ó tharla nach ndéantar idirdhealú idir láithreacha a bhfuil cuma mhaith orthu nó fiúntas lena gcaomhnú agus láithreacha atá i ndroch-chaoi nó ina samplaí neamhghnácha. Tugann an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) suntas don sainmhíniú leathanréimseach sin sa tuairisc ar an monatóireacht faoi Airteagal 17[18] ach luaitear sa tuairisc sin chomh maith nach raibh, anuas go dtí an tráth sin, aon sainmhíniú sásúil ar fáil ar an ngnáthóg ná maidir le fochineálacha na gnáthóige ná na hionaid ina bhfuil an ghnáthóg ar fáil ar fud na hÉireann. Is é is dócha gurb é cúis atá le glacadh le sainmhíniú chomh leathanréimseach agus atá in úsáid nach bhfuil cuntais chruinne ar fáil againn ar fhásra nádúrtha barr uisce in aibhneacha na hÉireann i gcodarsnacht le fásra a bhfuil tionchar air ag an duine (i.e. go bhfuil tionchar ar thimpeallacht an uisce ag brú maidir le caighdeán an uisce nó ag brú fisiciúil, dreidireacht mar shampla).

Tá modhanna léirmhíniúcháin níos géire teoranta i bhfeidhm ag dreamanna eile. Sa Ríocht Aontaithe, féachann Hatton-Ellis & Grieve (2003)[19] le cineálacha fásra ar

[16] NPWS (2017) *Conservation Objectives: Lough Corrib SAC 000297. Version 1*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.
[17] An Coimisiún Eorpach (2013). *Interpretation Manual of European Union Habitats, EUR 28*.
[18] NPWS (2013) *The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Habitat Assessments Volume 2*. Version 1.1. Tuairisc Neamhfhoilsithe, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.
[19] Hatton-Ellis, T.W. & Grieve, N. (2003). *Ecology of Watercourses Characterised by Ranunculionfluitantis and Callitricho-Batrachion Vegetation. Conserving Natura 2000 Rivers Ecology Series No. 11*. English Nature, Peterborough.

bharr uisce abhann is fiú a chaomhnú a dhealú ó chineálacha ar beag fiúntas atá leo maidir le cúrsaí caomhantais. Ar an modh léirmhíniúcháin sin a oibriú, ní móide go dtabharfaí an fásra barr uisce abhann ar fad san áireamh maidir le cineál gnáthóige 3260 Iarscríbhinn I. Luaitear in *A Guide to Habitats in Ireland*[20] gur réimsí glana neamhthruaillithe uisce i gcainéal abhann amháin is ceart a áireamh le cineál gnáthóige 3260 Iarscríbhinn I.

I gcás Abhainn na Gaillimhe, cé go bhfuil speicis de leithéid *Potamogeton*, *Myriophyllum* agus *Zannichella* ar fáil, is gné fhánach d'fhásra na habhann iad agus an charaifít *Chara rudis*, chomh maith le *Elodea canadensis*, i bhfad níos fairsinge. Speicis iad sin a cheaptar níos mó le fásra locha agus ní luaitear iad i saothar Fossitt (2000) ná i saothar Hatton-Ellis and Grieve (2003). Luann Stewart & Church (1992)[21] gur annamh a bhíonn speicis *Chara* ar fáil in aibhneacha agus, sna cásanna ina dtarlaíonn, gur nuair is beag sruth a bhíonn faoin abhainn é. Ba chóir a thabhairt chun aire chomh maith gur cainéal Abhainn na Gaillimhe a cuireadh, de bheagán nó de mhórán, ar mhalairt bealaigh i rith an 19ú céad. Anuas air sin, tá fianaise áirithe ar fáil go bhfuil eotrófú tarlaithe. Is é tuairim an tsuirbhéara (an Dr Cilian Roden), nach bhfuil an fásra atá ar fáil in Abhainn na Gaillimhe cóngarach don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt ag teacht le cineál gnáthóige 3260 Iarscríbhinn I agus gur gaire do thréithe fhásra caraifíte loch marla é, mar gheall, cuid mhór, ar algaí caraifíte a bheith ar fáil go fairsing agus a laghad plandaí bláthanna snámha atá ar fáil.

De ghrá na soiléire, luaitear in alt 8.3.3.1.1 de Chaibidil 8 san EIAR (maidir le Bithéagsúlacht) agus in alt 9.1.2.1 den NIS nach bhfuil na réimsí sin d'Abhainn na Gaillimhe a tharlaíonn sa limistéar a ndearnadh suirbhéireacht uisce air ag teacht leis an ngnáthóg de chineál Iarscríbhinn I maidir le Cúrsaí uisce de chineál an mhachaire nó leibhéal sléibhe le fásra *Ranunculionfluitantis* agus *Calitricho-Batrachion* [3260]. Ní hé a luaitear san EIAR ná san NIS nach bhfuil gnáthóg de chineál 3260 Iarscríbhinn I ar fáil ar fud Abhainn na Gaillimhe ar chor ar bith. Mar ba chuí an tráth sin agus is cuí go fóill, bhain an tsuirbhéireacht uisce le réimse d'Abhainn na Gaillimhe atá cóngarach don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus síos an abhainn uaidh mar a oireann i gcás suirbhé den sórt seo agus mar atá de réir san tsárchleachtais. D'fhéadfadh go gcothaítear an cineál seo gnáthóige de chuid Iarscríbhinn I sa chainéal is nádúrtha de chuid Abhainn na Gaillimhe, suas an abhainn ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, ach ó tá sin taobh amuigh den chrios tionchair ionchais maidir leis an mbóthar beartaithe, ní raibh gá agus ní bheadh tairbhe le scrúdú a dhéanamh ar an réimse sin mar chuid den tsuirbhéireacht éiceolaíochta.

Gan bheann ar Abhainn na Gaillimhe a bheith ag teacht le gnáthóg de chineál 3260 Iarscríbhinn I nó a mhalairt, ní bheidh aon tionchar díreach ná indíreach ag forbairt an bhóthair bheartaithe ar ghnáthóga uisce Abhainn na Gaillimhe mar gheall ar an obair dearthóireachta agus ar an straitéis maolúcháin chun caighdeán an uisce sa timpeallacht silte.

---

[20] Fossitt (2000). *A Guide to Habitats in Ireland*. An Chomhairle Oidhreachta.
[21] Stewart, N.F. & Church, J.M (1992). *Red Data Books of Britain & Ireland: Stoneworts.* The Joint Nature Conservation Committee.

Léirítear i bhFíor 8.1.1 agus i bhFíor 8.1.2 den EIAR ionaid agus réimse na suirbhéanna a rinneadh ar na gnáthóga uisce ar mhaithe le measúnóireacht éiceolaíóchta i ndáil leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Tá cóipeanna de na fíoracha sin ar fáil in **Aguisín A.3.3** leis an bhFreagra RFI seo ionas gur furasta tagairt a dhéanamh dóibh.

## 4.8 Measúnacht i leith Féarach Leathnádúrtha

### 4.8.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 3h den RFI:

*Tabhair míniú, le do thoil, i dtaobh conas a cuireadh (nó nár cuireadh) Aguisín 1 de Shuirbhéireacht Fhéarach Leathnádúrtha na hÉireann 2007-2012 i bhfeidhm san NIS a mhéid a bhaineann le cineálacha Iarscríbhinn I a mheas agus a shainmhíniú.*

### 4.8.2 Freagra

Rinneadh gnáthóga féaraigh de chineálacha Iarscríbhinn I a shainsonrú i ndáil le Lámhleabhar Léirmhíniúcháin Ghnáthóga an Aontais Eorpaigh EUR28 agus Suirbhé Thailte Féaraigh Leathnádúrtha na hÉireann 2007-2012.

Luaitear in Aguisín 1 le Suirbhé Thailte Féaraigh Leathnádúrtha na hÉireann 2007-2012 na critéir meastóireachta a ghabhann leis na cúig réimse féaraigh de chineál Iarscríbhinn I a ndearnadh suirbhéireacht orthu i ndáil le Suirbhé Thailte Féaraigh Leathnádúrtha na hÉireann (ISGS).

Baineadh leas as na critéir meastóireachta a luaitear in Aguisín 1 chun struchtúr agus feidhmeanna na ngnáthóg de chineálacha 6210 Féarach cailcreach agus 6410 Bánta Molina a mheas. Baineadh úsáid astu freisin mar lón treorach nuair ba soiléir gan aon rómhoill má bhí pobal féaraigh ag teacht leis na gnáthóga a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I.

Sa chás go raibh pobal féaraigh ag teacht go ginearálta leis na critéir sin ach nach raibh ag teacht leo go díreach, ó tharla gur iondúil gnáthóga féaraigh idir eatarthu maidir le teacht gan aon agó faoi scáth Iarscríbhinn I nó a bheith éagsúil gan aon agó le gnáthóga de chineál Iarscríbhinn I, baineadh leas as breith shainiúil luibheolaí leis an gcáilíocht chuí agus an taithí chuí[22], i ndáil le Lámhleabhar Léirmhíniúcháin Ghnáthóga an Aontais Eorpaigh EUR28 agus Suirbhé Thailte Féaraigh Leathnádúrtha na hÉireann 2007-2012, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceist cibé an dtagann an pobal féaraigh le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I faoi mar a leagtar amach faoi na critéir meastóireachta, ach le struchtúr agus feidhmeanna mífhabhracha nó an pobal féaraigh é nach dtagann faoi scáth

[22] Tugtar liosta de na luibheolaithe a rinne na suirbhéanna gnáthóige in Tábla 8.2 san EIAR agus in Tábla 4.1 san NIS. Is iad a rinne na suirbhéanna ar ghnáthóga talúnda Botanical, Environmental & Conservation (BEC) Consultants Ltd., Scott Cawley Ltd. agus luibheolaithe neamhspleácha éagsúla, ina measc an Dr Joanne Denyer, an Dr John Conaghan, an Dr Janice Fuller, Katharine Duff. Eamon O'Sullivan, Roger Goodwillie, Michelle O'Neill agus Mary O'Connor.

Iarscríbhinn I nó an dtagann sé le gnáthóg de chineál eile a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I.

## 4.9 Ról tacaíochta gnáthóg i leith cSAC Loch Coirib

### 4.9.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 3i den RFI:

*Tabhair míniú i dtaobh cén fáth nach gcuireann gnáthóga Iarscríbhinn I, ná gnáthóga eile ar díol spéise caomhantais iad, ar gnáthóga iad atá lasmuigh den cSAC, ról tacaíochta ar fáil do na gnáthóga atá ann laistigh den cSAC agus, mar an gcéanna, cén fáth nach gcuireann gnáthóga nach gnáthóga Iarscríbhinn I iad agus atá laistigh den cSAC ról tacaíochta ar fáil do na gnáthóga atá ann laistigh den cSAC (mar shampla, féach roinn 2.5.7.5 den NIS).*

### 4.9.2 Freagra

I ndáil leis an ábhar seo, is den tábhacht soiléiriú a thabhairt ón tús go bhfuil réimsí gnáthóige (de chineálacha Iarscríbhinn I agus de chineálacha nach iad) taobh istigh agus taobh amuigh de cSAC Loch Coirib, a bhfuil ról cúltaca leo maidir le gnáthóga taobh istigh de cSAC Loch Coirib – agus áirítear orthu sin na gnáthóga incháilithe maidir le limistéar cSAC Loch Coirib.

Is den tábhacht chomh maith a shoiléiriú nach iad amháin na gnáthóga a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I, ná gnáthóga eile a bhfuil suntas leo maidir le cúrsaí caomhantais, taobh amuigh de cSAC Loch Coirib, a bhfuil ról cúltaca ag baint leo. I gcásanna áirithe, is féidir le gnáthóga ar beag tábhacht atá leo astu féin maidir le cúrsaí caomhantais a bheith ag cothú na ngnáthóg tábhachtach i láthair caomhantais bithéagsúlachta. Mar shampla, tá tábhacht le garaithe feabhsaithe feirmeoireachta maidir le hathlíonadh screamhuisce (cé gur gnáthóg atá ann de chineál a meastar go ginearálta nach mórán fiúntais atá léi maidir le cúrsaí caomhantais) agus d'fhéadfadh gnáthóga i limistéar ainmnithe atá ag brath ar screamhuisce a bheith á gcothú dá réir sin arís.

Tugtar san áireamh leis an bhfreagra i leith an ábhair seo, dá bhrí sin, an dá cheist seo a leanas maidir le gnáthóga a mbeidh tionchar go díreach orthu ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe:

a) an ról cothaithe maidir le gnáthóga taobh istigh de cSAC Loch Coirib atá le gach réimse gnáthóige (de chineálacha Iarscríbhinn I agus de chineálacha nach iad) taobh amuigh de cSAC Loch Coirib, agus

b) an ról cothaithe atá le gnáthóga nach dtagann faoi scáth Iarscríbhinn I taobh istigh de cSAC Loch Coirib maidir le gnáthóga a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I agus go háirithe le gnáthóga incháilithe taobh istigh de cSAC Loch Coirib.

### 4.9.2.1 Na cineálacha gnáthóige taobh istigh de cSAC Loch Coirib a bhféadfadh gnáthóga máguaird a bheith á gcothú ar bhealaí éagsúla a shonrú

Is den tábhacht ar an gcéad dul síos na cineálacha gnáthóige ar fad atá ar fáil taobh istigh de cSAC Loch Coirib a shonrú a bhféadfadh gnáthóga máguaird a bheith á gcothú ar bhealaí éagsúla.

Tá gnáthóga de na cineálacha seo a leanas a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I ar fáil taobh istigh de cSAC Loch Coirib cóngarach don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt nó síos an abhainn uaidh; is gnáthóga incháilithe maidir le limistéar cSAC Loch Coirib iad ar fad seachas cineálacha 6430, 7140 agus *91E0 (maidir leis na hionaid ina bhfuil siad, féach Fíoracha Breise, **Fíor 9.01** in **Iarscríbhinn 2** in **Aguisín A.3.1** leis an bhFreagra RFI seo):

- [3140] Uisce crua olaga-mhéiseatrófach le fásra beantach de speicis *Chara*
- [6410] Bánta *Molinia* ar ithir chailcreach, ithir mhóinteach nó ithir chréúil lán le siolta (*Molinioncaeruleae*)
- [7210] Eanach cailcreach le *Cladiummariscus* agus speicis den *Cariciondavallianae* *
- [7230] Eanach alcaileach
- [6210] Féarach tirim meathnádúrtha agus faiséis scrobarnaigh ar fhoshraitheanna cailcreacha (*FestucoBrometalia*) (*láithreacha tábhachtacha maidir leis an magairlín)
- [8240] Pábháil aolchloiche *
- [6430] Pobail cholbhaí luibheanna arda hidrifiliúla ar leibhéal machaire agus ar leibhéil idir leibhéal sléibhe agus leibhéal Alpach
- [7140] Idirbhogach agus portach creatha
- [91E0] Foraoisí gláracha le *Alnusglutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion*, *Alnionincanae*, *Salicionalbae*) *

Is iad na gnáthóga imeallacha bogaigh thart ar locha Chúil Each atá i gceist leis na cineálacha gnáthóige nach de chineálacha Iarscríbhinn I iad atá ar fáil taobh istigh de cSAC Loch Coirib cóngarach don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt, nó síos an abhainn agus conair ionchais hidreolaíochta i gceist go dtí an bóthar atá beartaithe a fhorbairt, agus a bhfuil baint acu leis na cuspóirí caomhantais maidir leis an limistéar cSAC. Tugtar na gnáthóga imeallacha bogaigh seo san áireamh freisin maidir le cuspóirí caomhantais i leith ghnáthóga de chineál Locha uisce crua [3140] i gcáipéis na gcuspóirí caomhantais maidir le limistéar cSAC Loch Coirib[23]:

- Seascann giolcaigh agus cíbe móire (FS1)
- Seascann luibheanna arda (FS2)
- Féarach fliuch (GS4)

[23]*Conservation Objectives: Lough Corrib SAC 000297. Version 1.* (NPWS, 2017)

- Eanach méith agus borrfhás (PF1)
- Coillearnach fliuch sailí-fearnóige-fuinseoige (WN6)

### 4.9.2.2 An ról cothaithe atá le gach réimse gnáthóige taobh amuigh de cSAC Loch Coirib maidir le gnáthóga taobh istigh de cSAC Loch Coirib

Is iomaí réimse gnáthóige taobh amuigh de cSAC Loch Coirib a chothaíonn gnáthóga taobh istigh den limistéar cSAC. Ní dhéantar plé anseo ina dhiaidh sin féina ch ar na gnáthóga sin amháin a mbeadh forbairt an bhóthair beartaithe ina chur isteach orthu. Áirítear ar na cineálacha gnáthóige thart ar limistéar cSAC Loch Coirib a mbeadh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina chur isteach orthu:

- Foirgnimh agus dromchlaí saorga (bóithre áitiúla agus bealaí/cosáin)
- Féarach taitneamhachta agus féarach feabhsaithe talmhaíochta
- Féarach cailcreach/neodrach
- Féarach fliuch
- Coillearnach feá
- Coillearnach fliuch (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Foraois ghlárach iarmharach [*91E0])
- Fálta sceach
- Crannteorainneacha
- Coillearnach fuinseoige agus coill (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Pábháil aolchloiche[*8240])
- Carraig chailcreach nochta (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Pábháil aolchloiche[*8240])
- Scrobarnach (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Pábháil aolchloiche[*8240])

Is é is tábhachtaí gur (1) gnáthóg ‘thirim' thalúnda agus (2) gnáthóg uisce/bogaigh gach gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I agus gach gnáthóg de chineál nach dtagann faoi scáth Iarscríbhinn I taobh istigh de cSAC Loch Coirib a bhféadfadh gnáthóg taobh amuigh den limistéar cSAC a bheith á chothú. Déantar plé breise orthu sin d'fhonn an modh ina mbeadh ról cothaithe le réimsí gnáthóige taobh amuigh de cSAC Loch Coirib mar a liostaítear thuas i ndáil le gnáthóga áirithe taobh istigh den limistéar cSAC a léiriú chomh maith leis an gcaoi nach mbeidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina chur isteach ar fheidhmiú ról den chineál sin nuair is ann dá leithéid.

***Gnáthóg ‘thirim' thalúnda***

Is iad na gnáthóga 'tirime' talúnda na gnáthóga sin nach bhfuil ag brath ar an réimeas hidreolaíochta reatha ná ar an réimeas hidrigheolaíochta reatha maidir le hiléagsúlacht speiceas a chothú ná maidir le struchtúr ná feidhmiú na gnáthóige – i.e. is ón bhfrasaíocht a thagann an soláthar uisce. I limistéar cSAC Loch Coirib, tá

féarach cailcreach [6210] agus pábháil aolchloiche [*8240] ar fáil. Ar na próisis bitheolaíochta agus comhshaoil lena gcothaítear fairsinge, réimse agus caighdeán/riocht na gnáthóg sin, tá an leibhéal frasaíochta, an leibhéal ábhar cothaithe, pailniú, scaipeadh síolta agus, ní is tábhachtach maidir le féarach cailcreach agus le pábháil aolchloiche, bainistíocht talún atá oiriúnach maidir le gnáthóga de na cineálacha sin.

Ní bhíonn tionchar ag na réimsí gnáthóige taobh amuigh de limistéar cSAC Loch Coirib a liostaítear thuas ar an leibhéal frasaíochta ar bhealach ar bith. D'fhéadfadh ról cothaithe a bheith leo maidir le pobal áitiúil pailneoirí (e.g. beacha) agus speicis fiadhúlra a mbítear ag brath orthu maidir le síolta a scaipeadh (e.g. mamaigh agus éin) ach ar na gnáthóga a mbeidh cur isteach orthu ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a thabhairt san áireamh, agus an sciar íseal go maith acu sin a chaillfí, ní bheidh cur isteach ar na próisis sin chomh mór agus go dtarraingeodh sin cur isteach ar fhairsinge, réimse ná caighdeán/riocht gnáthóige sa cheantar.

Déantar an fhairsinge, an réimse agus an caighdeán a bhaineann le féarach cailcreach agus le pábháil aolchloiche mar chineálacha gnáthóige a choinneáil mar gheall den chuid is mó ar bheostoc nó capaill a chur ar féarach agus trí ábhar cothaithe a thabhairt isteach ar leibhéal nach mbaineann diansaothrú leis, faoi mar a luaitear sa mheasúnóireacht ar riocht na ngnáthóg sin (féach alt 3.4.3 in Aguisín G leis an NIS). Is é leibhéal na bainistíochta maidir leis an talamh is mó a shocraíonn leibhéal an bhrú ar ghnáthóga de na cineálacha seo: d'fhéadfadh éirí as an mbainistíocht nó faillí sa bhainistíocht a fhágáil go dtagann scrobarnach nó raithneach chun cinn, go dtéann an ghnáthóg nó feabhas na gnáthóige ar gcúl agus go dtarlaíonn leathnú ar speicis ionracha de phlandaí neamhdhúchasacha; nuair a tharlaíonn bainistíocht agus saothrú níos déine ar an talamh, d'fhéadfadh treisiú leis an ábhar cothaithe tarlú agus dul ar gcúl na gnáthóige nó fheabhas na gnáthóige. Ó thaobh treisiú le hábhar cothaithe, d'fhéadfadh gnáthóga thart timpeall ar limistéar cSAC Loch Coirib cur leis an ábhar cothaithe a bhíonn ar fáil ó uisce a ritheann le sruth de thalamh feirmeoireachta agus, i gcásanna eile, an láthair a chosaint ar threisiú le hábhar cothaithe ( (nuair a fheidhmíonn siad mar a bheadh bacainn nó réimse maolaithe ann maidir le foinsí an ábhair sin). Ó tharla go mbeidh bealach isteach ar na gabháltais ar fad i gcónaí tar éis an obair thógála a thabhairt chun críche, ní bheidh tionchar ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar na modhanna bainistíochta i ndáil leis na réimsí seo san am atá romhainn ná ar na próisis maidir le bainistíocht talún trína gcothaítear gnáthóga taobh istigh de limistéar cSAC Loch Coirib. Ní chuirfidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe le leibhéal an ábhair cothaithe i limistéar cSAC Loch Coirib agus ní imreoidh sé tionchar ar an leibhéal sin.

***Gnáthóg Uisce/Bogaigh***

Is iad seo a leanas na gnáthóga uisce/bogaigh i limistéar cSAC Loch Coirib a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I: locha uisce crua [3140], bánta *Molinia* [6410], eanach *Cladium*[*7210], eanach alcaileach [7230], colbha luibheanna arda hidrifiliúla [6430], idirbhogach agus portach creatha [7140] agus foraois ghlárach [*91E0]. Is iad na gnáthóga uisce/bogaigh eile i limistéar cSAC Loch Coirib nach dtagann faoi scáth Iarscríbhinn I seascann giolcaigh agus cíbe móire (FS1), seascann luibheanna arda (FS2), féarach fliuch (GS4), eanach méith agus borrfhás (PF1) agus coillearnach fliuch sailí-fearnóige-fuinseoige (WN6). Tá na gnáthóga

bogaigh logánta i limistéar cSAC Loch Coirib ceangailte le tuilemhá Abhainn na Gaillimhe nó le Locha Chúil Each.

Mar a chéile le gnáthóga tirme talúnda, áirítear ar na próisis bitheolaíochta agus comhshaoil trína gcothaítear fairsinge, scaipeadh agus caighdeán/riocht na ngnáthóg uisce agus bogaigh na leibhéil frasaíochta, leibhéil ábhar cothaithe, pailniú, scaipeadh síolta agus, cé go bhféadfadh nach chomh mór céanna é, bainistíocht oiriúnach ar an talamh. Is den ríthábhacht ina dhiaidh sin go bhfuil na gnáthóga uisce agus bogaigh seo ag brath freisin ar an réimeas hidreolaíochta agus ar an réimeas hidrigheolaíochta agus go gcuireann na gnáthóga máguaird leis na réimis sin.

Ach oiread leis an bhféarach cailcreach agus leis an bpábháil aolchloiche a phléitear thuas, ní chuirfidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar an gcaoi a gcothaítear gnáthóga uisce agus bogaigh i limistéar cSAC Loch Coirib maidir le leibhéil frasaíochta, leibhéil ábhar cothaithe, pailniú, scaipeadh síolta agus bainistíocht talún.

Pléitear thíos an chaoi a gcothaítear fairsinge, scaipeadh agus riocht na ngnáthóg uisce agus bogaigh i limistéar cSAC Loch Coirib leis an réimeas hidrigheolaíochta reatha agus an réimeas hidreolaíochta reatha.

Tá Locha Chúil Each ag teacht leis an gcineál gnáthóige Locha uisce crua [3140] faoi Iarscríbhinn I. Tá struchtúr nádúrtha agus feidhmiú nádúrtha na loch, agus dá réir sin fairsinge, scaipeadh agus caighdeán/riocht na ngnáthóg bogaigh atá ceangailte leo (e.g. an gnáthréimse de chineálacha speiceas agus fásra agus a ngnáthstruchtúr), á gcothú go hindíreach ag na gnáthóga máguaird ar dhá bhealach: an ról atá leo maidir leis an leis an réimeas hidrigheolaíochta reatha a choinneáil ar bun; agus an ról atá leo maidir leis an leis an réimeas hidreolaíochta reatha a choinneáil ar bun[24]. Mar a luaitear thuas, tá na gnáthóga uisce/bogaigh imeallacha á dtabhairt san áireamh freisin leis na cuspóirí caomhantais maidir leis an gcineál gnáthóige Loch uisce crua [3140] maidir le struchtúr nádúrtha agus feidhmiú nádúrtha na loch a chothú. Áirítear ar na cineálacha sin seascann giolcaigh agus cíbe móire, bogach, féarach fliuch, eanach agus coillearnach fliuch – réimsí áirithe ag teacht le gnáthóg de chineál bhánta *Molinia* [6410], eanaigh *Cladium* [*7210] agus eanach alcaileach [7230].

Ar an gcéad dul síos, maidir leis an réimeas hidrigheolaíochta reatha agus na gnáthóga locha/bogaigh a chothú, tá baint ag na gnáthóga talúnda máguaird leis sin ó thaobh athlíonadh ar an uiscíoch screamhuisce. Tá síothlú uisce báistí tríd an ithir go dtí an bhuncharraig aolchloiche in íochtar i gceist leis an bpróiseas sin agus rith an uisce ina dhiaidh sin go dtí na fuaráin is foinse screamhuisce maidir le Locha Chúil Each. Tugtar mionchuntas in alt 9.1.4.3 san NIS ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt an bhóthair bheartaithe ar an réimeas screamhuisce mar atá faoi láthair agus déantar cur síos in alt 10.2 agus in alt 10.3 den NIS ar na bearta maolúcháin atá á moladh chun a chinntiú nach gcuirtear isteach ar an réimeas screamhuisce trína gcothaítear córas na mbogach ag Locha Chúil Each. Ar ghné na

[24] Féach 4.13 thíos maidir le plé ar an gcaoi a gcothaítear Éiceachórais Talúnda atá ag Brath ar Screamhuisce i limistéar cSAC Loch Coirib leis an réimeas screamhuisce atá ar fáil faoi láthair.

dearthóireachta agus na bearta maolúcháin atá ceangailte leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a thabhairt san áireamh, ní bheidh tionchar ag aon ghnáthóg a gcuirfí isteach air, gan bheann ar a bheith taobh istigh nó taobh amuigh de limistéar cSAC Loch Coirib, ar an gcaoi a bhfeidhmíonn réimeas hidrigheolaíochta reatha maidir le Locha Chúil Each nó aon cheann de na gnáthóga bogaigh atá ceangailte leo a chothú.

Ar an dara ní, cothaíonn an réimeas hidrigheolaíochta reatha na gnáthóga locha/bogaigh le huisce dromchla a théann le sruth i Locha Chúil Each agus leis an tionchar a bhíonn ag Abhainn na Gaillimhe ar an leibhéal uisce agus ar chaighdeán an uisce i Locha Chúil Each. Tugtar cuntas mion ar na bonnchúinsí hidrigheolaíochta mar atá faoi láthair, de réir mar a bhaineann le hAbhainn na Gaillimhe agus le Locha Chúil Each faoi seach, in alt 3.7.1 agus in alt 3.7.2 in Aguisín B leis an NIS. Go hachomair, tarlaíonn draenáil uisce dromchla go dtí Locha Chúil Each ó réimse abhantrachta cúng go maith, c.2.5km$^2$. Leanann Loch Íochtarach Chúil Each ó Abhainn na Gaillimhe agus bíonn tionchar ar leibhéal an locha ag an leibhéal uisce in Abhainn na Gaillimhe, rud a mbíonn smacht air ag Oifig na nOibreacha Poiblí ag an mbaráiste ag Droichead na mBradán. Mar a phléite in alt 6.4 san NIS, agus níos mine ná sin in alt 5.2 in Aguisín B leis an NIS, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ó thaobh oiread an uisce dromchla ná tuileadh/leibhéal uisce, a thabharfaí faoi deara ar an réimeas hidrigheolaíochta lena gcothaítear Locha Chúil Each ná aon cheann de na gnáthóga bogaigh atá ceangailte leo.

Ní bheidh, ach oiread, aon tionchar ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar leibhéal an uisce dromchla a théann in Abhainn na Gaillimhe ó tharla go ndéantar cóireáil ar an uisce báistí ar fad a ghabhtar in abhantracht Abhainn na Gaillimhe agus a scaoileadh ar ais arís sa chóras uisce dromchla céanna. Dá bharr sin, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ó thaobh oiread an uisce dromchla ná tuileadh/leibhéal uisce, a thabharfaí faoi deara ar an réimeas hidrigheolaíochta, lena gcothaítear ceann ar bith de na gnáthóga bogaigh le tuilemhá Abhainn na Gaillimhe.

Tharlódh ról freisin leis na gnáthóga talúnda thart timpeall ar chórais bogaigh ó thaobh an tionchar a mhaolú a bheadh ag sruthanna droim talún ar chaighdeán an uisce sna locha agus sna haibhneacha ina sileann siad trí fheidhmiú mar bhacainn nó mar umar d'ábhar cothaithe agus/nó scagadh a dhéanamh ar ábhar dríodair nó ar ábhar truaillithe sula dtiocfaidís chomh fada leis an timpeallacht fíoruisce. Ó tharla go mbeidh androichead beartaithe trasna Abhainn na Gaillimhe ardaithe ar phiaraí anonn trasna an ghleanna, ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe dá réir sin maidir le hAbhainn na Gaillimhe féin. Soir ó Abhainn na Gaillimhe, ní tharlóidh aon laghdú ar an acmhainn maolúcháin a bheadh sna gnáthóga thart ar Locha Chúil Each mar gheall ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ó tharla go bhfuil bóithre áitiúla nó réimsí suntasacha coille nó garaithe talmhaíochta idir an dá láthair.

Tá na réimsí sin de ghnáthóg bhánta *Molinia* [6410], eanach *Cladium* [*7210] agus eanach alcaileach [7230] atá ar fáil sa tuilemhá le bruacha Abhainn na Gaillimhe á gcothú ar an gcuma chéanna ag leibhéal mhaoschlár an screamhuisce agus imríonn leibhéal an uisce in Abhainn na Gaillimhe tionchar orthu. Ach oiread le Locha Chúil Each, ní chuirfidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar an réimeas

hidreigeolaíochta reatha le conair Abhainn na Gaillimhe (i.e. ní tharlóidh aon tionchar iarmharach ar an screamhuisce taobh amuigh den teorainn atá leis an bhforbairt bheartaithe) agus ní chuirfear isteach ar fheidhmiú hidreolaíochta Abhainn na Gaillimhe.

***Focal scoir***

Mar fhocal scoir, tá réimsí gnáthóige taobh amuigh de cSAC Loch Coirib a bhfuil ról leo maidir le gnáthóga taobh istigh de cSAC Loch Coirib a chothú. Ina ainneoin sin, ní tharlóidh cur isteach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar an ról atá leis na réimsí gnáthóige sin maidir leis na próisis bitheolaíochta agus comhshaoil trína gcothaítear dá réir fairsinge, réimse agus caighdeán/riocht na ngnáthóg taobh istigh de limistéar cSAC Loch Coirib mar gheall ar ghnéithe den obair dearthóireachta ina leith agus na bearta maolúcháin atá molta a chur i bhfeidhm go héifeachtúil.

### 4.9.2.3 An ról cothaithe atá le gnáthóga nach dtagann faoi scáth Iarscríbhinn I taobh istigh de cSAC Loch Coirib maidir le gnáthóga a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I taobh istigh de cSAC Loch Coirib

Mar a phléitear thuas in **Alt 4.9.2.2** seo a leanas na cineálacha gnáthóige nach dtagann faoi scáth Iarscríbhinn I taobh istigh de cSAC Loch Coirib a mbeadh cur isteach go díreach orthu ag an forbairt an bhóthair beartaithe:

- Foirgnimh agus dromchlaí saorga (bóithre áitiúla agus bealaí/cosáin)
- Féarach taitneamhachta agus féarach feabhsaithe talmhaíochta
- Féarach cailcreach/neodrach
- Féarach fliuch
- Coillearnach feá
- Coillearnach fliuch (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Foraois ghlárach iarmharach [*91E0])
- Fálta sceach
- Crannteorainneacha
- Coillearnach fuinseoige agus coill (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Pábháil aolchloiche[*8240])
- Carraig chailcreach nochta (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Pábháil aolchloiche[*8240])
- Scrobarnach (roinnt de ag teacht le gnáthóg de chineál Iarscríbhinn I Pábháil aolchloiche[*8240])

Seo a leanas na cineálacha gnáthóige a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I atá ar fáil taobh istigh de cSAC Loch Coirib cóngarach don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt nó síos an abhainn uaidh:

- Féarach cailcreach [6210]

- Pábháil aolchloiche[*8240]
- Locha uisce crua [3140]
- Bánta Molinia  [6410]
- Eanach *Cladium*[*7210]
- Eanach alcaileach [7230]
- Colbha luibheanna arda hidrifiliúla [6430]
- Idirbhogach agus portach creatha [7140]
- Foraois ghlárach iarmharach s [*91E0]

Is gnáthóga incháilithe maidir le limistéar  cSAC Loch Coirib a ainmniú iad sin ar fad ach amháin cineálacha 6430, 7140 agus *91E0.

Ar aon dul lena luaitear in **Alt 4.9.2.2**, cothóidh na gnáthóga nach dtagann faoi scáth Iarscríbhinn I i limistéar cSAC Loch Coirib, ar bhealaí éagsúla, na próisis bitheolaíochta agus comhshaoil chéanna trína gcothaítear dá réir fairsinge, scaipeadh agus caighdeán/riocht na ngnáthóg in cSAC Loch Coirib a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I. Ar na cúiseanna céanna a mhínítear thuas, ní thiocfaidh an tionchar ionchais ón bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar ghnáthóga nach dtagann faoi scáth Iarscríbhinn I i limistéar cSAC Loch Coirib i gcion ar leibhéil frasaíochta, ní bheith tionchar chun dochair ar phobail logánta fiadhúlra a mbíonn baint acu le pailniú ná le scaipeadh síolta, ní tharlóidh cur isteach ar leibhéil án ábhar cothaithe, ar bhainistíocht talún sa limistéar cSAC, ná ar fheidhmiú na réimeas reatha hidreigeolaíochta ná  hidreolaíochta.

Is amhlaidh dá bhrí sin go gcuidíonn réimsí gnáthóige de chineálacha nach mbaineann le hIarscríbhinn I taobh istigh de cSAC Loch Coirib le gnáthóga taobh istigh de limistéar cSAC Loch Coirib a chothú. Ina ainneoin sin, ní tharlóidh cur isteach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe ar an ról atá leis na gnáthóga sin de chineálacha nach mbaineann le hIarscríbhinn I, maidir le treisiú leis na próisis bitheolaíochta agus comhshaoil trína gcothaítear dá réir fairsinge, scaipeadh agus caighdeán/riocht na ngnáthóg in cSAC Loch Coirib a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I, mar gheall ar an obair dearthóireachta i leith an bhóthair agus ar na bearta maolúcháin atá molta a chur i bhfeidhm go héifeachtúil.

## 4.10 Soiléiriú maidir le fásra a bhaint

### 4.10.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3j den IFB:

*Le tagairt do Chuid 2.5.4 den NIS, agus go bhfuil sé i gceist gach gnáthóg faoi Iarscríbhinn I laistigh den cSAC a choinneáil, tabhair soiléiriú ar fhairsinge an fhásra a chaithfear a ghlanadh laistigh de theorainn na forbartha.*

### 4.10.2 Freagra

Chun cúrsaí a shoiléiriú, faoi mar a deirtear i gCuid 9.1.4.1 den NIS, agus chun gach amhras a sheachaint, dearbhaítear nach mbainfear *aon* limistéir ina bhfuil gnáthóga atá ina leas cáilitheach faoi Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib i rith na tréimhse a ghlanfar an láithreán nó chun tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú (go deimhin, léirítear sin ar Fhíoracha 14.1 – 14.5 agus 15.1 – 15.5 den NIS). Áirítear laistigh den straitéis maolúcháin (féach ar Chuid 10.1.1 den NIS) an tiomantas chun gach limistéar, ina bhfuil gnáthóga atá ina leas cáilitheach laistigh de cSAC Loch Coirib, agus atá suite laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, a chosaint agus a choinneáil. Léirítear limistéir na ngnáthóg le Fíoracha 14.1 go 14.5 in Imleabhar 3 den NIS mar atá, gnáthóga atá ina leas cáilitheach faoi Iarscríbhinn I laistigh de cSAC Loch Coirib (a bhfuil gach cuid de le coinneáil), agus líne bhuí timpeall orthu, gnáthóga eile faoi Iarscríbhinn I (atá le coinneáil) agus líne bhándearg timpeall orthu, agus limistéir ghnáthóg eile atá le coinneáil (a bhfuil líne dhonn timpeall orthu).

Seachas na limistéir sin atá le coinneáil agus a bhfuil líne timpeall orthu, glanfar amach gach limistéar eile d'fhásra atá laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, chun tógáil agus feidhmiú na forbartha bóthair atá beartaithe a éascú. Déantar cur síos orthu seo i gCuid 9.1.2.1 den NIS agus áirítear leo: bóithre agus cosáin, féaraigh fhliucha, féaraigh fásaigh agus neodracha/chailcreacha, scrobarnach, crannteorainneacha agus coillearnacha (coillearnach feá agus coillearnacha fuinseoige agus choill). D'ainneoin a bhfuil beartaithe chun an fásra seo a bhaint ar fad, áfach, ní fhreagraíonn aon cheann de na gnáthóga seo d'aon chineálacha gnáthóg faoi Iarscríbhinn I, ní limistéir aon cheann díobh atá ina leas cáilitheach de chuid cSAC Loch Coirib, agus maidir le haon ról tacaíochta a sholáthraíonn siad d'aon ghnáthóga dá leithéid laistigh de cSAC Loch Coirib, nó do speicis atá ina leas cáilitheach de chuid cSAC Loch Coirib, ní imreofar tionchar diúltach orthu. Mar sin, ní rachaidh a gcaillteanas siúd ó cSAC Loch Coirib i bhfeidhm ar thréithe agus ar spriocanna na gcuspóirí caomhnaithe a thacaíonn le coinníoll chaomhantais aon cheann de na gnáthóga atá ina leas cáilitheach nó speicis de chuid cSAC Loch Coirib.

## 4.11 An t-am chun bearta cúitimh a bhunú

### 4.11.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 3k den RFI:

*Le haghaidh gach cineál gnáthóige, tabhair léiriú ar an am a thógann sé don ghnáthóg chúiteach atá beartaithe agus atá á moladh i leith aghaidh a thabhairt ar thionchar iarmharacha ar ghnáthóga Iarscríbhinn I lasmuigh d'aon láithreáin Eorpacha luach a shroicheadh atá coibhéiseach le limistéir na gnáthóige coibhéisí a chaillfear mar gheall ar an bhforbairt agus tabhair léiriú i dtaobh an ndéanann sé sin difear do na conclúidí maidir le tionchar iarmharach.*

### 4.11.2 Freagra

Tá mionsonraí iomlána an Phlean Bainistíochta Cúitimh Gnáthóige le haghaidh gach cineál gnáthóige de chuid Iarscríbhinn I a bhfuil bearta cúitimh á ndéanamh ina leith, lena n-áirítear mionsonraí faoi fhaireachán, leagtha amach in Aguisín A.8.26 den EIAR. Ní bearta cúitimh iad sin i gcomhthéacs cheanglais Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ós rud é nach ionann iad agus cúiteamh i leith tionchar a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon láithreáin Eorpaigh. Tá na limistéir ina gcruthófar gnáthóga cúiteacha ar taispeáint i bhFíoracha 8.23.1 go 8.23.14 den EIAR. Is iad seo a leanas na cineálacha gnáthóige de chuid Iarscríbhinn a bhfuil bearta cúitimh le déanamh ina leith:

- Fraochmhánna tirime Eorpacha [4030]
- Féarach tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha (*Festuco-Brometalia*) (*láithreáin thábhachtacha magairlíní) [6210]
- Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla agus siolta iontu (*Molinion caeruleae*) [6410]
- Foraoisí gláracha ina bhfuil *Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion, Alnion incanae*) [*91E0]

Tá na hamscálaí réamh-mheasta maidir le bunú agus soláthar gnáthóige ina bhfuil clúdach agus cáilíocht de chineál atá coibhéiseach leis an gclúdach agus leis an gcáilíocht a chaillfí mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe le haghaidh gach ceann de na gnáthóga atá suite lasmuigh de láithreán Eorpach, leagtha amach anseo thíos agus cuireadh san áireamh iad sa straitéis maidir le gnáthóga cúiteacha in Aguisín A.8.26 den EIAR.

Is ceart a bheith ar an eolas go mbeidh an líon táscach blianta a theastóidh chun gnáthóg a chruthú a mbeidh luach coibhéiseach éiceolaíochta aici leis an gceann a chaillfear ar na láithreáin bhronntacha ag brath ar an riocht ina bhfuil na láithreáin ghabhdóra agus ar na hidirghabhálacha bainistíochta atá le cur i gcrích ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus/nó ag Bonneagar Iompair Éireann (TII). Ach chun a chinntiú go ndearnadh meastóireacht dhocht, baineadh úsáid as cur chuige

réamhchúramach "*cás is measa*" chun na hamscálaí i leith theacht in aibíocht na mbeart cúitimh do ghnáthóga[25].

### 4.11.2.1 Fraochmhánna tirime Eorpacha Iarscríbhinn I [4030]

Sa "chás is measa", thógfadh sé idir 15 bliana agus 25 bliana ar tháscspeicis dhearfacha de chuid gnáthóg chúiteach fraochmhá tirime Eorpaí [4030] iad féin a bhunú agus teacht in aibíocht ar láithreáin ghabhdóra agus luach éiceolaíochta a bhaint amach atá coibhéiseach le luach na láithreán bronntach. Ní déanann sé seo difear do na conclúidí atá leagtha amach san EIAR maidir leis anionchar iarmharach ar an ngnáthóg seo i.e. tar éis na bearta cúitimh a dhéanamh, ní dóigh go mbeidh cailleadh 4030 ina chúis le héifeacht iarmharach shuntasach, de réir aon scála gheografaigh, san fhadtéarma (i.e.>15-25 bliana).

Chun luach coibhéiseach ghnáthóg fraochmhánna tirime Iarscríbhinn I [4030) (dá ngairtear "4030" anseo feasta} a chaillfear, ní mór go bhfreagróidh an ghnáthóg a chruthófar sna láithreáin chúiteacha ghabhdóra do 4030 agus, dá bhrí sin, go mbeidh dóthain táscspeiceas dearfach aibí, bunaithe de chuid an chineál gnáthóige Iarscríbhinn I ann (de réir Perrin *et al*., 2014[26]).

Is é atá sa srian ama is suntasaí maidir le luach coibhéiseach na limistéar 4030 a chaillfear ná an líon iomlán blianta a thógfaidh sé ar na táscspeicis dhearfacha de chuid ghnáthóg 4030, go háirithe *Calluna vulgaris*, chun iad féin a bhunú agus teacht in aibíocht sna láithreáin ghabhdóra. De réir mar atá leagtha mach go mion sa Phlean Bainistíochta Cúitimh Gnáthóige, in Aguisín 8.26 den EIAR, is féidir na bearta éagsúla cúiteacha a chur i bhfeidhm ina n-aonar nó in éineacht lena chéile chun gnáthóg 4030 a chruthú. Cé gur dóigh go ndéanfar cumasc beart cúiteach a chur i gcrích sna láithreáin ghabhdóra (i.e. fóid iomlána, ithreacha agus/nó speicis phlanda a athshuíomh agus leathadh scothán aibí *Calluna vulgaris* agus *Erica cinera*), glacadh cur chuige réamhchúramach agus, dá bhrí sin, tá an líon blianta a mheastar a bheidh ann bunaithe ar bhunú ó shíolta seachas ó athshuíomh fód iomlán. I gcás athshuíomh fód, beidh an líon blianta a bheidh ag teastáil chun luach atá coibhéiseach le luach na gnáthóige a chaillfear a bhaint amach níos ísle nuair a dhéantar comparáid leis na bearta cúiteacha eile, ós rud é go mbeidh táscspeicis dhearfacha 4030, de chineál bunaithe aibí, ann sna fóid cheana féin.

Tá trí phríomhchéim ann i saolré phríomhspeicis 4030, *Calluna vulgaris* i.e. céim théisclime, céim thógála agus céim aibíochta. De ghnáth maireann an chéim théisclime (i.e. ó fhorbairt agus ó bhunú síolóige go dtí an tráth atá an planda forbartha ina thom lánfhoirmithe) idir cúig agus sé bliana. Leanann an chéim thógála an chéim théisclime. Tagann sé sin chun deiridh de ghnáth nuair a bhíonn an planda tuairim is 15 bliana d'aois. Is é atá sa chéim dheireanach ná céim na

---

[25] "Baineann cúiteamh leis na bearta a dhéantar chun cúiteamh a dhéanamh i leith éifeachtaí iarmharacha as a leanann cailleadh gnéithe éiceolaíochta nó damáiste buan do ghnéithe éiceolaíochta, d'ainneoin maolú a dhéanamh" (CIEEM, 2016). Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas nach ionann an tagairt do "gnáthóg chúiteach" agus bearta cúitimh i gcomhthéacs cheanglais Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga ós rud é nach ionann iad agus cúiteamh i leith tionchar a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon láithreáin Eorpaigh. Seachas sin, ar na cúiseanna atá leagtha amach go mion san NIS, níor cinneadh nach leanfaidh éifeacht dhochrach den sórt sin ar aon láithreán Eorpach as an bhforbairt bhóthair atá beartaithe.

26 De ghnáth is é Calluna vulgaris príomhspeiceas 4030. I measc na speiceas eile atá ina gcomhchodanna tábhachtacha de chuid na gnáthóige seo de chuid Iarscríbhinn I, áirítear na cinn seo a leanas: Erica cinerea, Ulex gallii agus Vaccinium myrtillus Perrin, P.M., Barron, S.J., Roche, J.R. & O'Hanrahan, B. (2014).Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, No. 79. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

3Webb, N.R. (1986) Heathlands. Londain William Collins & Sons.

haibíochta agus tagann sí sin chun deiridh nuair a bhíonn an planda tuairim is 25 bliana d’aois (Webb, N.R., 1986[3]). I gcomhthéacs gnáthóg 4030 a athbhunú go riocht fabhrach, d’fhéadfadh téarnamh iomlán fraochmhá lena ngabhann struchtúr ilchineálach tarlú laistigh de 15 bliana tar éis an modh bainistíochta bainte móna a chríochnú (Plantlife, 2016) agus tarlóidh sé laistigh de 25 bliana. Is é atá i gceist leis an modh sin ná fásra neamh-inmhianaithe agus barrithir a thabhairt chun bealaigh ón láithreán agus is é a leanfadh as sin ná dálaí atá inchomparáide le hathshuíomh ithreacha ós rud é go mbeidh an speiceas planda á bhunú ó shíol. De réir staidéar a rinneadh sa Danmhairg, tugadh faoi deara gur éirigh le gnáthóg fhraochmhá í féin a bhunú 22 bhliain tar éis scor d’fheirmeoireacht ar láithreán féaraigh aigéadaigh nuair a úsáideadh modh an chomharbais nádúrtha, agus go raibh flúirse an *Calluna vulgaris* ina cúisle méadú suntasach ar an bhfásra tar éis scor den fheirmeoireacht. Ach ní raibh an speiceas seo ceannasach tar éis 22 bhliain (Degn, 2001[4][27]).

Mar fhocal scoir, trí úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí atá leagtha amach sa phlean maidir le gnáthóga cúiteacha, in Aguisín A.8.26 den EIAR, cinnteofar bunú gnáthóg fraochmhánna Eorpacha [4030] lena ngabhann luach éiceolaíochta atá coibhéiseach leis an luach a chaillfear agus go dtarlóidh sé sin laistigh de thréimhse idir 15 bliana agus 25 bliana.

### 4.11.2.2 Féarach tirim leathnádúrtha Iarscríbhinn I agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha [6210] agus Móinéir *Molinia* Iarscríbhinn I ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla agus síolta iontu (*Molinion caeruleae*) [6410]

Sa “chás is measa”, tógfaidh sé tuairim is 10 mbliana agus 20 bliain ar ghnáthóga 6210 agus 6410 iad féin a bhunú agus teacht in aibíocht ar a láithreáin ghabhdóra faoi seach agus luach éiceolaíochta a bhaint amach atá coibhéiseach le luach na láithreán bronntach faoi seach. Ní dhéanann sé sin difear do na conclúidí atá leagtha amach san EIAR maidir leis an tionchar iarmharach ar na gnáthóga sin i.e. tar éis na bearta cúitimh a dhéanamh, ní bheidh cailleadh 6210 nó 6410 ina chúis le héifeacht iarmharach shuntasach, de réir aon scála gheografaigh, san fhadtéarma (i.e.>10-20 bliain).

Chun luach coibhéiseach na limistéar ina bhfuil féarach tirim leathnádúrtha Iarscríbhinn I agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha [6210] (dá ngairtear “*6210*” anseo feasta) agus móinéir *Molinia* Iarscríbhinn I ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla agus síolta iontu (*Molinion caeruleae*) [6410] (dá ngairtear “*6410*” anseo feasta) a chaillfear, ní mór go bhfreagróidh an ghnáthóg a chruthófar sna láithreáin chúiteacha ghabhdóra do 6210 agus do 6410, faoi seach, agus, dá bhrí sin, go mbeidh dóthain táscspeiceas dearfach aibí, bunaithe de chuid an chineál gnáthóige Iarscríbhinn I ann (de réir Martin *et al*., 2018[28]).

---

[27] Degn, H.J. (2001) Succession from farmland to heathland: a case for conservation of nature and historic farming methods. *Biological Conservation 97* 319-330.

[28] Martin, J.R., O’Neill, F.H. and Daly, O.H. (2018) The monitoring and assessment of three EU Habitats Directive Annex I grassland habitats. *Irish Wildlife Manuals, No. 102*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Éire.

Is é atá sa srian ama is suntasaí maidir leis an riachtanas seo a bhaint amach ná an líon iomlán blianta a thógfaidh sé ar na táscspeicis dhearfacha de chuid na ngnáthóg Iarscríbhinn I seo chun iad féin a bhunú agus teacht in aibíocht sna láithreáin ghabhdóra. De réir mar atá leagtha mach go mion sa Phlean Bainistíochta Cúitimh Gnáthóige, in Aguisín A.8.26 den EIAR, is féidir na bearta éagsúla cúiteacha a chur i bhfeidhm ina n-aonar nó in éineacht lena chéile chun gnáthóg 6210 a chruthú. Cé gur dóigh go ndéanfar cumasc beart cúiteach a chur i gcrích sna láithreáin ghabhdóra (i.e. fóid iomlána/ithreacha oiriúnacha, síolú, leathadh féir (i gcás 6210 amháin), ábhar planda nua-ghearrtha a leathadh (i gcás 6410 amháin) agus/nó coilíniú nádúrtha[29]), glacadh cur chuige réamhchúramach agus, dá bhrí sin, tá an líon blianta atá luaite bunaithe ar bhunú ó shíolta seachas ó athshuíomh fódiomlán. I gcás athshuíomh fód, beidh an líon blianta a bheidh ag teastáil chun luach atá coibhéiseach le luach na gnáthóige a chaillfear a bhaint amach níos ísle nuair a dhéantar comparáid leis na bearta cúiteacha eile, ós rud é go mbeidh táscspeicis dhearfacha, de chineál bunaithe aibí, ann sna gnáthóga Iarscríbhinn I seo cheana féin.

Sa litríocht atá foilsithe faoin ábhar seo luaitear líonta éagsúla blianta mar an líon blianta a thógann sé ar fhéarach atá saibhir ó thaobh speiceas de bunú agus teacht in aibíocht (e.g. féarach cailcreach nó féarach fliuch). De ghnáth, tógann sé idir trí bliana agus cúig bliana ar fhéarach cailcreach bunú agus, tar éis ullmhú láithreáin agus bainistíocht chuí a chur i bhfeidhm, forbróidh féarach atá measartha saibhir ó thaobh speiceas de idir cúig bliana agus deich mbliana (Ashwood, 2014[30]). I staidéar a rinneadh san Ísiltír maidir le féarach cailcreach atá saibhir ó thaobh speiceas de a athbhunú, fuarthas amach gur tharla sé, tar éis 20 bliain, gur éirigh an líon táscspeiceas féaraigh cobhsaí ar an láithreán (Willems & van Nieuwstadt, 1996[31]). I staidéar eile a rinneadh sa Ríocht Aontaithe, fuarthas amach gurbh amhlaidh, tar éis leas a bhaint as cleachtais bhainistíochta bainte cothaitheach, gur tharla athchruthú féaraigh atá saibhir ó thaobh speiceas de laistigh de thréimhse is giorra ná 10 mbliana (Walker *et al.*, 2004[32]).

Mar fhocal scoir, trí na modheolaíochtaí atá leagtha amach sa phlean maidir le gnáthóga cúiteacha, cinnteofar go mbunófar féaraigh thirime leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar fhoshraitheanna cailcreacha (Festuco-Brometalia) (*láithreáin thábhachtacha magairlíní) [6210] agus móinéir Molinia ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla agus síolta iontu (Molinion caeruleae) [6410] lena ngabhann

---

29 Táthar ar an eolas go bhféadfadh sé go dtógfaidh sé roinnt blianta ar bheart cúiteach an choilínithe nádúrtha sula mbunaítear an speiceas inmhianaithe (Croft, A. & Jefferson R. G. (eagarthóirí) (1999)The Lowland Grassland Management Handbook, 2ú hEagrán.) agus, dá bhrí sin, moladh nach gcuirtear i bhfeidhm é ach amháin in éineacht le bearta cúiteacha áirithe eile nó in éineacht leis na bearta cúiteacha uile eile.

30 Ashwood, F. (2014). *Lowland Calcareous Grassland Creation and Management in Land Regeneration. BPG Note 18 Best Practice Guidance for Land Regeneration.* Forest Research, Alice Holt Lodge, Farnham, Surrey, GU10 4LH, an Ríocht Aontaithe.

31 Willems, J.H. and M.L.G. van Nieuwstadt (1996) Long-term after-effects of fertilization on above-ground phytomass and species diversity in calcareous grassland. *Journal of Vegetation Science* 7:177–184.

32 Walker, K.J., Stevens, P.A., Stevens, D.P., Mountford, J.O., Manchester, S.J. & Pywell, R.F. (2004) The restoration and re-creation of species-rich lowland grassland on land formerly managed for intensive agriculture in the UK. *Biological Conservation* 119 1-18.

luach éiceolaíochta atá coibhéiseach leis an luach a chaillfear agus go dtarlóidh sé sin laistigh de thréimhse idir 10 mbliana agus 20 bliain.

#### 4.11.2.3 Gnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I Foraoisí gláracha ina bhfuil *Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion, Alnion incanae*) [*91E0]

Sa "chás is measa", d'fhéadfadh sé go dtógfaidh sé idir 20 bliain agus 50 bliain ar ghnáthóg chúiteach *91E0 í féin a bhunú agus teacht in aibíocht ar láithreán gabhdóra agus luach éiceolaíochta a bhaint amach atá coibhéiseach le luach na láithreán bronntach. Ní dhéanann sé sin difear do na conclúidí atá leagtha amach san EIAR maidir leis an ngnáthóg seo i.e. tar éis na bearta cúitimh a dhéanamh, ní bheidh cailleadh *91E0 ina chúis le héifeacht iarmharach shuntasach, de réir aon scála gheografaigh, san fhadtéarma (i.e.>50 bliain).

Chun luach coibhéiseach limistéir ghnáthóg thosaíochta Iarscríbhinn I - Foraoisí gláracha ina bhfuil *Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion, Alnion incanae*) [*91E0] (dá ngairtear "*91E0" anseo feasta) a chaillfear, ní mór go bhfreagróidh an ghnáthóg ag an láithreán gabhdóra do *91E0 agus, dá bhrí sin, go gcuimseoidh sé dóthain táscspeiceas dearfach, de chineál bunaithe agus aibí, den chineál seo gnáthóige de chuid Iarscríbhinn I (de réir Perrin *et al.*, 2008[33]).

Is é atá sa srian ama is suntasaí maidir leis an riachtanas seo a bhaint amach ná an líon iomlán blianta a thógfaidh sé ar na spriocspeicis crann agus ar speicis adhmadacha eile chun iad féin a bhunú agus teacht in aibíocht sa láithreán gabhdóra. Beidh an t-am a theastóidh ó speicis shoithíocha neamhadhmadacha agus ó speicis neamhshoithíocha bhrífíte chun iad féin a bhunú agus chun teacht in aibíocht níos giorra go mór nuair a dhéantar comparáid le speicis adhmadacha, go háirithe na speicis chrainn. I **dTábla 4.7** thíos, tugtar an líon blianta a thógfaidh sé ar gach ceann ar leith de na speicis adhmadacha bunú agus teacht in aibíocht. Cé go ndéanfar síolta crainn a chur agus crainn óga a phlandáil ag an láithreán gabhdóra, tá cur chuige réamhchúramach glactha agus, dá bhrí sin, tá an líon blianta bunaithe ar thréimhse ón tráth a gcuirtear na síolta seachas ar thréimhse ón tráth a bplandáiltear na crainn óga. Sa chás is déanaí atá luaite, is dóigh go sroichfidh crann óg a phlandáiltear céim na haibíochta laistigh de thréimhse níos giorra ná mar a bheadh is gceist i gcás síolta a chuirtear.

Mar fhocal scoir, trí na modheolaíochtaí atá leagtha amach sa phlean maidir le gnáthóga cúiteacha a chur i bhfeidhm cinnteofar go mbunófar gnáthóg foraoisí gláracha ina bhfuil*Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion*, *Alnion incanae*) [*91E0], lena ngabhann luach éiceolaíochta atá coibhéiseach leis an gceann a chailltear, agus go dtarlóidh sé sin laistigh de thréimhse idir 20 bliain agus 50 bliain.

[33] Perrin, P., Martin, J., Barron, S., O'Neill, F., McNutt, K. & Delaney, A. (2008) *National Survey of Native Woodlands 2003-2008 Volume I: Main Report.* Tuarascáil neamhfhoilsithe, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

**Tábla 4.7: An líon táscach blianta a thógfaidh sé ar gach ceann ar leith de na spriocspeicis chrainn agus de na speicis adhmadacha eile bunú agus teacht in aibíocht**

| An Speiceas Planda | An Líon Táscach Blianta chun Bunú agus Teacht in Aibíocht |
|---|---|
| **An Spriocspeiceas** | |
| *Alnus glutinosa* | De ghnáth, bíonn fás tosaigh an speicis seo tapa. De ghnáth, sroicheann sé a airde dheiridh, agus aibíocht dá bhrí sin, laistigh de thréimhse idir 20 bliain agus 50 bliain agus, de ghnáth, sroicheann sé céim forbartha iomláine laistigh de thréimhse idir 30 bliain agus 40 bliain (An Cumann Ríoga Gairneoireachta, 2019[34] agus an Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise, 2004[35]). |
| *Fraxinus excelsior* | De ghnáth, bíonn fás tosaigh an speicis seo tapa. De ghnáth, sroicheann an speiceas seo a airde dheiridh, agus aibíocht dá bhrí sin, laistigh de thréimhse idir 20 bliain agus 50 bliain. Sroicheann sé a leibhéal bliantúil fáis a bhuaicphointe tar éis thart ar 20 bliain (An Cumann Ríoga Gairneoireachta, 2019 agus an Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise, 2002[36]). |
| *Salix cinerea* | De ghnáth, sroicheann fospeiceas an speicis seo, is é sin, *Salix cinerea subsp. oleifolia*[14], a airde dheiridh, agus aibíocht dá bhrí sin, laistigh de thréimhse idir 5 bliana agus 10 mbliana (An Cumann Ríoga Gairneoireachta, 2019) |
| *Salix spp* | Mar an gcéanna i gcás *Salix cinerea* thuas. |
| **Speicis adhmadacha eile** | |
| *Betula pubescens* | De ghnáth, sroicheann an speiceas seo a airde dheiridh, agus aibíocht dá bhrí sin, laistigh de thréimhse idir 20 bliain agus 50 bliain (An Cumann Ríoga Gairneoireachta, 2019). |
| *Crataegus monogyna* | De ghnáth, sroicheann an speiceas seo a airde dheiridh, agus aibíocht dá bhrí sin, laistigh de thréimhse idir 20 bliain agus 50 bliain (An Cumann Ríoga Gairneoireachta, 2019). |
| *Solanum dulcamara* | Is dóigh go sroichfidh an speiceas seo aibíocht laistigh de thréimhse idir 10 mbliana agus 20 bliain. |
| *Viburnum opulus* | De ghnáth, sroicheann an speiceas seo a airde dheiridh, agus aibíocht dá bhrí sin, laistigh de thréimhse idir 10 mbliana agus 50 bliain (An Cumann Ríoga Gairneoireachta, 2019). |

[34] An Cumann Ríoga Gairneoireachta (2019)Láithreán gréasáin an Chumainn Ríoga Gairneoireachta. Fuarthas ag https://www.rhs.org.uk/Plants/897/Alnus-glutinosa/Details ar an 9 Bealtaine 2019.
[35] An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise (2004) *Common Alder (Alnus glutinosa) as a forest tree in Ireland.* Reproductive Material No. 8, an Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise (COFORD Connects), Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18.
36 Tá an fospeiceas seo inchomparáide le Salix cinerea agus le speicis Salix eile a mhéid a bhaineann lena shaolré agus leis an tásclíon blianta roimh aibíocht.

# 4.12 Soiléiriú maidir le Tionchair ar Screamhuisce

## 4.12.1 Iarratas


Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3l den IFB:
*Tabhair bunús leis nó mínigh an ráiteas seo "nach n-ísleofar aon screamhuisce laistigh de na dobharlaigh screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce agus atá laistigh de láithreán Eorpach" a tugadh i gcuid 2.6.7 den* NIS.

## 4.12.2 Freagra

Caithfear a thabhairt chun cuimhne nach luíonn ach aon láithreán Eorpach amháin (.i. cSAC Loch Coirib) laistigh den chrios hidrigeolaíoch a thiocfaidh faoi thionchar na forbartha bóthair atá beartaithe agus, dá réir sin, nach bhfuil ach an t-aon láithreán Eorpach amháin sin ann atá i mbaol go mbeadh aon tionchar ar an screamhuisce.

Leis an staidéar hidrigeolaíoch ar tugadh faoi chun an TMTT agus NIS a threorú don fhorbairt bóthair atá beartaithe, sonraíodh na dobharlaigh screamhuisce sin a thugann screamhuisce do Éiceachórais Dhomhanda ag Brath ar Screamhuisce (GWDTE). Téann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trasna ceithre dhobharlach screamhuisce a thugann screamhuisce chuig gnáthóga bogaigh laistigh de cSAC Loch Coirib: Loch an Rois GWB, Moing 1 Loch Coirib (Mionlach) GWB, Moing 2 Loch Coirib GWB agus GWB an Chláir-Coirib. Mínítear agus léirítear é seo i gCuid 5.2 den NIS. Léirítear le Pláta 5.2 sa NIS (lena n-áirítear thíos i b**Pláta 4.6 ionas** go mbeadh sé éasca a fheiceáil) na dobharlaigh screamhuisce sin a thugann screamhuisce chuig cSAC Loch Coirib.

## Pláta 4.5: Imoibrithe hidrigeolaíochta ginearálaithe le láithreáin Eorpacha



Sonraíodh leis na measúnachtaí hidrigeolaíochta go mbíonn gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce laistigh de cSAC Loch Coirib ag brath ar leibhéil screamhuisce shéasúracha sna dobharlaigh screamhuisce rannchuiditheacha chun sruth an screamhuisce a sholáthar. Bunaithe ar an measúnacht sin, ceapadh go sonrach na bearta maidir le dearadh agus maolú, a áiríodh mar pháirt den fhorbairt bóthair atá beartaithe, chun a chinntiú nach n-ísleofar leibhéil screamhuisce san dobharlaigh screamhuisce rannchuiditheacha seo. Leagtar na bearta seo amach i gCaibidil 21, Sceideal na dTiomantas Comhshaoil i dTuarascáil an Mheasúnaithe maidir leis an Tionchar ar an Timpeallacht (TMTT), sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála in Iarscríbhinn A.7.5 den TMTT agus i dTuarascáil Bhreithmheasa Gheoiteicniúil agus Hidrigeolaíoch Thollán Leacaigh a áiríodh in Iarscríbhinn A.7.3 den TMTT agus in Iarscríbhinn F den NIS. Áirítear leis na bearta sin: ní cheadófar le linn tochailtí a bhaineann le Tollán Leacaigh dí-uisciúchán i leith uiscíoch na buncharraige nó oibreacha faoi bhun an tábla screamhuisce, agus an prótacal cigireachta carst. Nuair a chuirfear na bearta sin i bhfeidhm go héifeachtach, coiscfear ísliú leibhéil an screamhuisce i rith phróiseas na tógála sna dobharlaigh screamhuisce a thugann screamhuisce chuig SAC Loch Coirib agus mar sin, faoi mar a dúradh i gCuid 2.6.7 den NIS, "ní ísleofar aon screamhuisce laistigh de na dobharlaigh screamhuisce a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce le láithreán Eorpach".

## 4.13 Soiléiriú maidir le hidrigeolaíocht Éiceachórais Dhomhanda ag Brath ar Screamhuisce laistigh de cSAC Loch Coirib

### 4.13.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3m den IFB:

*Soiléirigh conas a oibríonn gnéithe "hidrigeolaíocha" de na hÉiceachórais Talún a Bhraitheann ar Screamhuisce i cSAC Loch Coirib agus an bhféadfadh conairí an tsrutha athrú tar éis na tógála.*

### 4.13.2 Freagra

Faoi mar a nótáiltear i g**Cuid 4.12** thuas, téann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trasna ceithre dhobharlach screamhuisce a thugann screamhuisce chuig gnáthóga bogaigh laistigh de cSAC Loch Coirib: Loch an Rois GWB, Moing 1 Loch Coirib (Mionlach) GWB, Moing 2 Loch Coirib GWB agus GWB an Chláir-Coirib. Léirítear i bPláta 5.2 sa NIS (a áirítear thuas i b**Pláta 4.6** ionas go mbeadh sé éasca a fheiceáil) treo shruth an screamhuisce laistigh de gach ceann de na dobharlaigh screamhuisce sin, a bhíonn ag dul i dtreo na ngnáthóg bogaigh de ghnáth atá ar imeall bhruacha Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each, .i. an GWDTE i cSAC Loch Coirib.  Mar nóta, tá nasc hiodrálach ag Lochanna Chúil Each le hAbhainn na Gaillimhe.


Tá spruadair tiubha shiolta agus chré fo-ithreach, lena mbaineann tréscaoilteacht íseal, faoi bhun Lochanna Chúil Each. Is ar an ábhar sin nach dócha go rachaidh sruth screamhuisce isteach trí bhonn na lochanna. Is tríd an bhfuarán carstach darb

ainm Fuarán Thiar Chúil Each a théann an t-aon ionchur suntasach screamhuisce chuig Lochanna Chúil Each. Tugann screamhuisce ó Mhoing 1 (Mionlach) GWB Loch Coirib uisce don fhuarán seo.


Tugann screamhuisce sna dobharlaigh screamhuisce in aice le Lochanna Chúil Each agus Abhainn na Gaillimhe bunsreabh. Ag Lochanna Chúil Each, tugtar screamhuisce trí fhuaráin agus úscaíola sa chaoi go mbíonn leibhéal an uisce sna lochanna beagán níos airde ná leibhéal an uisce in Abhainn na Gaillimhe. I rith an tsamhraidh, bíonn leibhéal an screamhuisce san uisceach in aice le Lochanna Chúil Each níos ísle agus dá thoradh sin, laghdaítear bunsreabh nádúrtha an screamhuisce a thugtar do Lochanna Chúil Each ar bhonn séasúrach. Mar gheall ar an laghdú séasúrach ar bhunsreabh an screamhuisce, íslítear leibhéal uisce an tsamhraidh i Lochanna Chúil Each ar bhonn séasúrach. I rith tréimhsí fada aimsire tirime, is beag bunsreabh a thugann leibhéal an screamhuisce sna dobharlaigh screamhuisce cóngaracha chuig Lochanna Chúil Each agus beidh leibhéal an uisce sna lochanna ar aon dul le leibhéal an uisce in Abhainn na Gaillimhe i rith na n-amanna sin. Ar an mbonn seo, braitheann athraitheacht leibhéal an uisce i Lochanna Chúil Each i rith bliain ar bith ar a dtugann dobharlaigh screamhuisce uathu go séasúrach.

I bPláta 3 agus 4 in Iarscríbhinn A den NIS (a áirítear mar Phláta 10.3 agus 10.4 i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht an TMTT) atá san áireamh thíos i b**Pláta 4.7** agus **4.8** den tuarascáil seo ionas go mbeidh sé éasca a fheiceáil, léirítear 'an t-oibriú' idir screamhuisce agus uisce dromchla ag Lochanna Chúil Each.

**Pláta 4.7: Trasghearradh scéimreach thuaidh theas trí Lochanna Chúil Each (screamhuisce ard)**



**Pláta 4.7: Trasghearradh scéimreach thuaidh theas trí Lochanna Chúil Each (screamhuisce íseal)**




Déantar achoimre agus léiriú i gCuid 5.2 d'Imleabhar 1 den NIS - Achoimre Fheidhmeach ar an timpeallacht bhonnlíne hidrigeolaíoch ar an iomlán a thacaíonn le gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce i cSAC Loch Coirib. Tá cur síos níos mionsonraithe i gCuid 5.2 den NIS, lena dtacaíonn an staidéar hidrigeolaíoch iomlán, a áirítear mar Iarscríbhinn A den NIS (breathnaigh ar Chuid 4.2 do chur síos hidrigeolaíoch na bonnlíne ar gach ceann de na dobharlaigh screamhuisce a thugann screamhuisce chuig gnáthóga bogaigh laistigh de cSAC Loch Coirib). Cuirtear i láthair i gCuid 10.3.3.2 de Chaibidil 10, Hidreolaíocht TMTT é freisin.

Lena dhearbhú, fanfaidh conairí srutha an screamhuisce mar an gcéanna toisc go leanann siad tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe faoi láthair agus ní athrófar iad de thoradh aon ísliú buan ar an screamhuisce. Mar sin, ní bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ina bhacainn shealadach ná bhuan ar chor ar bith roimh ghluaiseacht an screamhuisce sna dobharlaigh screamhuisce seo.

## 4.14 Measúnacht i gcomhar

### 4.14.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 3n den IFB:

*Ó thaobh na Treorach maidir le Gnáthóga, tabhair measúnacht ghairid "i gcomhar" lena meastar na pleananna agus tionscadail ar fad le chéile, seachas go péireach leis an bhforbairt atá beartaithe.*

### 4.14.2 Freagra

Cé go gcuireann an mheasúnacht a chuirtear i láthair i dTábla 12.2 de Chuid 12 den NIS measúnacht phéireach i gcomhar i láthair ar gach ceann de na pleananna agus tionscadail eile i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, measadh impleachtaí carnacha na bpleananna agus na dtionscadal eile sin ar fad in éineacht le chéile i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gCuid 12.2 freisin trí mheasúnú a dhéanamh ar na conairí lena bhféadfadh gach ceann de na pleananna/tionscadail dul i bhfeidhm ar láithreán Eorpach ina n-aonar nó go carnach.

Sonraíodh conairí na dtionchar féideartha lena bhféadfadh gach ceann de na pleananna/tionscadail a measadh i dTábla 12.2 de Chuid 12 den NIS dul i bhfeidhm ar cSAC Loch Coirib, ar SPA Loch Coirib, ar cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe nó ar SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe. Is iad seo a leanas na príomhthionchair fhéideartha ar na láithreáin Eorpacha sin a d'fhéadfadh teacht de bharr na bpleananna agus na dtionscadal sin, ina n-aonar nó go carnach lena chéile:

- Éifeachtaí ar cháilíocht an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ghnáthóga agus speicis uisceacha agus bhogaigh atá ina leas cáilitheach in cSAC Loch Coirib, speicis éan atá ina leas caomhantais speisialta in SPA Loch Coirib a úsáideann Abhainn na Gaillimhe, agus gnáthóga agus speicis chósta/mhuirí cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe.
- Éifeachtaí ar cháilíocht an aeir i gcóngar na forbartha bóthair atá beartaithe de bharr aon fhorbartha tionsclaíche nó gníomhaíochtaí úsáide talún amach anseo (e.g. diantalmhaíocht) a d'fhéadfadh tionchar carnach a imirt ar ghnáthóga feadh limistéar Abhainn na Gaillimhe agus Mhionlaigh i cSAC Loch Coirib de thoradh astaíochtaí aeir (e.g. sil-leagain nítrigine agus saibhriú cothaitheach)
- Cur isteach ar éin gheimhrithe in SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe, agus cur isteach ar dhobharchúnna in SPA Loch Coirib agus i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.
- Tabhairt speiceas ionrach neamhdhúchasach isteach a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar ghnáthóga atá ina leas cáilitheach laistigh de cSAC Loch Coirib agus i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, agus tionchar diúltach a imirt ar ghnáthóga a thacaíonn leis na speicis atá ina leas caomhantais speisialta in SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe.

- D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh, go raibh cheana féin, nó go mb'fhéidir go mbeadh gnáthóga á gcailleadh i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus/nó SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe, lena n-áirítear gnáthóga atá ina leas cáilitheach á gcailleadh de thoradh an tionscadail atá beartaithe chun Síneadh a chur le Calafort na Gaillimhe, chomh maith le tionscadal na Scéime Cosanta Cósta ón tSáilín chuig Silverstrand agus Oibreacha Cosanta Chósta Bhóthar na Trá (an Charraig Dhubh go Club Gailf na Gaillimhe).

D'fhéadfadh sé tarlú freisin go n-imreodh aon fhorbairt nó ghníomhaíochtaí amach anseo laistigh de Chathair na Gaillimhe agus de Chontaetha na Gaillimhe, an Chláir agus Mhaigh Eo tionchar carnach ar an gcomhshaol glactha in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe a d'fhágfadh go gcaillfí gnáthóga, go ndíghrádófaí gnáthóga agus go gcuirfí bacainní roimh ghluaiseachtaí speiceas trasna aon cheann de cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe.

D'fhéadfadh an tionscadal atá beartaithe chun Síneadh a chur le Calafort na Gaillimhe, tionscadal na Scéime Cosanta Cósta ón tSáilín chuig Silverstrand agus tionscadal Oibreacha Cosanta Chósta Bhóthar na Trá (an Charraig Dhubh go Club Gailf na Gaillimhe) tionchar carnach a imirt ar chuspóirí caomhnaithe cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe.

Cé go bhfuil an poitéinseal ann go rachadh na pleananna nó na tionscadail (seachas an tionscadal chun Síneadh a chur le Calafort na Gaillimhe agus na tionscadail chosanta cósta, ar dócha go n-imreoidh siad tionchar ar láithreán Eorpach) i bhfeidhm ar láithreán Eorpach go carnach i gcomhar lena chéile, agus mar sin i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, caithfidh siad cloí le beartais agus cuspóirí uileghabhálacha na bpleananna úsáid talún ábhartha. Áirítear mar Iarscríbhinn O leis an NIS na beartais agus cuspóirí cosanta comhshaoil ábhartha atá laistigh de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, i bPlean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2022 agus i bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014-2020.

Cinnteofar leis na beartais agus cuspóirí seo go gcosnófar láithreáin Eorpacha trasna gach conaire a shonraítear mar chinn a bhféadfadh teacht faoi thionchar agus áireofar iontu an ceanglas go ndéanfaí Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí agus/nó Measúnacht Chuí i leith aon tionscadail amach anseo.

In ainneoin na dóchúlachta nó an phoitéinsil go n-imreodh pleananna agus tionscadail eile tionchar aimhleasach ar shláine cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan Laistigh na Gaillimhe, ina n-aonar nó go carnach lena chéile, ní bheidh aon éifeachtaí inbhraite ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuspóirí caomhnaithe aon láithreán Eorpach. Mar sin, níl aon fhéidearthacht ann go mbainfeadh éifeachtaí carnacha aon phleananna nó tionscadal eile, ag gníomhú i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, an bonn de chuspóirí caomhnaithe aon láithreáin Eorpaigh nó go n-imreoidís aon éifeachtaí aimhleasacha ar shláine na láithreán sin.

## 4.15 Tuairimí ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

### 4.15.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 3o den RFI:

*Tabhair aghaidh ar na tuairimí ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i leith na hanailíse san NIS ar dealraitheach ina leith go ndearnadh í beag beann ar chuspóirí caomhantais na Láithreán Ainmnithe.*

### 4.15.2 Freagra

Baineann an tuairim a thug an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i dtaca leis sin le cuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib.

Rinneadh cuspóirí caomhantais leasanna cáilitheacha *uile* na láithreán Eorpach *uile* laistigh de chrios tionchair ionchasach na forbartha atá beartaithe, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, a bhreithniú go mion mar chuid den mheasúnacht a rinneadh agus a cuireadh i láthair san NIS. Tá na cuspóirí caomhantais foriomlána liostaithe i dTábla 9.1 den NIS. Déantar cur síos ar an mbunlíne éiceolaíochta ansin i Roinn 9.1.2 inar suíodh na leasanna cáilitheacha de chuid cSAC Loch Coirib atá i láthair laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe.

Dá bhrí sin, chun amhras a sheachaint, rinneadh suirbhéireacht, aicmiú agus mapáil i ndáil le *gach* limistéar gnáthóige laistigh de cSAC Loch Coirib, ar limistéir iad atá laistigh de chrios tionchair ionchasach na forbartha bóthair atá beartaithe. Ar an ábhar sin, is cinnte nach bhfuil na gnáthóga leasa cháilithigh seo a leanas de chuid cSAC Loch Coirib i láthair laistigh den chuid den cSAC atá laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe.

- [3110] Uiscí olagatrófacha ina bhfuil líon an-bheag mianraí de mhánna gainmheacha (*Littorelletalia uniflorae*)
- [3130] Uiscí bodhaire de chineál olagatrófach go méiseatrófach le fásra den
- Littorelletea uniflorae agus/nó den Isoëto-Nanojuncetea
- [3260] Sruthchúrsaí uisce de leibhéil mhánna leis an bhfásra Ranunculion fluitantis agus Callitricho-Batrachion
- [7110*] Portaigh ardaithe gníomhacha
- [7120] Portaigh ardaithe dhíghrádaithe atá in ann athghiniúint nádúrtha a dhéanamh i gcónaí
- [7150] Logáin ar shubstráití móna den Rhynchosporion
- [7220*] Fuaráin chlochraithe le foirmiú túfa (Cratoneurion)

Mar an gcéanna, mar thoradh ar leibhéal na hoibre suirbhéireachta allamuigh a rinneadh, is cinnte nach bhfuil na gnáthóga leasa cháilithigh seo a leanas i láthair laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe: An phiardóg liathbhán, Cleitchaonach caol glas agus An tsíofróg uisce (féach Roinn 9.1.2.3 agus

Roinn 9.1.2.7 den NIS). Cé go bhfuil pobal áitiúil Crú-ialtóg beag ann, ní cuid den phobal leasa cháilithigh é sin i leith cSAC Loch Coirib ag Teach Eborhall (tá míniú mionsonraithe air sin le fáil i Roinn 9.1.2.5 den NIS) agus ní thugann sé tacaíocht i leith chuspóirí caomhantais ná riocht caomhantais an fhara sin ag Teach Eborhall.

Maidir le haon leasanna cáilitheacha nach bhfuil i láthair laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, ní féidir leis an bhforbairt tionchar a imirt orthu go díreach nó go neamhdhíreach ná in éineacht le pleananna nó le tionscadail eile. Dá bhrí sin, is féidir a rá go cinnte nach féidir leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe baint de chuspóirí caomhantais na leasanna cáilitheacha ar leith sin ar aon slí. Ar an mbonn sin, ní gá na leasanna cáilitheacha sin a bhreithniú ar mhodh níos mine san NIS chun a chinneadh go cinnte nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d’iomláine cSAC Loch Coirib trí dhifear a dhéanamh do na gnáthóga agus do na speicis áirithe sin.

Tá na leasanna cáilitheacha eile de chuid cSAC Loch Coirib atá i láthair laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, agus ar leasanna iad a d’fhéadfadh a bheith i mbaol mar thoradh ar éifeachtaí na forbartha, leagtha amach i dTábla 9.1 agus i dTábla 9.15 den NIS. Déantar an fhéidearthacht go ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear do chuspóirí caomhantais gach ceann ar leith de na gnáthóga agus de na speicis leasa cháilithigh sin a scrúdú, a anailísiú agus a mheasúnú i Roinn 9.1.4 agus i dTábla 9.16 den NIS.

Go hachomair, d’fhéadfadh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear a dhéanamh do chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib mar thoradh ar chailleadh gnáthóige, mar thoradh ar thógáil Thollán Leacaigh, mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidreolaíochta, mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíochta, mar thoradh ar astaíocht deannaigh le linn na tógála, agus mar thoradh ar leathadh nó ar thabhairt isteach speiceas ionrach neamhdhúchasach de thaisme. Ach, mar gheall ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus, chomh maith leis sin, ar na bearta maolúcháin a shonraítear i Roinn 10 den NIS, cinnteofar nach mbainfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe de chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib agus nach ndéanfaidh an fhorbairt sin difear dochrach d’iomláine cSAC Loch Coirib.

# 5 Éin

## 5.1 Suirbhéireachtaí ar Éin

### 5.1.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 4a den RFI:

*Tabhair soiléiriú, le do thoil, i dtaobh an ndearnadh gluaiseacht éan feadh chonair Abhainn na Gaillimhe a bhreathnú san oíche (taifeadtaí fuaime etc.) agus le linn drochaimsire agus ar taifeadadh airdí eitilte. Tabhair cóip den tuarascáil faoi shuirbhéireacht RPS 2006 (nach bhfuil le fáil san NIS/EAIR). Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil an fhaisnéis atá ann sa tuarascáil RPS trí bliana déag d'aois agus go mbaineann sí le suíomh eile. Dá bhrí sin, abair cén fáth gur féidir brath ar an bhfaisnéis sin anois.*

### 5.1.2 Freagra

Tá cóip de thuarascáil shuirbhéireacht RPS 2006 ann mar **Aguisín A.4.1** a ghabhann leis an bhFreagra RFI seo.

Maidir leis na breathnuithe go léir a rinneadh le linn thréimhse shuirbhéireacht 2005/2006, taifeadadh iad i rith an lae, ní san oíche. Rinneadh na fairí in áiteanna caothúla de ghnáth nuair a bhí aimsir tirim, calma agus geal ach bhí tréimhsí ann ina raibh luais athraitheacha gaoithe agus báisteach ann. De bhreis ar an fhaisnéis faoi speicis, áiríodh an méid seo a leanas san fhaisnéis a taifeadadh: an líon éan ar leithligh, treo na heitilte agus airde na heitilte go garbh.

Le linn na suirbhéireachtaí a rinneadh sa tréimhse 2005/2006, taifeadadh na speicis SCI seo a leanas de chuid SPA Loch Coirib agus/nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh i mBaile an Cheantaigh (C.600m suas an sruth ón áit ina dtrasnaíonn an fhorbairt bhóthair atá beartaithe Abhainn na Gaillimhe): an Sléibhín, an Faoileán bán, an Gheabhróg, an Broigheall, an Chearc cheannann, an Crotach, an Cor réisc, Cromán na gcearc, an Pilibín agus an Meirliún. Ba iad na cinn ba choitianta díobh sin a taifeadadh an Sléibhín, an Faoileán bán agus an Broigheall. Rinneadh cuid mhór de na speicis sin, lena n-áirítear an Sléibhín, an Faoileán bán, an Broigheall, an Chearc cheannann, an Crotach agus an Cor réisc, mar aon leis an nGlúineach dhearg, a thaifeadadh feadh Abhainn na Gaillimhe le linn suirbhéireachtaí 2014/2015 a rinneadh mar chuid den obair ullmhúcháin le haghaidh an NIS. Tá torthaí iomlána na suirbhéireachta ann mar Aguisín 2 den tuarascáil ar shuirbhéireacht RPS 2006 in **Aguisín A.4.1** a ghabhann leis an bhFreagra RFI seo.

Baineadh úsáid as na sonraí deisce (an fhaisnéis i dtuarascáil RSP 2005/2006) agus as na suirbhéireachtaí a bhaineann le scéimeanna ar leith (torthaí shuirbhéireachtaí 2014, 2015 agus 2016 ar éin póraithe agus ar éin geimhrithe) chun a shuíomh cad iad na speicis SCI a d'úsáid Abhainn na Gaillimhe ar mhaithe le sealgaireacht agus comaitéireacht. Rinneadh suirbhéireacht 2005/2006 i suíomh eile ach níl mórán tábhachta aige sin mar thoradh ar fhad measartha gairid na conaire abhann idir Loch Coirib agus Cathair na Gaillimhe (c.5.5km) agus ós rud é nach raibh suirbhéireachtaí 2005/2006 suite ach 600m ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá

beartaithe - i.e. bheifí ag súil go ndéanfadh na héin atá ann comaitéireacht agus/nó sealgaireacht feadh na habhann ar fad idir Cora na mBradán agus Cúl an Oileáin/Tóin an Churraigh.

Tá sé tábhachtach a lua go ndearnadh úsáid a bhaint as sonraí shuirbhéireacht 2005/2006 mar fhaisnéis chúlra i ndáil le húsáid Abhainn na Gaillimhe ag speicis éin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid na láithreán SPA in aice láimhe, agus go raibh tacaíocht agus daingniú le fáil ina leith sin ó thorthaí shuirbhéireachtaí 2014, 2015 agus 2016 ar éin póraithe agus ar éin geimhrithe, ar suirbhéireachtaí iad a rinneadh le haghaidh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe[37].

Mar an gcéanna, ní hionann aois shuirbhéireachtaí 2005/2006 agus srian ar an measúnacht ós rud é go ndearnadh na suirbhéireachtaí arís sna blianta 2014 agus 2015, ar suirbhéireachtaí iad lenar daingníodh na speicis is minice a úsáideann chonair Abhainn na Gaillimhe (i.e. an Sléibhín, an Faoileán bán agus an Broigheall).

Ach is é atá sa rud is tábhachtaí, de réir mar atá sonraithe sa mheasúnacht atá ann i Roinn 6.11 den NIS, ná gurb é atá sa ghné is mó a imríonn tionchar ar an gconclúid atá ann maidir leis an measúnacht i leith imbhualadh éan i Roinn 6.11 den NIS, ar bhonn na litríochta eolaíochta foilsithe atá ar fáil, ná nach ionann droichid, beag beann ar a ndearadh, agus riosca imbhuailte éan lena ngabhfadh aon éifeachtaí fadtéarmacha ar dhaonraí éin SCI de chuid aon láithreán SPA, lena n-áirítear SPA Loch Coirib nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.

Dá bhrí sin, braitheann conclúid na measúnachta ar thorthaí an athbhreithnithe ar an litríocht eolaíochta agus níltear ag brath ar shonraí shuirbhéireachtaí 2005/2006 ná 2014/2015 a bhí dóthanach chun bunlíne a sholáthar le haghaidh shraith agus fhlúirse na speiceas éan a mbeifí ag súil go ndéanfaidís sealgaireacht/comaitéireacht feadh Abhainn na Gaillimhe i gcomharsanacht na forbartha bóthair atá beartaithe.

[37] Rinneadh na suirbhéireachtaí ar éin geimhrithe i rith gheimhreadh na tréimhse 2014/15 agus rinneadh na suirbhéireachtaí ar éin póraithe sa tréimhse Bhealtaine/Mheitheamh 2015 agus i Meitheamh na bliana 2016.

## 5.2 Éin Geimhrithe agus an tionchar ionchasach mar thoradh ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe mar atá beartaithe

### 5.2.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 4b den RFI:

*Ar bhonn na suirbhéireachtaí agus na sonraí atá ann faoi éin geimhrithe, tabhair mionsonraí faoi speicis éan geimhrithe agus faoi líonta na speiceas sin atá ann (sealgaireacht, ar an bhfara) laistigh de 300m ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus tabhair measúnacht maidir leis an seans go mbeidh déanmhas an droichid ina chúis le díláithriú éan geimhridh.*

### 5.2.2 Freagra

Tá trí choimpléacs gnáthóige ar leith ann a bhaineann le héin geimhrithe agus atá suite laistigh de 300m ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe:  na faichí imeartha ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (láithreán WB45 de chuid na suirbhéireachta ar éin geimhrithe), Abhainn na Gaillimhe (láithreán WB12 de chuid na suirbhéireachta ar éin geimhrithe), agus na páirceanna talmhaíochta agus an choillearnach ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. Tá torthaí iomlána na suirbhéireachtaí ae éin geimhrithe le haghaidh láithreáin WB12 agus WB45 le fáil in Aguisín A.8.23 den EIAR agus tá achoimre ar na torthaí le fáil anseo thíos maidir le taifid laistigh de 300m ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe.

Ní dhearnadh na tailte ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe a chur san áireamh mar shainláithreán suirbhéireachta le haghaidh na suirbhéireachtaí ar éin geimhrithe ós rud é, maidir leis an tírdhreach sa cheantar sin, go háirithe laistigh de 300m ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe, nach bhfuil sé oiriúnach mar ghnáthóg shealgaireachta ná mar ghnáthóg fara i leith na speiceas éin atá liostaithe mar SCI-anna de chuid SPA Loch Coirib nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, i dtaca lena líonta sa gheimhreadh (féachTábla 9.29 agus Tábla 9.31 den NIS chun liosta de speicis geimhrithe SCI a fháil). Is fíor sin go príomha mar gheall ar struchtúr fisiciúil na ngnáthóg atá ann agus ina gcuimsítear gréasán de pháirceanna beaga imfhálaithe a bhfuil coillearnach thart orthu. Seachnaíonn na speicis éin geimhrithe seo (a dhéanann sealgaireacht agus a théann ar an bhfara ar an talamh) gnáthóga imfhálaithe, trangláilte coillearnaí den sórt sin ós rud é go mbíonn a líne amhairc srianta go mór agus go mbíonn cumas éan geimhrithe contúirtí atá ag teacht ina dtreo a bhrath (e.g. creachadóirí) le linn dóibh a bheith ag sealgaireacht nó ar an bhfara srianta go mór freisin.

Ba iad na speicis ba mhinice a taifeadadh ag faichí imeartha Champas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, (WB25), an Sléibhín agus an Roilleach. Taifeadadh an Sléibhín seacht n-uaire i rith an gheimhridh in ealta ina raibh idir 16 agus 47 n-éan ar leithligh (27 ar an meán). Taifeadadh an Roilleach naoi n-uaire in ealta ina raibh idir trí éan agus 34 éan ar leithligh (14 ar an meán). Taifeadadh an Faoileán Bán trí huaire; ealta éan ina raibh 21 éan i mí na Samhna 2014, gan ach éin aonair ann an dá uair eile. Ina theannta sin, taifeadadh an Charóg Liath trí huaire ach ní

raibh ach éin aonair nó péire éan ann. I measc na speiceas eile a taifeadadh ar bhonn níos annaimhe ar na faichí imeartha áiríodh Lon Dubh, an Cág, an Snag Breac, an Ghlasóg Shráide agus an Colm Coille.


De réir an méid atá tugtha faoi deara i rith na suirbhéireachtaí allamuigh, baineann éin geimhrithe úsáid as faichí imeartha Champas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, go feadh méid áirithe, agus is minic a bhíonn orthu athlonnú chuig áiteanna eile mar gheall ar theagmhais shuaiteacha ar úsáideoirí áineasa is cúis leo. Siúlóirí, reathaithe agus madraí is mó a bhíonn i gceist leis na teagmhais sin ach, chomh maith leis sin, tarlaíonn siad nuair a bhíonn na faichí á n-úsáid le haghaidh comórtais spóirt/cluichí/traenáil agus nuair nach mbíonn siad ar fáil ar feadh roinnt uaire an chloig i ndiaidh a chéile. Léiríonn **Pláta 5.1** thíos na faichí imeartha inar taifeadadh éin geimhrithe agus tá aibhsiú déanta ar na faichí sin ba mhinice a d'úsáid na líonta is mó éan geimhrithe.

**Pláta 5.1: Faichí imeartha ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar taifeadadh éin geimhrithe.**




Shín an láithreán suirbhéireachta maidir le héin geimhrithe ar Abhainn na Gaillimhe ó Thóin an Churraigh/Chúl an Oileáin ar an taobh thuaidh go dtí Cora na mBradán i gCathair na Gaillimhe ar an taobh theas. De réir shuirbhéireachtaí na bliana 2014, bhí an líon éan geimhrithe a bhain úsáid as an gcuid de WB12 in aice le Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe measartha íseal (de réir mar a thaispeántar ar **Phláta 5.2** thíos). Ba iad an Eala bhalbh, an Mallard agus an Spágaire tonn (gan ach éan ar leithligh nó dhó a bheith ann de ghnáth) ba mhinice a taifeadadh ar an abhainn sa cheantar seo. Taifeadadh an Chearc cheannann agus an Chearc uisce go rialta freisin agus ní raibh ach líonta ísle díobh ann (idir éan amháin ar leithligh agus trí éan ar leithligh). Taifeadadh an Rálóg uisce aon uair amháin freisin agus taifeadadh líonta beaga Sléibhíní, Faoileán bán agus Broigheall freisin (éin ar leithligh nó péire amháin éan) ag eitilt feadh chonair na habhann aon uair amháin.

**Pláta 5.2: Foláithreán de chuid WB12 in aice le Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe**




Ba iad na ceantair feadh Abhainn na Gaillimhe ba mhinice a d'úsáid éin geimhrithe na ceantair laistigh de cheantar Chois Uisce na cathrach (WB12), díreach ó thuaidh ó Chora na mBradán (WB12) agus ó thuaidh agus ó dheas ar na faichí imeartha ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (WB45), agus is sna trí cheantar sin a bhí na healtaí is mó éan thar thréimhse an gheimhridh.

Bhí na líonta éan geimhrithe a taifeadadh i rith na tréimhse 2014/15 mar éin a d'úsáid Abhainn na Gaillimhe agus na faichí imeartha ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gcomhréir le torthaí shuirbhéireachtaí na tréimhse 2005/06 a rinne RPS le haghaidh scéim Sheachród Seachtrach N6 Chathair na Gaillimhe sa mhéid gurbh iad na speicis éin seo a leanas na speicis ba mhinice a taifeadadh feadh Abhainn na Gaillimhe i rith na bliana agus, i gcoitinne, bhí an líon éan a taifeadadh measartha íseal:

- an Sléibhín
- an Broigheall
- an Mallard
- an Colm Coille
- an Faoileán bán

Le linn na n-uaireanta oibre, cé gur dóigh go mbeidh leibhéal áirithe díláithrithe ann i gcás na n-éan geimhrithe a úsáideann faichí imeartha Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, díreach in aice leis na piaraí tacaíochta (e.g. an Sléibhín agus an Faoileán bán), is beag an seans go ndéanfaidh Droichead Abhainn na Gaillimhe éin

geimhrithe a chur ó úsáid a bhaint as Abhainn na Gaillimhe nó as na faichí imeartha in aice láimhe ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tá na héin geimhrithe a úsáideann na faichí imeartha tar éis dul i dtaithí ar an suaitheadh agus ar an díláithriú a tharlaíonn go tráthrialta agus go leanúnach agus tar éis oiriúnú don suaitheadh agus don díláithriú sin a bhaineannle húsáid na bhfaichí le haghaidh traenáil spóirt, cluichí agus úsáid áineasa (e.g. daoine ag siúl lena madraí). Is é is dóiche is cúis le leibhéal íseal úsáid na habhann ag éin geimhrithe ná ardleibhéal na húsáide áineasa feadh bhruach thiar na habhann agus ar an abhainn í féin; is iad na héin a fhanann ann, amhail an Broigheall agus an faoileán, na cinn is fulangaí i dtaca leis an gcineál sin suaite uainigh. Is pátrún é sin a bhí soiléir ar fud na cathrach sna spásanna glasa áineasa a úsáideann éin geimhrithe agus fuarthas fianaise air freisin i gceantar Chois Uisce na cathrach áit ar taifeadadh líonta níos airde faoileán d'ainneoin leibhéil measartha ard suaite a bheith ann sa cheantar sin.

Tá dearadh an droichid tábhachtach freisin ós rud é go bhfuil claonadh ann i measc cuid mhór speiceas geimhrithe gnáthóga trangláilte nó codanna de pháirceanna atá tadhlach le gnáthóga imill a shrianann a n-amharc i leith contúirtí atá ag druidim leo (e.g. creachadóirí) a sheachaint. Ós rud é gur dearadh glan réise atá ann lena ngabhann líon measartha íseal piaraí tacaíochta, tá radharc oscailte ar fáil ar na faichí imeartha, rud a íoslaghdaíonn aon laghdú braite ar léargas agus an seans go ndíláithreofar éin geimhrithe dá bharr sin.

Dá réir sin, is beag an seans go ndéanfaidh Droichead Abhainn na Gaillimhe éin geimhrithe ó úsáid a bhaint as Abhainn na Gaillimhe nó na faichí imeartha tadhlacha ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

***Measúnóireacht maidir leis an Lóma Artach Gavia arctica a lua mar Ghné Speisialta Caomhantais (SCI) i ndáil le Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.***

Ba cheart a thabhairt chun aire go ndearnadh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta leasú maidir leis na speicis éin a luaitear mar Ghnéithe Speisialta Caomhantais (SCI) i ndáil le Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh i mí Meitheamh 2019. Cuireadh an Lóma Artach (Gavia arctica) leis an liosta SCI maidir le Cuan na Gaillimhe Istigh agus baineadh an Spadalach (Anas clypeata) den liosta. Ní dhearnadh, dá bhrí sin, measúnóireacht ina leith san NIS a foilsíodh i mí Deireadh Fómhair 2018.

Éan geimhridh atá sa Lóma Artach in Éirinn a thagann go dtí réimsí cladaigh agus a bhraitheann de chuid is mó ar iasc mar ábhar cothaithe.

Tráth na scríbhneoireachta, níl leasú déanta go fóill ar cháipéis na gcuspóirí caomhantais maidir le Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh maidir leis an Lóma Artach a thabhairt san áireamh agus níl cuspóirí caomhantais sonracha maidir leis an láthair sin leagtha amach i ndáil leis an speiceas. Dá réir sin, tá an mheasúnóireacht a chuirtear i láthair anseo síos ar an gceist cibé an bhféadfadh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe cur isteach ar na haidhmeanna caomhantais maidir lei an Lóma Artach i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh bunaithe ar na tréithe agus na spriocanna a leanas in **Tábla 5.1** thíos, i gcomhréir le Tábla 9.37 san NIS.

**Tábla 5.1: Tréithe agus spriocanna maidir le Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh**

| **Stádas fabhrach caomhantais maidir leis an Lóma Artach i limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh a choinneáil/a chur ar bun in athuair de réir mar a shonraítear sin leis an liosta tréithe agus spriocanna seo a leanas:** | |
|---|---|
| **Tréith agus Slat Tomhais** | **Sprioc** |
| Pátrún maidir lena líon:<br>Athrú de réir céatadáin | Líon seasmhach nó ardú ar a líon mar phátrún fadtéarmach |
| Scaipeadh:<br>Líon agus fairsinge na réimsí a thaobhaíonn éin uisce | Gan aon ísliú suntasach ar líon ná ar fhairsinge na réimsí a thaobhaíonn speiceas éin uisce seachas mar a tharlódh mar gheall ar phátrúin éagsúlachta nádúrtha |

Ó tharla nach dtéann an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe isteach i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, níl cur isteach go díreach ar an Lomá Artach ná ar ghnáthóga lena gcothaítear an Lomá Artach ag an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe. Tá an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe níos mó ná 1km ó theorainn Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh san áit is gaire iad dá chéile agus, dá bhrí sin, níl aon bhaol go dtarlódh cur isteach/díbirt an Lomá Artaigh ó ghnáthóga sa Limistéar SPA.

Ní raibh tuairisc ar an Lomá Artach in aon cheann de láithreacha na n-éan geimhridh a ndearnadh suirbhéireacht orthu le suirbhéanna 2014/15 maidir le Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 agus ní raibh tuairisc air le conair Abhainn na Gaillimhe le linn suirbhéanna RPS 2005/2006 a rinneadh maidir le Seachbhóthar Amuigh Chathair na Gaillimhe an N6 2006. Ó tharla nach bhfuil aon tuairisc ar an Lomá Artach taobh istigh den chrios tionchair maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe, ní tharlóidh de thoradh ar an obair thógála ná ar oibriú an bhóthair mar gheall an mbóthar beartaithe a fhorbairt aon chur isteach ar an speiceas ná díbirt as aon láthair ionchais ex situ a bheadh á thaobhú acu taobh amuigh de Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.

Is é an t-aon bhealach ionchais ina bhféadfadh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe cur isteach ar na cuspóirí caomhantais i ndáil leis an Lomá Artach i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh dá dtarlódh cur isteach ag an obair thógála ar chaighdeán an uisce i sruthanna uisce silteacha agus síos an sruth uathu sin arís i gCuan na Gaillimhe sa chaoi is go dtarlódh cur isteach dá réir ar chaighdeán ghnáthóg na farraige agus flúirse an éisc a ndéanann an speiceas seo creachadh air. D'fhéadfadh torthaí de na cineálacha sin tionchar chun dochair a imirt ar na pátrúin fhadtéarmacha maidir le líonmhaire an Lóma Artaigh i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh; ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith ina chur isteach ar na tréithe agus na spriocanna a ghabhann leis na cuspóirí caomhantais maidir le stádas caomhantais an speicis i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.

Mar a leagtar amach in Alt 11.4.2 san NIS, fágann an baol go gcuirfeadh forbairt ar an mbóthar beartaithe isteach ar chaighdeán an uisce dromchla agus an obair thógála ar siúl gur gá bearta maolúcháin a dhéanamh chun a chinntiú cosaint air sin ag na sruthanna uisce silteacha. Tugtar cuntas mion ar na bearta maolúcháin sin in Alt 10.4 san NIS. Beidh na bearta maolúcháin sin á gcur i bhfeidhm tríd an bPlean Tógála maidir le Bainistíocht Timpeallachta (CEMP) a leanúint faoi mar atá leagtha

amach in Aguisín A.7.5 leis an EIAR agus in Aguisín C leis an NIS. An conraitheoir a dhéanfaidh dá réir sin agus an obair thógála ar siúl (smacht ar chúrsaí truaillithe) agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe/TII a leanfaidh an plean i rith réi úsáide an bhóthair (cothabháil) agus a chinnteoidh nach dtarlaíonn aon chur isteach ar chúrsaí hidreolaíochta.

Ní tharlóidh, dá bhrí sin, milleadh gnáthóige de thoradh ar thionchar ar an réimeas uisce dromchla mar atá faoi láthair nó ní chuirfear isteach ar na tréithe ná na spriocanna i ndáil le cuspóir caomhantais atá ina chúnamh maidir le stádas caomhantais an Lóma Artaigh i Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.

Ní bheidh an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe ina bhac ach oiread ar aon iarracht stádas fabhrach caomhantais a tabhairt i bhfeidhm in athuair sa chás go mbeadh sin ar na cuspóirí caomhantais san am atá i ndán.

Tá bunús go fóill dá réir sin leis an gcomhairle ón obair measúnóireachta don NIS maidir le Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, faoi mar a chuirtear i láthair in Alt 11.4.5 san NIS, mar gheall nach dtarlaíonn aon chur isteach go díreach ná go hindíreach ag baint leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a d'fhéadfadh tionchar chun dochair a imirt ar shláine Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh trí chur isteach ar phobal SCI an Lóma Artaigh.

Ní chuireann an Spadalach Anas clypeata a bhaint de liosta maidir le Gnéithe Speisialta Caomhantais (SCI) i ndáil le Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh isteach ná amach ar an ábhar measúnóireachta a chuirtear i láthair san NIS. Ó tharla nach SCI feasata an Spadalach maidir le Limistéar SPA Chuan na Gaillimhe Istigh , is féidir neamhaird a dhéanamh d'aon tagairt don Spadalach san NIS nó d'aon ábhar measúnóireachta maidir le tionchar ar an Spadalach, ó tharla nach mbaineann sin le hábhar níos mó i gcomhthéacs na measúnóireachta.

## 5.3 Soiléiriú i leith srianta ama maidir le pléascadh ag Cairéal Leacaigh

### 5.3.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 4c den RFI:

*Maidir leis na bearta maolúcháin atá beartaithe, tá sé tugtha faoi deara go ndéanfar an pléascadh ag Cairéal Leacaigh a thráthú chun suaitheadh éan geimhrithe ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus, ina theannta sin, chun suaitheadh na bhFabhcún Gorm a sheachaint le linn an tséasúir goir. Tabhair aghaidh, le do thoil, ar an gcoimhlint ionchasach i leith thráthú an phléasctha*

### 5.3.2 Freagra

Ar mhaithe le soiléiriú a thabhairt, níl aon cheanglas ann tráthú an phléasctha a shrianadh chun suaitheadh an Fhabhcúin Ghoirm goir a sheachaint. Mar thoradh ar na bearta maolúcháin a bhaineann leis an bhFabhcún Gorm ag Cairéal Leacaigh (i Roinn 8.6.9.1.1 den EIAR), ceanglaítear tús a chur leis na hoibreacha tógála idir Tollán Leacaigh atá beartaithe agus Acomhal Bhóthar Áth Cinn ar an N84 roimh lár mhí Feabhra chun a chinntiú n-imríonn suaitheadh tionchar ar roghnú láithreán na neadacha seachas éan baineann goir a dhíláithriú ón nead.

Ní luaitear tráthú an phléasctha ach amháin i ndáil le héin geimhrithe ag Loch Bhaile an Dúlaigh (mar atá leagtha amach i Roinn 8.6.9.2.1 den EIAR). Déanfar na hoibreacha pléasctha a bhaineann le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe idir an bealach anoir go Cairéil Leacaigh (Ch.11+800 go 12+100) a chur i gcrích sa tréimhse ó Aibreán go Meán Fómhair (go huile) chun íoslaghdú a dhéanamh ar éifeachtaí an tsuaite ar éin geimhrithe ag Loch Bhaile an Dúlaigh. Tá an pléascadh a bhaineann le tógáil Thollán Leacaigh lasmuigh den chrios tionchair i leith éin geimhrithe agLoch Bhaile an Dúlaigh. Dá bhrí sin, is féidir tús a chur leis na hoibreacha tógála ag Tollán Leacaigh roimh lár mhí Feabhra.

# 6 Ialtóga

## 6.1 Soiléiriú maidir leis an nasc idir daonraí na Crú-ialtóige bige

### 6.1.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 5a den RFI:

Tá léirithe frithráiteacha ann san EIAR/NIS i dtaobh nasc a bheith ann idir daonraí na Crú-ialtóige bige i Mionlach, ag Teach an Rois agus ag Teach Eborhall. Tabhair soiléiriú, le do thoil.

### 6.1.2 Freagra

Ar mhaithe le soiléiriú a thabhairt, níl daonra na Crú-ialtóige bige ag Caisleán Mhionlaigh nasctha le daonraí leasa cháilithigh cSAC Loch an Rois agus Choillte an Rois (i.e. an fara ag Teach Geata Loch an Rois) nó le cSAC Loch Coirib (i.e. an fara ag Teach Eborhall). Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh aon tionchair ionchasacha ar dhaonra na Crú-ialtóige bige ag Caisleán Mhionlaigh aon difear do chuspóirí caomhantais cSAC Loch an Rois agus Choillte an Rois nó ar cSAC Loch Coirib. De réir mar is léir ó thorthaí suirbhéireachtaí fairsinge radairianaithe, ó fháinniú ialtóg agus ó sheiceálacha ar fharaí a rinneadh chun eolas a chur ar fáil don mheasúnacht, lena n-áirítear na seiceálacha a rinneadh ag Teach Eborhall i leith Crú-ialtóga beaga a fáinníodh ag Caisleán Mhionlaigh, níl aon nascacht ann idir limistéar an staidéir agus aon fharaí Crú-ialtóige bige a thacaíonn le leasanna cáilitheacha i leith aon láithreán Eorpach. Ina theannta sin, tá na hachair idir Caisleán Mhionlaigh agus na faraí ag SAC Loch an Rois agus Choillte an Rois (níos mó ná 13km) agus ag Teach Eborhall (níos mó ná 30km) níos mó ná gnáth-chroíraon sealgaireachta agus comaitéireachta an speicis ach amháin ar ócáidí eisceachtúla nó thar thréimhsí fada ama - mar shampla, ialtóga a scaipeann agus a ghluaiseann idir ceantair sa tírdhreach thar thréimhse fhada blianta/thar cuid mhór glúnta. Dá bhrí sin, níl an fhorbairt bhóthair atá beartaithe ina cúis le haon riosca i leith na gcuspóirí caomhantais[39] a thacaíonn le daonraí leasa cháilithigh dhaonraí na Crú-ialtóige bige ar aon láithreáin Eorpacha trí thionchar a imirt ar na nithe seo a leanas: líon, infhaighteacht nó riocht na láithreán fara a thacaíonn le daonraí leasa cháilithigh (e.g. faraí máithreachais, geimhreachais, oíche nó lae); fairsinge, cáilíocht nó infhaighteacht gnáthóg a thacaíonn leis na faraí sin (e.g. achar, nascacht nó riocht na gnáthóige sealgaireachta nó comaitéireachta); nó an líon ialtóg ar leithligh laistigh den daonra.

Maidir leis an nasc ionchasach tírdhreacha a d'fhéadfadh daonra na Crú-ialtóige bige ag Caisleán Mhionlaigh a chur ar fáil, baineann sé le ról ionchasach a d'fhéadfadh a bheith ag an daonra sin i leith tacú le hilchineálacht ghéiniteach dhaonra náisiúnta na Crú-ialtóige bige. Ní rud é sin a mbeadh tionchar aige ar

[39] [15]Doiciméad tacaíochta i leith cuspóirí caomhantais – an chrú-ialtóg bheag (Rhinolophus hipposideros), Leagann 1. (NPWS, 2018).

dhaonraí áitiúla ar aon slí inbhraite, fiú amháin san fhadtéarma agus níl sé ina chúis le haon riosca díreach nó le haon riosca neamhdhíreach go ndéanfaí difear do chuspóirí caomhantais aon láithreáin Eorpaigh atá ainmnithe i leith an Chrú-ialtóg bheag a chosaint.

## 6.2 Faisnéis bhreise faoin gCroíchrios Cothúcháin

### 6.2.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 5b den RFI:

*Maidir le Tábla 8.31 den EIAR, tabhair faisnéis bhreise maidir le méid na gnáthóige ardchaighdeáin ialtóige dá ndéanann an fhorbairt atá beartaithe difear i ngach Croíchrios Cothúcháin (SSZ) ialtóige agus tabhair comparáid leis an méid a bheidh fágtha sa CSZ nuair a bheith an bóthar á oibriú.*

### 6.2.2 Freagra

Tá sainmhíniú ar Ghnáthóg comaitéireachta agus sealgaireachta atá an-oiriúnach d'ialtóga (i.e. gnáthóg ardchaighdeáin ialtóige) le fáil in ***Bat Surveys for Professional Ecologists: Good Practice Guidelines* (Collins, 2016)**[1640] mar a leanas:

> 'Gnáthóg chomaitéireachta - gnáthóg leanúnach ardchaighdeáin lena ngabhann nasc maith leis an tírdhreach thart uirthi, ar tírdhreach é ar dóigh ina leith go n-úsáidfidh ialtóga comaitéireachta é go tráthrialta, mar shampla, gleannta abhann, srutháin, fálta sceach, línte crann agus imeall coillearnaí.
>
> Gnáthóg shealgaireachta - gnáthóg ardchaighdeáin lena ngabhann nasc maith leis an tírdhreach thart uirthi, ar tírdhreach é ar dóigh ina leith go n-úsáidfidh ialtóga sealgaireachta é go tráthrialta, mar shampla, coillearnach leathandhuilleach, sruthchúrsaí a bhfuil crainn ar gach taobh díobh agus fearann páirce innilte.
>
> Tá an láithreán gar d'fharaí aithnide agus ceangailte leo.'

Maidir le láithreáin na bhfaraí agus na CSZ-anna dá dtagraítear i dTábla 8.31 de Chaibidil 8 den EIAR, Bithéagsúlacht, baineann siad le hialtóg feascracha, le hialtóga sopránacha, le hialtóga fadchluasacha donna agus le crú-ialtóga beaga. Tá na cineálacha gnáthóige is fearr le gach speiceas ar leith díobh sin leagtha amach go ginearálta anseo thíos.[41]

- De ghnáth, is sealgairí iad na hialtóga feascracha agus na hialtóga sopránacha agus úsáideann siad gnáthóg leathan sealgaireachta. Tá na gnáthóga ar dóigh do na speicis seo úsáid a bhaint astu bainteach le raon cineálacha gnáthóige amhail na cinn seo a leanas: coillearnach, gnáthóga bruachánacha, scrobarnach,

---

[40] Collins, J. (ed.) (2016) *Bat Surveys for Professional Ecologists: Good Practice Guidelines (3rd end)*. The Bat Conservation Trust, London

41 Lundy MG, Aughney T, Montgomery WI, Roche N (2011) Landscape conservation for Irish bats & species specific roosting characteristics. Bat Conservation Ireland.
Roche, N., Aughney, T., Marnell, F. & Lundy, M. (2014) Irish Bats in the 21st Century. Bat Conservation Ireland.

móinéar, fearann páirce, fálta sceach agus línte crann, agus limistéir uirbithe ísealdlúis (e.g. gairdíní fo-uirbeacha).

- Is eol go ndéanann an ialtóg fhadchluasach dhonn sealgaireacht i gcoillearnach leathanduilleach agus mheasctha, laistigh de línte crann, i scrobarnach, i gcoillte buaircíneacha, i ngairdíní ina bhfuil crainn aibí (lena n-áirítear limistéir uirbithe ísealdlúis e,g, gairdíní fo-uirbeacha), ar fhearann páirce agus in úlloird.
- Déanann an Chrú-ialtóg bheag sealgaireacht i gcoillearnach dhuillsilteach agus i ngnáthóga atá bainteach le fásra bruachánach.

Brathann na speicis ialtóige ar fad sin ar ghnéithe líneacha den tírdhreach amhail fálta sceach, línte crann agus ballaí cloiche, chun comaitéireacht a dhéanamh idir láithreáin fara agus limistéir shealgaireachta.

I Roinn 8.5.6.2.1 de Chaibidil 8 den EIAR, Bithéagsúlacht, faoin gCeannteideal 'Cailliúint Gnáthóige' ar leathanach 530, luaitear an méid seo a leanas i ndáil le húsáid gnáthóige ag ialtóga ar fud limistéar an staidéir:

> *'Léiríodh sna staidéir ar go leor speiceas éagsúil mar chuid de bhailiú sonraí bonnlíne go n-úsáideann ialtóga freisin gnáthóga níos oscailte mar fhéarach, fraochmhá oscailte agus gairdíní bruachbhaile. Mar sin, níl mórán áiteanna laistigh de dhromchla na forbartha bóthair atá beartaithe a meastar nach bhfuil siad oiriúnach d'ialtóga. Bheadh siad siúd srianta go hionaid ina dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe príomhbhóithre agus ina gceanglaíonn sí leis an débhealach atá ann cheana féin in aice le hÓrán Mór. D'fhéadfadh go n-úsáideann ialtóga na háiteanna eile go léir.'*

Tá an méid sin tábhachtach i gcomhthéacs sainiú a dhéanamh ar ghnáthóg atá an-oiriúnach do na speicis ialtóige atá luaite i dTábla 8.31 de Chaibidil 8 den EIAR, Bithéagsúlacht, ós rud é, ar bhonn thorthaí na suirbhéireachta, gurb é timpeallacht uirbeach Chathair na Gaillimhe an t-aon ghnáthóg shealgaireachta nó chomaitéireachta amháin nach dóigh go n-úsáidfidh ialtóga í go tráthrialta.

Rinneadh na gnáthóga uirbeacha ard-dlúis agus na limistéir mhuirí a bhaint de na ríomhaireachtaí CSZ ós rud é nach gcomhfhreagraíonn siad do ghnáthóg atá an-oiriúnach d'ialtóga i gcomhthéacs na gnáthóga is fearr leis na speicis ialtóga seo, na gcineálacha gnáthóige atá ann laistigh den CSZ agus na nascachta eatarthu, ar scála tírdhreacha, agus thorthaí na suirbhéireachtaí ar ialtóga.

Rinneadh Tábla 8.31 de Chaibidil 8 den EIAR, Bithéagsúlacht, a oiriúnú anseo thíos chun léiriú a dhéanamh ar limistéar iomlán na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga laistigh de gach CSZ ar leith, ar an méid den ghnáthóg atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear le linn na tógála laistigh de gach CSZ ar leith, agus ar an méid gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a bheidh fágtha tar éis na tógála laistigh de gach CSZ ar leith. Maidir leis na ríomhaireachtaí sin, cuirtear san áireamh iontu gach limistéar gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a bheidh á gcoimeád laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe.

Ag féachaint don ghnáthóg atá an-oiriúnach d'ialtóga laistigh de gach ceann ar leith de na CSZ-anna, ní tharlaíonn ach mionathruithe ar an gcéatadán de chailliúint gnáthóige i ngach CSZ agus ní dhéantar difear do chonclúidí na measúnachta

tionchair ar chailliúint gnáthóige sna láithreáin fara seo, de réir mar a chuirtear i láthair faoin gceannteideal ‘Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige’ i dTábla 8.31 de Chaibidil 8 den EIAR, Bithéagsúlacht (a dtugtar achoimre air i **dTábla 6.1** thíos).

**Tábla 6.1: Méid an chailliúint dhíreach gnáthóige laistigh den chrios lárnach beatha teoiriciúil a bhaineann leis na faraí laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe** (cuirtear san áireamh sa ríomhaireacht maidir le cailliúint gnáthóige ialtóige limistéir ghnáthóige atá á gcoimeád mar atá laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe)

| Neas-Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Tábla 8.31 den EIAR Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ | Tábla 8.31 den EIAR % den CSZ a chaillfear | Achar iomlán na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga laistigh den CSZ | Achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ | % den achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ | Achar na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a bheidh fágtha laistigh den CSZ | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ch. 3+320 | PBR241 (Foirgneamh le coimeád) | Ialtóga sopránacha | 37ha | 2.95% | 1,039ha | 37ha | 3.6% | 1,002ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| Ch. 5+550 | PBR267 | Ialtóga sopránacha | 46ha | 3.66% | 886ha | 43ha | 4.9% | 843ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| | | Ialtóga fadchluasacha donna | 79ha | 2.79% | 2,035ha | 76ha | 3.7% | 1,959ha | |
| Ch. 8+600 | PBR256 | Ialtóga fadchluasacha donna (máithreachas) | 100ha | 3.54% | 2,020ha | 96ha | 4.8% | 1,924ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| Ch. 8+620 | PBR178 | An Chrú-ialtóg bheag | 64ha | 5.1% | 952ha | 62ha | 6.5% | 890ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| | | Ialtóga fadchluasacha donna | 101ha | 3.57% | 2,012ha | 97ha | 4.8% | 1,915ha | |

| **Neas-Slabhraíocht** | **Tagairt fara** | **Speiceas** | **Tábla 8.31 den EIAR**<br>**Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ** | **Tábla 8.31 den EIAR**<br>**% den CSZ a chaillfear** | **Achar iomlán na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga laistigh den CSZ** | **Achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ** | **% den achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ** | **Achar na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a bheidh fágtha laistigh den CSZ** | **Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ch. 8+650 | PBR255 | Ialtóga sopránacha | 64ha | 5.1% | 1,006ha | 63ha | 6.3% | 943ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| Ch. 8+700 | PBR177 | Ialtóga sopránacha | 65ha | 5.18% | 1,018ha | 63ha | 6.2% | 955ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| Ch. 10+050 | PBR179 | Ialtóga sopránacha | 75ha | 5.97% | 1,064ha | 63ha | 5.9% | 1,001ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| | | Ialtóga fadchluasacha donna | 116ha | 4.1% | 2,177ha | 104ha | 4.8% | 2,073ha | |
| Ch. 11+400 | PBR253 | Ialtóga neamhaitheanta | 122ha (ga 3km ón CSZ) | 4.32% | 2,017ha | 109ha | 5.4% | 1,908ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| Ch. 12+150 | PBR204 | Crú-ialtóga bheaga | 76ha (ga 2km ón CSZ) | 6.05% | 999ha | 74ha | 7.4% | 925ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach a d'fhéadfadh a bheith ann ar scála |

| Neas-Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Tábla 8.31 den EIAR Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ | Tábla 8.31 den EIAR % den CSZ a chaillfear | Achar iomlán na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga laistigh den CSZ | Achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ | % den achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ | Achar na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a bheidh fágtha laistigh den CSZ | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | geografach náisiúnta |
| | | Ialtóga fadchluasacha donna | 126ha | 4.46% | 2,061ha | 104ha | 5.0% | 1,956ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| Ch. 12+150 | PBR182 | Ialtóga feascracha neamhaitheanta | 126ha | 4.46% | 2,064ha | 104ha | 5.0% | 1,960ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |
| Ch. 12+150 | PBR196 | Ialtóga sopránacha | 78ha | 6.21% | 1,007ha | 76ha | 7.5% | 931ha | Níl éifeacht dhiúltach shuntasach á tuar |
| | | Ialtóga fadchluasacha donna | 126ha | 4.46% | 2,075ha | 105ha | 5.1% | 1,971ha | |
| Ch. 12+960 | PBR183 | Ialtóga fadchluasacha donna | 118ha | 4.17% | 1,952ha | 102ha | 5.2% | 1,850ha | Éifeacht dhiúltach shuntasach ar scála geografach áitiúil amháin |

| **Neas-Slabhraíocht** | **Tagairt fara** | **Speiceas** | **Tábla 8.31 den EIAR**<br>**Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ** | **Tábla 8.31 den EIAR**<br>**% den CSZ a chaillfear** | **Achar iomlán na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga laistigh den CSZ** | **Achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ** | **% den achar de chailliúint gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a chaillfear laistigh den CSZ** | **Achar na gnáthóige atá an-oiriúnach d'ialtóga agus a bheidh fágtha laistigh den CSZ** | **Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ch. 15+100 | PBR205 | An Ialtóg fheascrach agus an Ialtóg shopránach | 92ha | 7.32% | 896ha | 65ha | 7.3% | 831ha | Níl éifeacht dhiúltach shuntasach á tuar |
| Ch. 8+750 | PBR210 | An Chrú-ialtóg bheag | Ní hinfheidhme | Ní hinfheidhme | 1,028ha | Ní hinfheidhme | Ní hinfheidhme | Ní hinfheidhme | Fara oíche do Chrú-ialtóga beaga. Ós rud é go bhfuil sé seo laistigh de raon fara lae (ar dóigh gurb é PBR178 nó PBR06 a bheidh ann), clúdaítear an tionchar ar an CSZ sa tráchtaireacht le haghaidh na bhfaraí sin i dTáblaí<br>8.3.1 agus 8.3.2 den EIAR agus ní thagann aon athrú orthu. |
| Ch. 15+250 | PBR270 | Speicis ialtóige neamhaitheanta | 106 | 3.76% | 2,130ha | 76ha | 3.6% | 2,054ha | Níl éifeacht dhiúltach shuntasach á tuar |

# 7 Saincheisteanna Éiceolaíochta Eile

## 7.1 Éifeachtacht na mbeart maolúcháin

### 7.1.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 6a den RFI:

*Tabhair tuilleadh faisnéise chun a thaispeáint gurb ionann na tóchair etc. atá beartaithe agus beart éifeachtach maolúcháin chun laghdú a dhéanamh, nó cosc a chur, ar leithlisiú daonraí ioraí rua, cat crainn agus earca coiteanna. Tabhair fianaise ar infhaighteacht gnáthóige malartaí don earc coiteann.*

### 7.1.2 Freagra

Sa doiciméad treorach dar teideal *Wildlife and Traffic: A European Handbook for Identifying Conflicts and Designing Solutions*[42] déantar scrúdú ar na héifeachtaí bacainne agus ilroinnte ar fhiadhúlra mar thoradh ar thionscadail bhonneagair (lena n-áirítear bóithre) agus cuirtear réitigh dhearthóireachta chun cinn chun íoslaghdú a dhéanamh ar na héifeachtaí sin, agus iad bunaithe ar an mbonn eolais atá ann faoi láthair agus ar an litríocht fhoilsithe atá ar fáil. Baineadh úsáid as an doiciméad treorach mar eolas le haghaidh na straitéise maolúcháin don N6 GCRR atá beartaithe.

A mhéid a bhaineann leis an gcat crainn, meastar maidir le gach déanmhas, sa raon ó uasbhealaí d'fhiadhúlra go dtí tóchair mhodhnaithe, gur réitigh den chineál is fearr iad i leith bealach sábháilte a chur ar fáil faoi bhun, nó os cionn, bóthair. I gcás an iora rua, meastar gurb iad na híosbhealaí is lú amháin an t-aon réiteach mí-oiriúnach amháin.[43]


Tá na gnáthóga coillearnaí/scrobarnaí a bhfuil tábhacht áitiúil acu don dá speiceas sin suite i gceantar Mhionlaigh, idir Abhainn na Gaillimhe agus Bóthar N84 Áth Cinn. Tá sé beartaithe go mbeidh déanmhais mhóra fhairsinge ann laistigh den chrios seo (droichead, tarbhealach agus tollán), ar nithe iad a éascóidh gluaiseacht na speiceas lena mbaineann thar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, is é sin le rá, Droichead Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach Mhionlaigh agus an talamh atá á coimeád os cionn Thollán Leacaigh. Mar thacaíocht dóibh sin, tá gréasán déanmhas íosbhealaigh, de chineál mór agus meánmhéide, ann amhail S09/01 (bóthar rochtana áitiúil), C10/01 (struchtúr atá trasna ar ghnáthóg pábhála aolchloiche) agus S10/02 (bother rochtana áitiúil).

[42] Iuell, B., Bekker, G.J., Cuperus, R., Dufek, J., Fry, G., Hicks, C., Hlavác, V., Keller, V., B., Rosell, C., Sangwine, T., Tørsløv, ˇ N., Wandall, B. le Maire, (Eds.) 2003. Wildlife and Traffic: A European Handbook for Identifying Conflicts and Designing Solutions.

43 Féach freisin, Macdonald-Smart. S. (2017) Developing a mitigation monitoring approach for the A9 and A96 dualling projects. Scottish Natural Heritage Commissioned Report No. 1003.

Is beag an méid eolais atá ann maidir le húsáid na n-íosbhealaí mamaigh ag an Earc coiteann. Ach, de réir *Wildlife and Traffic: A European Handbook for Identifying Conflicts and Designing Solutions*, luaitear gurb iad forbhealaí agus déanmhais tarbhealaigh na réitigh is fearr d'earca agus, chomh maith leis sin, is rogha éíosbhealaí den chineál is mó i gcás iad a bheith oiriúnaithe do dhálaí áitiúla. Tá méid na sraithe tóchar atá ann sa chuid iartharach den fhorbairt bhóthair atá beartaithe (áit ar taifeadfadh an Earc coiteann) de chineál a fhágann gur dóigh go n-úsáidfidh an Earc coiteann iad agus, dá bhrí sin, go gcoimeádfar nascacht ar bun thar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe.

Tá méid na ndéanmhas sin le feiceáil ar **Phláta 8.1** thíos.




Tá an t-earc coiteann le fáil in Éirinn i raon leathan gnáthóg ina n-áirítear fraochmhánna, portaigh agus riasca, mar aon le coillearnach agus féarach agus, ina theannta sin, úsáideann siad ceantair ina bhfuil scrobarnach, carraigeacha nochta, talamh lom agus ballaí cloiche. Taifeadadh earca ar thailte siar ó Abhainn na Gaillimhe le linn na suirbhéireachtaí allamuigh agus sna cineálacha gnáthóige seo a leanas nó i mósáicí de na cineálacha sin gnáthóige: fraochmhá fhliuch, fraochmhá thirim, carraig shiliceach nocht, eanach, scrobarnach, féarach aigéadach, féarach fliuch, talamh lom, talamh lom athchoilínithe agus raithneach. Ar leith ón gcomhshaol uirbeach agus ó limistéir mhóra oscailte talún loime nó féaraigh fheabhsaithe talmhaíochta (de bharr easpa tearmann), d'fhéadfadh gach limistéar eile gnáthóige leathnádúrtha, nó gach limistéar gnáthóige a thairgeann meascán de chlúdach agus de shuíomhanna nochta, a bheith oiriúnach chun tacú leis an Earc coiteann. Is iad na cineálacha gnáthóige seo a chomhdhéanann tromlach an tírdhreacha siar ó Abhainn na Gaillimhe agus ó thuaidh agus siar ón bhforbairt bhóthair atá beartaithe; is é sin, limistéir ghnáthóige a bheidh ar fáil chun tacú leis an daonra áitiúil earcaí coiteanna nuair a bheidh tógáil ar siúl agus nuair a bheidh an bóthar á oibriú. I bhFíoracha 8.14.1-6 den EIAR, tá fianaise le fáil ar raon agus

ar mhéid na limistéar oiriúnach, malartach gnáthóige sin a bheidh ar fáil don Earc coiteann i gcomharsanach na forbartha bóthair atá beartaithe.

Dá réir sin, i bhfianaise na faisnéise atá ann san EIAR agus na mionsonraí forlíontacha atá ann sa Fhreagra RFI seo, tá sé léirithe go cuimsitheach gurb ionann na tóchair etc. atá beartaithe agus beart maolúcháin éifeachtach chun laghdú nó cosc a dhéanamh ar leithlisiú daonraí an iora rua, an chait crainn agus an eirc choitinn. Ina theannta sin, tá fianaise bhreise curtha ar fáil i dtaobh infhaighteacht gnáthóige mhalartaigh don earc coiteann.

## 7.2 Tionchair ionchasacha ar Bhithéagsúlacht i gcoitinne

### 7.2.1 Iarraidh

Luaitear an méid seo a leanas in Ítim 6b den RFI:

*do Threoir leasaitheach EIAR 2014 (Treoir 2014/52/AE), tabhair measúnacht ghearr, le do thoil, ar bhonn na sonraí atá ann faoi láthair, ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar bhithéagsúlacht i gcoitinne, seachas ar speicis shonracha agus ar ghnáthóga sonracha, lena n-áirítear leithlisiú na bithéagsúlachta ó dheas ón bhforbairt atá beartaithe.*

### 7.2.2 Freagra

Mar chuid den bhreithniú a rinneadh ar thionchair ar bhithéagsúlacht san EIAR agus sa Fhreagra RFI seo, cuireadh na doiciméid treorach seo a leanas san áireamh i dtéarmaí scóip na measúnachta bithéagsúlachta:

- Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Assessment Reports (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréacht, Lúnasa 2017)
- Environmental Impact Assessment of Projects, Guidance on the preparation of the Environmental Impact Assessment Report (An tAontas Eorpach, 2017)
- Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment(An tAontas Eorpach, 2013)

Mar atá luaite i gCaibidil 8 den EIAR, Bithéagsúlacht, tá tírdhreach an-ilchineálach ann thart ar Chathair na Gaillimhe i dtaca lena acmhainn bhithéagsúlachta de. Níl sé sin teoranta do na príomhghabhdóirí a ndéantar mionmheasúnacht orthu san EIAR ach áiríonn sé cuid mhór gnáthóg agus speiceas eile (féach Aguisín A.8.18 den EIAR chun teacht ar an taifead bithéagsúlachta iomlán a tiomsaíodh mar chuid den staidéar deisce).

Go hiondúil, sainmhínítear bithéagsúlacht i dtéarmaí éagsúlacht gnáthóg agus speiceas, lena n-áirítear speicis flora agus fauna. Faigheann ilchineálacht ghnáthóige tacaíocht ó phróisis chomhshaoil rannchuiditheacha lena n-áirítear na córais hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta atá ann agus idirghníomhaíochtaí tábhachtacha le speicis a thacaíonn leis an éagsúlacht laistigh d’aonaid ghnáthóige.

Mar shampla, an ról atá ag feithidí maidir le pailniú agus is féidir le speicis fauna ról a bheith acu maidir le scaipeadh síolta.

Cé gur ar leibhéal éiceachórais a tharlaíonn an idirghníomhaíocht idir speicis flora agus fauna agus a dtimpeallacht fhisiceach, is é ilchineálacht na gcineálacha gnáthóige, agus an riocht ina bhfuil siad, a chuireann srian ar leibhéal na hilchineálachta speicis in aon limistéar áirithe. Soláthraíonn gnáthóga cuid mhór de na dálaí timpeallachta a bhfuil gá leo chun tacú le hilchineálacht, is é sin, speictream na riachtanas leathan gnáthóige a bhaineann le speicis éin áirithe (e.g. speicis choillearnaí) agus micreaghnáthóga le haghaidh speicis ar leith amhail an fritileán réisc a bhraitheann ar an ngnáthóg mar ionad póraithe agus scíste agus mar áiteanna ina bhfuil soláthar bia le fáil nó a thacaíonn leis an soláthar bia a chur ar fáil. Dá bhrí sin, is iad na tionchair ar ghnáthóga an rud is tábhachtaí atá le breithniú le linn measúnacht a dhéanamh i dtaobh na n-éifeachtaí suntasacha dóchúla a bheidh ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe ar an mbithéagsúlacht i gcoitinne.

Maidir leis an acmhainn bhithéagsúlachta atá ann ar fud an cheantair áitiúil a thimpeallaíonn Cathair na Gaillimhe agus a dtéann an fhorbairt bhóthair atá beartaithe tríd, faigheann sí tacaíocht ó raon leathan cineálacha gnáthóige lena n-áirítear lochanna fionnuisce agus aibhneacha, gnáthóga muirí, cósta agus inbhir, gnáthóga portaigh, coillte leathnádúrtha, féarach aigéadach agus féarach cailcreach, pábháil aolchloiche agus bogaigh.

I dtaca le cailleadh gnáthóige de, tá luach íseal bithéagsúlachta ag formhór mór na ngnáthóg ar leithligh a ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear díreach dóibh agus is dóigh nach dtacaíonn siad ach amháin le héagsúlacht theoranta speiceas planda agus ainmhí. Ar mhaithe le cainníochtú a dhéanamh, cuimsíonn c.48% de na gnáthóga atá ann laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe talamh fhoirgnithe, gnáthóga suaite nó gnáthóga an-bhainistithe/an-mhodhnaithe/an-díghrádaithe (e.g. féarach talmhaíochta feabhsaithe, foirgnimh agus dromchlaí saorga, cartadh agus talamh lom, agus féarach taitneamhachta).

Ní hionann sin agus a rá nach bhfuil luach bithéagsúlachta ar bith acu, ach tá na cineálacha gnáthóige sin fairsing sa cheantar áitiúil agus tá an méid coibhneasta gnáthóige a chaillfear measartha beag. Dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh cailleadh na ngnáthóg sin ina chúis le héifeacht shuntasach iarmharach ar an mbithéagsúlacht, go díreach nó go neamhdhíreach.

Is iad na gnáthóga eile (c.52%) a ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe dóibh na gnáthóga a meastar ina leith go bhfuil luach éiceolaíochta níos airde acu. Gnáthóga leathnádúrtha lena ngabhann luach bithéagsúlachta níos airde atá i gceist leis na gnáthóga sin i gcoitinne (e.g. cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I) agus bheifí ag ceapadh go dtacóidís le hilchineálacht níos leithne speiceas flora agus fauna.

I dTábla 8.27 den EIAR, leagtar amach achair na ngnáthóg sin go léir a chaillfear mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe. Déantar na hachair sin a chur i gcomhthéacs, i dtéarmaí acmhainn áitiúil ghnáthóige maidir le gach ceann ar leith acu, i Roinn 6.5.4.3 den EIAR. Tá achair gach ceann ar leith de na gnáthóga sin measartha beag i gcomparáid leis an acmhainn iarmharach ghnáthóige atá ann go háitiúil agus ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear di sin. Éiríonn cion coibhneasta gach cineál gnáthóige ar leith níos lú fós i gcomparáid le

héagsúlacht na ngnáthóg atá ann sa cheantar i gcoitinne [44] agus tagann an éifeacht iarmharach dhóchúil ar an mbithéagsúlacht chun bheith an-bheag ar fad.

Ina theannta sin, ní raibh aon cheann de na ceantair gnáthóige a ndéanann an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear díreach dóibh aicmithe mar ghnáthóg uathúil de réir aon scála áitiúil nó réigiúnaigh i.e. ní thacaíonn siad le haon ghrúpaí uathúla speiceas nó pobal plandaí.

I dtaca le leithlisiú bithéagsúlacht, bíonn feidhm ag na prionsabail chéanna a úsáidtear le linn measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a ghabhann le deighilt gnáthóige agus éifeachtaí bacainne ar speicis i gcás na bpríomhghabhdóirí éiceolaíochta go léir san EIAR nuair atá breithniú á dhéanamh ar na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag forbairt bhóthair nua ar an mbithéagsúlacht i gcoitinne. Áiríonn siad sin deimhin a dhéanamh de go bhfuil an fhorbairt bhóthair atá beartaithe chomh tréscaoilteach agus is féidir i leith an fhiadhúlra d’fhonn naisc áitiúla agus naisc scála tírdhreacha a choimeád le go seachnófar leithlisiú agus sáinniú speiceas nó pobal idir an bóthar agus timpeallacht leathnaitheach uirbeach Chathair na Gaillimhe. I bhfianaise an ardleibhéil tréscaoilteachta dá bhforáiltear le haghaidh an fhiadhúlra ar fud fhad na forbartha bóthair atá beartaithe, níltear ag tuar go mbeidh aon éifeachtaí suntasacha ann mar thoradh ar leithlisiú speiceas.

Déantar na héifeachtaí iarmharacha bithéagsúlachta a bhaineann leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe a íoslaghdú a mhéid is féidir tríd an straitéis mhaolúcháin agus trí bhearta cúiteacha a chur san áireamh, lena n-áirítear cruthú gnáthóige portaigh agus féaraigh chailcrigh le go mbeidh gnóchan áitiúil éigin ann i dtaca le cúrsaí foriomlána bithéagsúlachta de. Dá ainneoin sin, mar atá luaite i Roinn 8.10 den EIAR, táthar ag tuar go mbeidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha ann i leith na bithéagsúlachta (lena n-áirítear limistéir bithéagsúlachta áitiúla) mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe agus mar thoradh ar an gcailleadh gnáthóige gaolmhar.Ach mar atá leagtha amach sa Fhreagra RFI seo, i bhfianaise an chiona measartha beag den acmhainn ghnáthóige áitiúla a chaillfear go buan mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe , i bhfianaise fhlúirse choibhneasta na gcineálacha gnáthóige atá ann sa cheantar, ar gnáthóga iad lena ngabhann cáilíocht inchomparáide (nó lena ngabhann cáilíocht níos fearr i gcuid mhór cásanna), i bhfianaise na mbeart maolúcháin agus na mbeart cúiteach atá beartaithe, agus i bhfianaise an ardleibhéil tréscaoilteachta tírdhreacha a choimeádfar, níltear ag tuar go dtarlóidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha breise ar an mbithéagsúlacht i gcoitinne mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe.

Maidir le leithlisiú ionchasach na bithéagsúlachta ó dheas ón bhforbairt atá beartaithe agus i bhfianaise an ardleibhéil tréscaoilteachta dá bhforáiltear le haghaidh an fhiadhúlra ar fud fhad na forbartha bóthair atá beartaithe, níltear ag tuar go mbeidh aon éifeachtaí suntasacha ann mar thoradh ar leithlisiú speiceas.

[44] Mar shampla, caillfear c.5.15ha de ghnáthóga portaigh mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe. Is ionann sin agus c.1.8% den limistéar portaigh atá mapáilte go háitiúil agus nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an achar gnáthóige portaigh ar dóigh é a bheith ann ó thuaidh agus siar ón bhforbairt bhóthair atá beartaithe, áit a bhfuil limistéar fairsing gnáthóige portaigh (c.40km2). Dá bhrí sin, tá an cailleadh gnáthóige an-bheag i dtéarmaí an achair gnáthóige (<c.0.001%).

# 8 Trácht agus Iompar

## 8.1 2012 mar bhonnbhliain don trácht a chosaint

### 8.1.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 7a den IFB:

*An úsáid a bhaintear as 2012 mar bhonnbhliain don mheasúnú tráchta a chosaint, i bhfianaise na n-athruithe sa daonra agus na n-athruithe geilleagracha sna blianta idir an dá linn agus a shoiléiriú cibé atá sonraí suirbhé tráchta níos déanaí ar fáil nó nach bhfuil.*

### 8.1.2 Freagra

#### 8.1.2.1 Forbhreathnú

Tugann an tIarratas ar Fhaisnéis Bhreise aghaidh ar thrí cheist ar leith:

- 2012 mar bhonnbhliain don mheasúnú tráchta a chosaint
- Athruithe sa daonra agus athruithe geilleagracha sna blianta idir an dá linn
- Sonraí ó shuirbhéanna tráchta a rinneadh le déanaí

Tá freagairt mhionsonraithe sna rannáin thíos chun gach ceann de na pointí sin a chíoradh go mion. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na freagraí sin mar seo a leanas:

- ***2012 mar bhonnbhliain don tsamhail a chosaint:***

  Cuireadh tús le samhaltú tráchta do thionscadal an N6 CBCG in 2013. Ag an am sin, bhí Samhail Réigiúnach an Iarthair á forbairt le 2012 mar bhonnbhliain. Mar shamhail ilmhódúil straitéiseach don réigiún ar fad, ba é (agus is é fós) Samhail Réigiúnach an Iarthair (SRI) 2012 an tsamhail is oiriúnaí chun measúnú a dhéanamh ar an N6 CBCG atá beartaithe. Ní bhaineann sé leis na sruthanna tuartha tráchta gurb é 2012 an bhonnbhliain mar go mbunaítear na sruthanna tuartha ar an úsáid talún, réamhaisnéisí daonra agus toimhdí geilleagracha seachas ar thoisc fáis a chur i bhfeidhm ar an mbonnbhliain mar a rinneadh roimhe seo.

- ***Athruithe sa daonra agus athruithe geilleagracha:***

  Tugadh na hathruithe sa daonra agus na hathruithe geilleagracha go léir a tharla idir 2012 agus an t-am i láthair (Bealtaine 2019) san áireamh sa réamhaisnéis a rinneadh mar chuid den bhreithmheas ar an tionscadal seo.

- ***Sonraí ó shuirbhéanna tráchta a rinneadh le déanaí:***

  Bailíodh sonraí ó shuirbhéanna tráchta a rinneadh le déanaí (2018) i gcathair na Gaillimhe, ach dá gcuirfí san áireamh in SRI iad, ní athródh sé réamhaisnéisí éilimh don bhliain seo chugainn a shocraítear ach úsáid a bhaint as sonraí

pleanála/toimhdí úsáide talún mar aon leis na paraiméadair chalabraithe éagsúla iompair taistil.

Chun tástáil a dhéanamh ar chumas tuartha SRI, úsáideadh sonraí úsáide talún agus déimeagrafacha ón mbliain 2016 (an bhliain is cothroime chun dáta dá bhfuil sonraí cruinne ar fáil) chun "réamhaisnéis" a dhéanamh i dtaobh sruthanna tráchta buaicuaire sa limistéar staidéir in 2016. Ansin cuireadh na réamhaisnéisí sin i gcomparáid leis an gcomhaireamh tráchta a rinneadh in 2016. Úsáideadh an chomparáid sin chun a thaispeáint a chruinne is a fhéadann an tsamhail réigiúnach sonraí pleanála ionchuir a phróiseáil chun sruthanna tráchta buaicuaire a tháirgeadh agus léirigh sé gur féidir leis an tsamhail sonraí breathnaithe suirbhé tráchta a mhacasamhlú do bhliain thuartha (2016 sa chás seo) agus réamhaisnéisí cruinne éilimh taistil a tháirgeadh.

#### 8.1.2.2 2012 mar bhonnbhliain a chosaint

Ag tús an tionscadail in 2013, aithníodh SRI mar an tsamhail is oiriúnaí le húsáid ar na cúiseanna seo a leanas:

- Is samhail réigiúnach é a chlúdaíonn réigiún iomlán an iarthair (Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall) agus mar sin tá sé in ann measúnú a dhéanamh ar na tionchair réigiúnacha (chomh maith le tionchair áitiúla) a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar scéim den scála seo
- Tugtar ionadaíocht mhionsonraithe ar an timpeallacht uirbeach i gCathair na Gaillimhe agus tá samhaltú cruinn ann ar na hacomhail mhóra agus bheaga ar fad i limistéar an staidéir
- Soláthraítear léiriú mionsonraithe ar an líonra agus seirbhísí iompair phoiblí, agus is féidir leis an réamhaisnéis a dhéanamh ar an éileamh a bheidh ar na seirbhísí iompair phoiblí éagsúla sa réigiún
- Déantar léiriú ar gach mór-mhodh iompair lena n-áirítear modhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus áirítear leis samhaltú cruinn ar rogha modhanna cónaitheoirí
- Tá samhail éilimh athraitheach i gceist leis lena soláthraítear léiriú mionsonraithe ar an éileamh ar thaisteal ar an líonra de réir chuspóir an turais, modh taistil, cineálacha daoine, ranganna úsáideoirí agus ranganna socheacnamaíocha. Tá an t-éileamh seo á shamhaltú ar leibhéal gráinneach (Limistéar Beag Daonáirimh) laistigh de SRI atá ríthábhachtach chun éileamh iompair a shamhaltú i gcomhthéacs uirbeach ar nós Chathair na Gaillimhe. Soláthraíonn SRI réamhaisnéis ar athruithe i gceann scríbe turais mar fhreagairt ar dhálaí tráchta atá ag athrú, soláthar iompair agus/nó beartas.


Níl na cumais atá leagtha amach thuas ag aon samhail eile agus mar sin cinneadh gurb é SRI an ceann is oiriúnaí le húsáid i measúnú an N6 CBCG.

Toisc go mbunaítear na saintréithe iompair taistil (rátaí táirgthe turais agus freagraí dóchúla rogha i dtaobh turas) sna Samhlacha Réigiúnacha go mór ar shonraí a fuarthas ón Daonáireamh Náisiúnta (2011) agus ón Suirbhé Náisiúnta ar Thaisteal Teaghlaigh (2012), agus calabraíodh SRI go bonnbhliain de 2012.

### 8.1.2.3 Athruithe sa daonra agus athruithe geilleagracha ó 2012 i leith

Áirítear leis na Samhlacha Réigiúnacha uile trí phríomhphróiseas samhaltaithe: (i) Samhail Éilimh; (ii) Samhail Sannacháin Bóthair; agus (iii) Samhail Sannacháin Iompair Phoiblí. Faigheann na samhlacha sin ionchuir ón tSamhail Thuartha um Éileamh Náisiúnta (STÉN) agus cuireann siad aschuir ar fáil chun iompar a bhreithmheas agus don anailís thánaisteach. Léirítear an próiseas i **bhFíor 8.1** thíos. Is córas samhaltaithe ar leith é SRÉN a dhéanann meastachán ar mhéid iomlán an éilimh taistil (dá ngairtear ceann turais) a ghintear i ngach crios Limistéir Bhig Daonáirimh ar bhonn laethúil agus a tharraingíonn gach crios chuige. Baineann an leibhéal éilimh seo le tréithe amhail daonra, líon na bhfostaithe agus sonraí úsáide talún. Cuireann STÉN réamhaisnéis ar chinn turais ar fáil, ar leibhéal náisiúnta, lena hionchur sa tSamhail Éilimh laistigh den tSamhail Réigiúnach.

**Fíor 8.1: Próisis Samhaltaithe Tráchta**




Is iad na príomhshonraí ionchuir a úsáidtear chun réamhaisnéis a dhéanamh ar an éileamh ar thaisteal na toimhdí i dtaobh sonraí pleanála/úsáide talún (daonra) a glacadh le haghaidh gach bliana tuartha, agus tá siad sin go hiomlán neamhspleách ar an mbonnbhliain. Cuirtear na sonraí seo leis na paraiméadair éagsúla chalabraithe

iompair taistil atá sna Samhlacha Réigiúnacha chun sraith thuartha de thurais carranna buaicuaire a dhéanamh.

Nuair a bhíonn réamhaisnéis á déanamh, is iondúil go gcuireann Samhlacha traidisiúnta Incriminteacha Mótarbhealaigh fachtóirí fáis i bhfeidhm ar mhaitrís chalabraithe éilimh tráchta don bhonnbhliain (leibhéil na dturas agus dáileadh na dturas), rud a nascann an t-éileamh taistil tuartha le sruthanna tráchta na bonnbhliana. Ní hamhlaidh an cás leis na Samhlacha Réigiúnacha ar Múnlaí *Absalóideacha* iad, agus ní dhéanann siad aon nasc díreach idir an t-éileamh tuartha taistil agus sruthanna tráchta na bonnbhliana. Ina ionad sin, bunaítear an t-éileamh ar thaisteal i gcás gach bliana tuartha ar na toimhdí tuartha úsáide talún (daonra, fostaíocht, etc.) mar aon leis na paraiméadair chalabraithe iompair taistil agus na rátaí turais atá sa STÉN agus sa tSamhail Réigiúnach.

Baineadh na freagairtí iompair a thacaíonn leis na tuartha sa tSamhail Réigiúnach as Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh 2012 an ÚNI (an bhonnbhliain). Tógann sé blianta fada chun freagairtí iompair taistil a athrú (mar shampla, na príomhchúinsí a spreagann codanna áirithe den daonra chun carr a úsáid seachas an t-iompar poiblí, nó vice versa) agus mar sin, ní bheidh aon athrú ábhartha orthu ó 2012 i leith.

**Dá bhrí sin, toisc gur samhail absalóideach é SRI a ghineann agus a dháileann éileamh bunaithe ar fhaisnéis úsáide talún don todhchaí, agus toisc go bhfuil freagraí iompair taistil réasúnta seasmhach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, níl ról tábhachtach ag bonnbhliain SRI (eadhon 2012) maidir le sruthanna tráchta a thuar do na blianta amach romhainn. Ina ionad sin is iad na príomhchúiseanna leis an éileamh i gcás na mblianta tuartha atá á mbreathnú an daonra, an fhostaíocht agus tosca socheacnamaíocha eile a ghlactar leis go mbeidh siad ann sa bhliain oscailte (2024) agus sa Bhliain Dearaidh (2039).**

Tá na luachanna a úsáidtear do na príomhchúiseanna seo cothrom le dáta, rud atá tábhachtach mar go n-áirítear leis na tuartha daonra, úsáide talún agus geilleagracha a úsáideadh i measúnú an tionscadail go dtí seo an fás iarbhír a tharla ó 2012 go dtí seo, chomh maith leis an bhfás a bhfuiltear ag súil leis suas go dtí na blianta measúnaithe de 2024 (Bliain Oscailte) agus 2039 (Bliain Dearaidh). Ina theannta sin, áiríodh le gach samhail cáis a tástáladh na líonraí mótarbhealaigh, iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh is déanaí a chuimsíonn gach athrú a tháinig ar na líonraí idir 2012 agus an t-am i láthair (Bealtaine 2019).

### 8.1.2.4 Sonraí ó shuirbhéanna tráchta a rinneadh le déanaí

Déanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe suirbhéanna tráchta ar fud na cathrach gach bliain agus dá bhrí sin tá sonraí tráchta atá cothrom le dáta ar fáil don cheantar samhla. De bharr ailtireacht an SRI (samhail *absalóideach* in áit samhail *incriminteach*), níor ghá samhail mótarbhealaigh na bonnbhliana a nuashonrú toisc nach bhfuil na tuartha tráchta a úsáideadh i measúnú an tionscadail bunaithe ar shruthanna na bonnbhliana.


Chun cumas tuartha SRI a léiriú, rinneadh tástáil inar úsáideadh sonraí pleanála 2016 (an bhliain is cothroime chun dáta dá bhfuil tacar iomlán sonraí déimeagrafacha ar fáil ina leith) chun "réamhaisnéis" a dhéanamh i dtaobh

sruthanna tráchta buaicuaire sa limistéar staidéir in 2016. Ach comparáid a dhéanamh idir aschuir shamhaltaithe 2016 ón tsamhail seo agus comhaireamh tráchta a breathnaíodh in 2016, is féidir linn a chinneadh a chruinne atá SRÉN chun sonraí pleanála ionchuir a phróiseáil d’fhonn sruthanna tráchta buaicuaire a tháirgeadh. Is tástáil an-úsáideach í seo chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist shonrach a tarraingíodh anuas san iarratas toisc go seiceáiltear a chruinne atá sruthanna tuartha na samhla don bhliain 2016 i gcoinne sruthanna iarbhír tomhaiste a fhaightear ó chomhaireamh tráchta iarbhír 2016.

Sonraítear i bh**Fíor 8.2** agus i **dTábla 8.1** thíos torthaí na tástála sin, agus suíomh an chomhairimh comparáide, don bhuaicthréimhse AM. Sonraítear sa tábla seo na difríochtaí absalóideacha idir na sruthanna breathnaithe agus na sruthanna samhaltaithe agus soláthraítear luach GEH freisin. Is tomhas é staitistic GEH a mheasann difríochtaí absalóideacha agus comhréireacha i sruthanna. Tugtar staitistic dá leithéid isteach mar nach féidir leis an difríocht absalóideach ná an difríocht choibhneasta déileáil le réimse leathan sruthanna. Mar shampla, d'fhéadfaí a mheas gur difríocht mhór é difríocht absalóideach de 100 pcu/h má tá na sruthanna thart ar 100 pcu/h, ach ní bheadh sé tábhachtach i gcás sruthanna atá thart ar chúpla míle pcu/h. Ar an gcaoi chéanna, ní bheadh tábhacht le hearráid 10% i 100 pcu/h, ach d’fhéadfadh sé go mbeadh earráid 10% in, cuir i gcás, 3000 pcu/h, cinniúnach sa chinneadh cibé ba ceart acmhainn a chur le bóthar nó nár cheart.

Mar threoir ghinearálta, nuair a chuirtear méideanna sannta i gcomparáid le sruthanna breathnaithe, bheadh paraiméadar GEH de 5 nó níos lú ina mheaitseáil den scoth, meastar go bhfuil paraiméadair idir 5 agus 10 oiriúnach go maith agus go gur gá scrúdú a dhéanamh ar aon rud níos mó ná 20.

**Fíor 8.2: Suíomhanna Comhairimh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2016**



**Tábla 8.1: Buaicthorthaí AM ón rith samhaltaithe**

| Láthair # | Suíomh | Treo | Aschur Samhaltaithe (pcu/h) | Comhaireamh 2016 (pcu/h) | Difríocht | Difríocht % | GEH |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Droichead na mBradán | WB | 766 | 747 | -19 | -3% | 0.7 |
| 1 | Droichead na mBradán | EB | 784 | 483 | -301 | -62% | 12.0 |
| 2 | Droichead Uí Bhriain | WB | 295 | 136 | -159 | -117% | 10.8 |
| 2 | Droichead Uí Bhriain | EB | 528 | 640 | 112 | 18% | 4.7 |
| 3 | Droichead Wolfe Tone | WB | 556 | 698 | 142 | 20% | 5.7 |
| 3 | Droichead Wolfe Tone | EB | 1068 | 1045 | -23 | -2% | 0.7 |
| 4 | Droichead na gCúig Chéad | WB | 1488 | 1614 | 126 | 8% | 3.2 |
| 4 | Droichead na gCúig Chéad | EB | 1412 | 1464 | 52 | 4% | 1.4 |
| 5 | N6 atá ann cheana | WB | 1052 | 1164 | 112 | 10% | 3.4 |
| 5 | N6 atá ann cheana | EB | 1219 | 1212 | -7 | -1% | 0.2 |
| 6 | N6 atá ann cheana | NB | 1659 | 1787 | 128 | 7% | 3.1 |
| 6 | N6 atá ann cheana | SB | 890 | 684 | -206 | -30% | 7.3 |
| 7 | N83 Bóthar Thuama | SWB | 1207 | 1336 | 129 | 10% | 3.6 |
| 7 | N83 Bóthar Thuama | NEB | 349 | 379 | 30 | 8% | 1.6 |
| 8 | N6 atá ann cheana | EB | 1102 | 1149 | 47 | 4% | 1.4 |
| 8 | N6 atá ann cheana | WB | 997 | 892 | -105 | -12% | 3.4 |

Léirítear sa tábla thuas gur beag atá idir na réamhaisnéisí samhaltaithe tráchta 2016 agus an comhaireamh tráchta a breathnaíodh in 2016 sa limistéar staidéir. Léiríonn na réamhaisnéisí don N6 reatha agus do bhóithre náisiúnta eile go háirithe go bhfuil cosúlacht an-mhór idir na sruthanna breathnaithe agus na sruthanna samhaltaithe. Cé gur bhain luach GEH de níos mó ná 10 le líon beag láithreacha, tá an difríocht absalóideach i líon iomlán na tráchta ag na suíomhanna seo measartha íseal. Mar sin, léirítear leis an tástáil seo gur féidir leis an tsamhail seo, beag beann ar an mbonnbhliain SRI, macasamhlú a dhéanamh ar shonraí breathnaithe ó shuirbhéanna tráchta, do bhliain thuartha (2016 sa chás seo) agus réamhaisnéisí cruinne éilimh taistil a tháirgeadh.

## 8.2 Comparáid idir réamhaisnéisí tráchta agus an Creat Pleanála Náisiúnta

### 8.2.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 7b den IFB:

*Tugtar faoi deara go bhfuil na réamhaisnéisí tráchta bunaithe ar chásanna fáis ón tSamhail Náisiúnta Tráchta TII. Tabhair soiléiriú ar a chosúla atá na cásanna fáis seo leis na spriocanna d'fhás sa daonra i gCathair na Gaillimhe agus na bruachbhailte mar atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040: Creat Náisiúnta Pleanála agus tabhair breac-chuntas ar impleachtaí iarmhartacha ar réamhaisnéisí tráchta.*

### 8.2.2 Freagra

Sheol an rialtas Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) 2040 i mí Feabhra 2018. Leagtar amach sa doiciméad an comhthéacs fadtéarmach d'fhorbairt fhisiciúil na tíre agus an dul chun cinn a bhaineann leis i dtéarmaí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil. Maidir leis an bpleanáil spásúlachta, díríonn an Plean ar fhás sa todhchaí i mBaile Átha Cliath agus ar na ceithre chathair réigiúnacha i bhfoirm fás dlúth ar láithreáin athfhorbraíochta agus ar feadh conairí iompair phoiblí.

I bhfianaise CNP, forbraíodh réamhaisnéisí fáis daonra agus fostaíochta do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe atá ailínithe le réamhaisnéisí CNP don chathair agus don réigiún. Ina theannta sin, tugadh faoi ghníomh samhaltaithe ag baint úsáide as N6 CBCG do Réamhaisnéis Fáis CNP agus cuireadh i gcomparáid le "Cás Lárnach TII" Cás - Rud Éigin a Dhéanamh 2039 a chuirtear i láthair in TMTT. Déantar achoimre thíos ar an ngníomh seo agus tugtar eolas breise air i dTuairisc Anailíse CNP ar Thástáil Íogaireachta a áirítear in **Aguisín A.8.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo.

#### 8.2.2.1 Comparáid idir réamhaisnéisí Fáis CNP ÚNI/CCG agus réamhaisnéisí fáis Chás Lárnach TII

Aithníodh i CNP an ról atá ag Gaillimh agus ag na cathracha réigiúnacha eile, is iad sin, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge chun frithmheáchan a sholáthar do Bhaile Átha Cliath agus sannadh réamhaisnéis fáis sa daonra de 50% - 60% do gach cathair. D'ullmhaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe cásanna fáis daonra agus fostaíochta atá ailínithe le réamhaisnéisí fáis CNP agus a dáileadh sa chathair agus sa chontae bunaithe ar:

- Iarratais phleanála atá ann cheana
- Criosú úsáide talún reatha agus cóimheasa plota
- Beartas atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn

Sonraítear na réamhaisnéisí sin sa tábla thíos ag leibhéal na cathrach agus an chontae. Cé gur le haghaidh 2040 spriocanna CNP, chun meastachán coimeádach a

tháirgeadh, agus mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhaineann le réamhaisnéisí den sórt sin, glactar leis gur tharla an fás daonra agus post ar fad atá i CNP faoi bhliain dearaidh na Scéime (2039). Leis seo is féidir réamhaisnéisí CNP a chur i gcomparáid go díreach leis na réamhaisnéisí a úsáidtear TMTT (TII Lárnach).

**Tábla 8.2: Réamhaisnéisí Daonra CNP ÚNI/CCG na Gaillimhe**

| Cás | Daonáireamh 2016 | Réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG | |
|---|---|---|---|
| | | Iomlán | % an ardaithe ó 2016 |
| Daonra Chathair na Gaillimhe 2039 | 78,668 | 121,741 | 55% |
| Daonra Chontae na Gaillimhe 2039 | 179,390 | 218,459 | 22% |
| Iomlán na Gaillimhe | 258,058 | 340,200 | 32% |

**Tábla 8.3: Réamhaisnéisí Post CNP ÚNI/CCG na Gaillimhe**

| Cás | Daonáireamh 2016 | Réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG | |
|---|---|---|---|
| | | Iomlán | % an ardaithe ó 2016 |
| Poist i gCathair na Gaillimhe 2039 | 41,775 | 63,647 | 52% |
| Poist i gContae na Gaillimhe 2039 | 32,420 | 48,487 | 50% |
| Iomlán na Gaillimhe | 74,195 | 112,134 | 51% |

Déantar comparáid sa Tábla thíos idir Réamhaisnéisí Fáis Chás Lárnach TII 2039 agus réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG 2039 do dhaonra Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Léirítear go soiléir sa tábla seo go bhfuil an fás iomlán lena bhfuiltear ag súil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe níos airde i gCás CNP ÚNI/CCG. Tá na réamhaisnéisí do dhaonra Chathair na Gaillimhe, go háirithe, i bhfad níos airde i gCás CNP ÚNI/CCG (+ 55%) ná i gCás Fhás Lárnach TII (+ 14%).

**Tábla 8.4: Comparáid idir na Réamhaisnéisí Daonra**

| Cás | Daonáireamh 2016 | Réamhaisnéisí Chás Lárnach TII (2039) | | Réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG (2039) | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Iomlán | % an ardaithe ó 2016 | Iomlán | % an ardaithe ó 2016 |
| Daonra Chathair na Gaillimhe 2039 | 78,668 | 90,000 | 14% | 121,741 | 55% |
| Daonra Chontae na Gaillimhe 2039 | 179,390 | 205,362 | 14% | 218,459 | 22% |
| Iomlán na Gaillimhe | 258,058 | 295,362 | 14% | 340,200 | 32% |

Déantar comparáid i d**Tábla 8.5** thíos idir Réamhaisnéisí Fáis Chás Lárnach TII 2039 agus réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG 2039 don fhostaíocht i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe. Amhail na réamhaisnéisí daonra, tá i bhfad níos mó post sa chathair (+ 52%) i gceist i réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG ná i réamhaisnéisí TII (+ 15%). Ar an gcaoi chéanna, tá an fás iomlán san fhostaíocht i

gCathair agus i gContae na Gaillimhe a nglactar leis i réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG (+ 51%) níos mó ná dhá oiread na réamhaisnéisí fáis a dhéantar i gCás Lárnach TII (+ 24%).

**Tábla 8.5: Comparáid idir na Réamhaisnéisí Fostaíochta**

| Cás | Daonáireamh 2016 | Réamhaisnéisí Chás Lárnach TII (2039) | | Réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG (2039) | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Iomlán** | **% an ardaithe ó 2016** | **Iomlán** | **% an ardaithe ó 2016** |
| **Poist i gCathair na Gaillimhe 2039** | 41,775 | 48.000 | 15% | 63,647 | 52% |
| **Poist i gContae na Gaillimhe 2039** | 32,420 | 44,100 | 36% | 48,487 | 50% |
| **Iomlán na Gaillimhe** | **74,195** | **92,100** | **24%** | **112,134** | **51%** |

Taispeántar sna táblaí thuas go nglactar leis i réamhaisnéisí CNP ÚNI/CCG, i gcomhréir le beartas, go mbeidh an chuid is mó den fhás sa daonra agus san fhostaíocht sa réigiún i gCathair na Gaillimhe agus sna ceantair máguaird.

Cuirtear na réamhaisnéisí déimeagrafacha seo isteach sa tSamhail Thuartha Éilimh Náisiúnta agus i Samhail Réigiúnach an Iarthair chun na sruthanna iarmhartacha tráchta don Bhliain Dearaidh 2039 a oibriú amach dá mbeadh N6 CBCG ann (Cás chun Rud Éigin a Dhéanamh 2039)

### 8.2.2.2 Comparáid idir sruthanna samhaltaithe tráchta do Réamhaisnéisí Fáis CNP ÚNI/CCG agus Réamhaisnéisí Fáis Chás Lárnach TII

Gheofar i gCaibidil 6 d'**Aguisín A.8.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo comparáid a chuirtear i láthair in TMTT idir na sruthanna samhaltaithe do Chás Rud Éigin a Dhéanamh CNP ÚNI/CCG 2039 agus sruthanna samhaltaithe do Chás Rud Éigin a dhéanamh Chás Lárnach TII 2039. Tá an bonneagar céanna i gceist sa dá chás (N6 CBCG amháin) ach tá siad difriúil sna toimhdí a dhéantar i dtaobh pleanála agus úsáide talún. Tugtar achoimre ar na torthaí thíos.

***Staitisticí Líonra Iomlán***

Déantar comparáid i d**Tábla 8.6** thíos idir an Fad Iomlán a Thaistealaíonn Feithicil, Am Iomlán Taistil sa Líonra agus Meánluasanna Feithiclí ar an líonra do chás TMTT agus do chás CNP ÚNI/CCG.

Léiríodh leis na torthaí go dtagann roinnt méaduithe measartha ar an bhFad Iomlán a Thaistealaíonn Feithicil (15%) agus ar an Am Iomlán Taistil ar an Líonra (22%) bunaithe ar thoimhdí nua CNP ÚNI/CCG. Ar an gcaoi chéanna, laghdaíonn meánluasanna ar an líonra faoi 6%.

Meastar gur tionchair réasúnta beag iad sin i gcomhthéacs na ndifríochtaí móra sna toimhdí a dhéantar sa dá chás i dtaobh daonra agus fostaíochta. Mar shampla, áirítear i dtoimhdí CNP méadú 41% ar dhaonra Chathair na Gaillimhe (90,000 i

gCás TMTT i gcomparáid le 121,741 i gCás CNP ÚNI/CCG) agus 37% níos mó fáis san fhostaíocht i gCathair na Gaillimhe (48,000 i gCás TMTT (Cás Lárnach TII) i gcomparáid le 63,647 i gCás CNP ÚNI). Léirítear freisin go bhfuil N6 CBCG de dhíth chun tacú leis an bhfás atá tuartha sa daonra agus san fhostaíocht i nGaillimh (i gcomhréir le beartas CNP) mar go mbeadh laghdú suntasach ar acmhainn an líonra mura mbeadh N6 CBCG i bhfeidhm agus mar thoradh air sin, bheadh níos mó brú tráchta ann.

**Tábla 8.6: Táscairí Feidhmíochta Líonra Buaicuaireanta AM**

| Cás | Fad a Thaistealaíonn Feithicil (pcu. Km) | Am Iomlán Taistil ar an Líonra (pcu. Uair) | Meánluas Feithicle (kph) |
|---|---|---|---|
| TMTT (Cás Lárnach TII) | 294,178 | 7,611 | 38.7 |
| CNP ÚNI/CCG | 339,630 | 9,300 | 36.5 |
| Difríocht (%) | 15% | 22% | -6% |

### *Am Taistil*

Tugann Caibidil 6 d'**Aguisín A.8.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo Amanna Taistil i dtaobh roinnt conairí ar fud na cathrach do chás TMTT (Cás Lárnach TII) agus do chás CNP ÚNI/CCG. Ar fud na mbealaí go léir, léiríonn na torthaí go méadaítear amanna taistil faoi 5.8% ar an meán ag buaicuaireanta AM agus faoi 4.5% ag buaicuaireanta PM leis na toimhdí nua CNP ÚNI/CCG. Meastar gur miontionchar é sin toisc go nglactar leis i gcás CNP go mbeidh méadú réasúnta mór ar an daonra i gcathair na Gaillimhe (méadú 41% ar na toimhdí TMTT).

### *Cóimheas idir sruth agus acmhainn (CSA)*

Is ionann na príomh-acomhail a úsáideadh don mheasúnú acmhainne seo agus na cinn a leagtar amach i bPláta 6.8 i gCaibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh Bealaigh den TMTT. Sonraítear i d**Tábla 8.7** thíos torthaí na comparáide CSA don bhuaicthréimhse AM agus déanann sé comparáid idir Cás chun Rud Éigin a Dhéanamh (le CBCG) ÚNI/CCG agus Cás chun Rud Éigin a Dhéanamh (le CBCG) TMTT. Tá na torthaí don Íosmhéid a Dhéanamh ÚNI/CCG (Gan Cás CBCG) sa tábla freisin.

**Tábla 8.7: Cóimheas idir sruth agus acmhainn ag buaicuaireanta AM**

| | Critéir | TMTT (Cás Lárnach TII) - Rud Éigin a Dhéanamh | CNP ÚNI/CCG - Rud Éigin a Dhéanamh | CNP ÚNI/CCG - Íosmhéid a Dhéanamh |
|---|---|---|---|---|
| Príomh-acomhail (N6 / R338) | CSA > 90% | 12 | 14 | 22 |
| Líonra ina Iomláine | CSA > 90% | 115 | 185 | 81 |

Taispeánann an tábla thuas go méadaítear líon na nasc sa líonra lena mbaineann CSA os cionn 90% mar thoradh ar thoimhdí nua CNP ÚNI/CCG.

Tarlaíonn sé sin mar gheall go bhfuil leibhéal níos airde giniúna turais le linn na mbuaicuaireanta toisc go bhfuil méadú ar thoimhdí daonra mar thoradh ar na toimhdí úsáide talún a dhéantar i gCás CNP ÚNI/CCG. Mar thoradh air sin, tagann méadú ar an sruth tráchta trí na príomh-acomhail sa limistéar staidéir. Léiríonn anailís ar thorthaí Íosmhéid a Dhéanamh ÚNI/CCG go dtiocfaidh meath suntasach ar fheidhmíocht an líonra tráchta i nGaillimh mar thoradh ar an bhfás atá tuartha sa daonra agus san fhostaíocht sa chás seo mura mbeidh N6 CBCG i bhfeidhm agus go mbeidh CSA atá níos mó ná 90% ann ag 50% níos mó nasc ná mar a bheadh dá mbeadh N6 CBCG i bhfeidhm.

### *Sciar Modha*

Léiríonn **Tábla 8.8** thíos an chomparáid sciar modhanna, do lár na cathrach, thar thréimhse iomlán 24 uair an chloig.

**Tábla 8.8: Céatadáin Sciar Modha i Lár na Cathrach**

| Cás | % Carr | % IP | % Siúl | % Rothaíocht |
|---|---|---|---|---|
| TMTT (Cás Lárnach TII) | 69% | 4% | 25% | 3% |
| CNP ÚNI/CCG | 61% | 6% | 30% | 3% |
| Difríocht (%) | -8% | 2% | 5% | 0% |

Taispeánann an anailís sciar modhanna go mbaineann buntáistí suntasacha leis an daonra agus na poist atá tuartha a lonnú i lár na cathrach agus i lonnaíochtaí a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu go héasca. Léiríonn sé sin go mbeidh comhtháthú níos mó idir úsáidí talún i gCás CNP ÚNI agus mar sin go mbeidh méadú ar sciar modha na modhanna inbhuanaithe agus go mbeidh laghdú ar sciar na bhfeithiclí príobháideacha. Tagann sé sin leis an mbeartas um Thaisteal Níos Cliste agus cuireann sé an deis is mó ar fáil chun tuilleadh feabhais a chur ar an sciar modha leis na bearta uile i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme ina n-iomláine.

### *Achoimre*

Sna míreanna thuas, déantar comparáid idir Cás nua CNP ÚNI agus Cás Lárnach TII mar a chuirtear i láthair in TMTT é. Cé go léiríonn na torthaí sin roinnt méaduithe ar mhoill agus ar phlódú mar thoradh ar na toimhdí éagsúla déimeagrafacha, meastar gur méaduithe measartha beag iad i gcomhthéacs na méaduithe suntasacha sa daonra (+ 41% i gCathair na Gaillimhe vs TMTT) agus san fhostaíocht (+37% i gCathair na Gaillimhe vs TMTT) lena nglactar faoi thoimhdí CNP.

Ina theannta sin, léiríonn torthaí samhaltaithe Íosmhéid a dhéanamh CNP ÚNI/CCG go mbeadh fadhbanna suntasacha oibríochta ann ag príomh-acomhail ar fud na cathrach dá gcuirfí beartas CNP i bhfeidhm in éagmais N6 CBCG.

### 8.2.2.3 Réamhaisnéisí i Straitéis Iompair na Gaillimhe

Leagtar amach i gCuid 6.8.3.3 de Chaibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh Bealaigh de TMTT Straitéis Iompair na Gaillimhe a d'fhorbair Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Údarás Iompair Náisiúnta (ÚNI) chun cabhrú le saincheisteanna iompair reatha a réiteach i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Rinneadh tástáil íogaireachta ag baint úsáide as réamhaisnéisí CNP ÚNI le moltaí SIG i bhfeidhm freisin i.e. CNP ÚNI + SIG. Déantar comparáid sna míreanna thíos idir torthaí na tástála íogaireachta seo agus moltaí Rud Éigin a Dhéanamh 'Cás Lárnach TII' agus moltaí SIG i.e. cuireadh Cás Lárnach TII +SIG i láthair in TMTT.

***Staitisticí Líonra Iomlán***

Déantar comparáid i d**Tábla 8.9** thíos idir an Fad Iomlán a Thaistealaíonn Feithicil, Am Iomlán Taistil sa Líonra agus Meánluasanna Feithiclí ar an líonra do chás TMTT (a forbraíodh le réamhaisnéisí Cás Lárnach TII) agus do chás CNP.

Taispeánann na torthaí thíos go bhfuil tionchar níos mó ag bearta SIG nuair a chuirtear le toimhdí fáis CNP ÚNI seachas le réamhaisnéisí Cás Lárnach TII. Taispeántar laghdú san Fhad a Thaistealaíonn Feithicil agus san Am Iomlán Taistil sa Líonra (thart ar 4% agus 6% faoi seach), agus feabhsaítear Meánluas na bhFeithiclí mar thoradh ar bhearta SIG sna cásanna fáis CNP.

**Tábla 8.9: Comparáid idir Táscairí Feidhmíochta Líonra ag Buaicuaireanta AM agus SIG**

| Cás | Fad a Thaistealaíonn Feithicil (pcu. Km) | Am Iomlán Taistil sa Líonra (pcu. Uair) | Meánluas Feithicle (kph) |
|---|---|---|---|
| TMTT - Rud Éigin a Dhéanamh, Cás Lárnach TII | 294,178 | 7,611 | 38.7 |
| TMTT – Cás Lárnach TII+SIG | 294,497 | 7,756 | 38.0 |
| **Difríocht (%)** | **+0%** | **+2%** | **-2%** |
| CNP ÚNI/CCG - Rud Éigin a Dhéanamh | 339,630 | 9,300 | 36.5 |
| CNP ÚNI/CCG + SIG | 325,157 | 8,707 | 37.3 |
| **Difríocht (%)** | **-4%** | **-6%** | **+2%** |

***Am Taistil***

Léiríonn comparáid idir na hamanna taistil do TMTT Rud Éigin a Dhéanamh + SIG (a forbraíodh ag úsáid réamhaisnéisí Chás Lárnach TII) agus CNP ÚNI Rud Éigin a Dhéanamh + GIS go bhfuil tionchar íosta ar amanna taistil ag bearta SIG faoi thoimhdí fáis Chás CNP ÚNI agus go gcuireann siad leis an moill má úsáidtear toimhdí forbartha Chás Lárnach TII. Le linn bhuaicthréimhse AM, méadaíonn an meán-am taistil 5% le SIG i bhfeidhm do na réamhaisnéisí TMTT ach níl aon mhéadú ann faoi réamhaisnéisí an CNP. Áirítear le SIG roinnt beart a laghdaíonn

acmhainn feithiclí sa chathair i bhfabhar soláthar méadaithe seirbhíse do mhodhanna inbhuanaithe (e.g. Droichead na mBradán a dhúnadh ar thrácht feithiclí). Mar thoradh ar an laghdú acmhainne seo laghdaítear amanna taistil faoi thoimhdí úsáide talún TMTT ach is beag tionchar atá aige faoi thoimhdí CNP. Is léiriú é seo ar an athrú modha i dtreo modhanna inbhuanaithe a éascóidh beartas CNP agus léiríonn sé go mbainfear tairbhe níos mó as bearta SIG nuair a bheidh an fás atá tuartha sa daonra agus san fhostaíocht comhchruinnithe i lár na cathrach agus i lonnaíochtaí ar féidir leis an iompar poiblí freastal orthu go héasca orthu mar atá i gceist le toimhdí úsáide talún CNP.

***Cóimheas idir sruth agus acmhainn (CSA)***

Is ionann na príomh-acomhail a úsáideadh don mheasúnú acmhainne seo agus na cinn a leagtar amach i bPláta 6.8 i gCaibidil 6, Measúnú Tráchta agus Trasghearradh Bealaigh den TMTT. Sonraítear i **dTábla 8.10** thíos torthaí na comparáide CSA don bhuaicthréimhse AM.

**Tábla 8.10: Cóimheas idir sruth agus acmhainn ag buaicuaireanta AM ar an líonra**

| | Critéir | TMTT (Cás Lárnach TII) | TMTT Cás Lárnach TII +SIG | CNP ÚNI/CCG | CNP ÚNI/CCG + SIG |
|---|---|---|---|---|---|
| Príomh-acomhail (N6 / R338) | CSA > 90% | 12 | 8 | 14 | 6 |
| Líonra ina Iomláine | CSA > 90% | 115 | 131 | 185 | 150 |

Taispeántar sa tábla thuas, mar a bheifí ag súil leis, go méadaítear líon na nasc sa líonra lena mbaineann CSA os cionn 90% mar thoradh ar thoimhdí nua CNP ÚNI i gcomparáid le toimhdí Chás Lárnach TII in TMTT. Tarlaíonn seo mar go nglactar le leibhéal níos airde daonra agus fostaíochta i gCás CNP agus mar thoradh air sin, is mó turas a ghintear le linn na mbuaicuaireanta. Mar thoradh air sin, tagann méadú ar an sruth tráchta trí na príomh-acomhail sa limistéar staidéir.

Léiríonn scrúdú ar an tionchar a bheadh ag beart SIG dá dtabharfaí isteach iad go bhfuil buntáistí beaga ann ar feadh príomh-acomhail. Mar sin féin, ar bhonn an líonra ar fad, is é an toradh a bheadh ar bheartas SIG go mbeadh méadú ar líon na nasc ag a bhfuil CSA os cionn 90%.

Faoi thoimhdí CNP, feabhsaíonn feidhmíocht líonra ag príomh-acomhail agus ar fud an líonra mar thoradh ar bhearta SIG a thabhairt isteach. Tá sé suntasach go bhfuil líon na bpríomh-acomhal ag bhfuil CSA níos mó ná 90% (6) níos lú ná cás inchomparáide TMTT (8). I bhfianaise go bhfreastalóidh cás CNP ar níos mó turais daoine ar an líonra ná mar a fhreastalóidh cás TMTT agus ós rud é go bhfuil ceisteanna oibríochtúla ag níos lú nasc in CNP, léirítear go bhfuil buntáistí suntasacha ag baint leis an gcomhtháthú maith idir úsáid talún agus iompar.

### *Sciar Modha*

Léiríonn **Tábla 8.11** thíos comparáid sciar modhanna do lár na cathrach, thar thréimhse iomlán 24 uair an chloig.

**Tábla 8.11: Céatadáin Sciar Modha i Lár na Cathrach**

| Cás | % Carr | % IP | % Siúl | % Rothaíocht |
|---|---|---|---|---|
| TMTT Rud Éigin a Dhéanamh, Cás Lárnach TII | 69% | 4% | 25% | 3% |
| TMTT – Cás Lárnach TII+SIG | 67% | 5% | 25% | 3% |
| **Difríocht (%)** | **-2%** | **+1%** | **0%** | **0%** |
| CNP ÚNI – Rud Éigin a Dhéanamh | 61% | 6% | 30% | 3% |
| CNP ÚNI+SIG | 54% | 8% | 32% | 6% |
| **Difríocht (%)** | **-7%** | **+2%** | **+2%** | **+3%** |

Taispeánann an anailís sciar modhanna go mbaineann buntáistí suntasacha leis an daonra agus na poist atá tuartha a lonnú i lár na cathrach agus i lonnaíochtaí a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu go héasca, de réir beartas CNP.

Mar thoradh ar bhearta SIG a thabhairt isteach faoi thoimhdí fáis CNP ÚNI bheadh laghdú 7% ar an sciar modha atá ag carranna i gcathair na Gaillimhe i gcomparáid le laghdú 2% faoi thoimhdí Chás Lárnach TII a úsáidtear san anailís a rinneadh do TMTT. Léiríonn sé sin go mbeidh méadú níos mó ar an sciar modha atá ag modhanna inbhuanaithe má chuirtear an comhtháthú níos mó in úsáidí talún agus comhdhlúthú an daonra atá i gceist i gCás CNP ÚNI i bhfeidhm mar aon le bearta SIG.

### *Achoimre*

Sna míreanna thuas, déantar comparáid idir bearta a shonraítear i Straitéis Iompair na Gaillimh (SIG) faoi thoimhdí fáis CNP ÚNI/CCG agus léirítear Cás Lárnach TII in TMTT.

Léirítear sna torthaí, go ginearálta, go mbeidh roinnt feabhsúchán ar fheidhmíocht an líonra (méaduithe ar an meánluas, laghduithe ar an meán-am taistil, laghdú ar acomhail ró-acmhainneachta) mar thoradh ar bhearta SIG a thabhairt isteach faoi thoimhdí CNP.

Os a choinne sin, mar thoradh ar bhearta SIG a thabhairt isteach faoi thoimhdí fáis lárnaigh TII, mar atá leagtha amach in TMTT, beidh meath éigin ar fheidhmíocht an líonra (meánluas laghdaithe, meán-amanna méadaithe turais, agus méaduithe i naisc ar fud an líonra ag a bhfuil ASC mó ná 90%).

Is toradh suntasach ar bhearta SIG é go mbeadh athrú i bhfad níos mó sna modhanna faoi thoimhdí fáis CNP ná mar a bheadh faoi thoimhdí fáis Chás Lárnach TII (sciar modha 54% don charr i gcás CNP vs 67% i gCás TII.

Léiríonn na torthaí seo, dá bhrí sin, go bhfuil buntáistí suntasacha le baint as comhtháthú maith san úsáid talún agus iompar agus go mbeidh tionchar i bhfad níos

mó ag bearta SIG (maidir le taisteal inbhuanaithe a spreagadh) má chuirtear i bhfeidhm iad taobh le beartas úsáide talún comhlántach i.e. CNP.

### 8.2.2.4 Réamhaisnéisí Fáis TII CNP

Baineann an anailís a rinneadh i Mír 8.2.2.2 agus Mír 8.2.2.3 thuas úsáid as na réamhaisnéisí a d'fhorbair ÚNI agus Pleanálaithe Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun daonra agus fostaíocht a shannadh mar atá leagtha amach in CNP. I mí na Bealtaine 2019, rinne TII gníomh comhchosúil agus d’eisigh sé réamh-mheastacháin nuashonraithe ar éileamh taistil don tír a bhí ailínithe leis na réamhaisnéisí náisiúnta atá in CNP.

Tugtar forléargas i dTreoirlínte Measúnaithe Tionscadail do Bhóithre Náisiúnta TII Aonad 5.3 - Réamh-mheastacháin ar éileamh taistil - Bealtaine 2019 (PE-PAG-0217) ar an gcaoi a bhforbraítear na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha agus gheilleagracha i Samhail Náisiúnta Iompair TII (NTpM). Cruthaíonn na samhlacha daonra agus post réamh-mheastacháin ar fhás sa daonra agus san fhostaíocht ar leibhéal na dToghcheantar a dhéantar a chomhiomlánú ina dhiaidh sin go leibhéal chrios NTpM. Tá an réamh-mheastachán lárnach bunaithe ar Chás “Cathair 50:50” an ITES in “*Prospects for Irish Regions and Counties: Scenarios and Implications (2018)*” dá gcuid. Sa chás seo, tá an méadú sa daonra roinnte go cothrom a bheag nó a mhór idir an Réigiún Thoir agus Lár Tíre agus an chuid eile den tír, agus tá an fás dírithe ar na cathracha móra i ngach réigiún.

Mar a luadh cheana, bunaíodh an réamhaisnéis daonra agus fostaíochta do chás CNP ÚNI (réamhaisnéisí CNP le hionchur ó Phleanálaithe Chathair agus Chontae na Gaillimhe) do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe ag baint úsáide as cur chuige 'ón mbun aníos' bunaithe ar thuiscint ar iarratais phleanála reatha sa chathair agus sa chontae, criosú úsáide talún agus cóimheasa plota, chomh maith le beartas áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Cé go bhfuil an dá mhodh réamhaisnéise ailínithe le CNP, i bhfianaise suíomh uirbeach N6 CBCG agus an leibhéal gráinneach sonraí laistigh de réamhaisnéisí Cás CNP ÚNI, meastar gurb iad réamhaisnéisí Cás CNP ÚNI na réamhaisnéisí is oiriúnaí chun athmheasúnú a dhéanamh ar scéim.

### 8.2.2.5 Impleachtaí iarmhartacha na réamhaisnéisí tráchta CNP ar ghabhdóirí comhshaoil

Úsáidtear na sonraí meánacha bliantúla um thrácht laethúil (AADT) atá tuartha chun an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ann ar an gcomhshaol i dtéarmaí torainn, cháilíocht an aeir agus cháilíocht an uisce a mheas. Pléitear thíos na himpleachtaí seo ar ghabhdóirí comhshaoil má chuirtear réamhaisnéisí tráchta CNP ÚNI/CCG san áireamh.

***Torann***

Samhlaíodh sruthanna tráchta a bhaineann le Cásanna CNP ÚNI/CCG don mheasúnú torainn ag na suíomhanna céanna a ndearnadh measúnú orthu in TMTT.

Léiríonn torthaí an mheasúnaithe torainn athrú neamhbhríoch ar na leibhéil torainn idir na leibhéil a bhaineann le figiúirí fáis Chás Lárnach TII a úsáideadh in TMTT agus i gcásanna CNP ÚNI. Tá an chuid is mó (94%) de na hathruithe i leibhéil torainn mar thoradh ar na réamhaisnéisí níos airde i gCásanna CNP ÚNI níos lú nó cothrom le 1dB(A). Tá méadú idir 1.1 agus 2.6dB ann i líon beag láithreacha eile i gcomparáid leo siúd a ríomhtar in TMTT. Tá na láithreacha seo feadh an líonra bóithre áitiúil taobh amuigh den teorainn forbartha bóthair atá beartaithe agus den chuid is mó, tá laghdú ar an leibhéal torainn foriomlán i gcomparáid leis an gcás Íosmhéid a Dhéanamh.

Tá 13 láthair feadh N6 CBCG i gCásanna CNP ÚNI/CCG mar a méadaítear leibhéal an torainn oibriúcháin os cionn na sprice deartha faoi 1dB Lden nó 1dB os cionn leibhéal torainn iarmharaigh TMTT. Tá an t-athrú ríofa seo ar leibhéal an torainn fánach (0.5 go 0.7dB) nuair a chuirtear é i gcomparáid leo siúd a ndéantar measúnú orthu in TMTT. Ina theannta sin, tá bearta suntasacha maolaithe torainn i bhfeidhm cheana féin ag na láithreacha seo (i.e. bacainní torainn idir 2.5 agus 4m ar airde), agus ní mheastar go bhfuil sé indéanta mar gheall ar chúrsaí innealtóireachta agus comhshaoil eile airde na mbacainní torainn a mhéadú a tuilleadh ag na láithreacha seo chun athrú do-airithe a bhaint amach ar leibhéal torainn.

Tá tuilleadh eolais ar an measúnú seo le fáil in **Aguisín A.8.2** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo.

***Caighdeán an Aeir***

Úsáidtear na réamhaisnéisí tráchta níos airde seo do Chásanna CNP ÚNI/CCG chun na measúnuithe éiceolaíochta agus aeráide áitiúla agus réigiúnacha a athmheasúnú. Cuirtear tiúchan tuartha na dtruailleán ábhartha i gcomparáid le caighdeáin cháilíocht an aeir arb iad na teorainneacha reachtúla atá i bhfeidhm in Éirinn. Níl aon drochthionchar ar cháilíocht an aeir mar thoradh ar Chásanna CNP ÚNI. Tá na tuartha uile maidir le cáilíocht an aeir laistigh de na caighdeáin.

Déantar athmheasúnú freisin ar an bhféidearthacht atá ann maidir le truaillithe cumaisc nítrigine mar gheall ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe faoi Chásanna CNP ÚNI/CCG, agus tá gach tiúchan tuartha i gcomhréir le caighdeáin cháilíocht an aeir chun an fásra a chosaint.

Tá tuilleadh eolais ar an measúnú seo le fáil in **Aguisín A.8.3** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo.

***Cáilíocht an Uisce***

Measúnaíodh na tionchair a d'fhéadfadh a bheith i gceist ó thaobh cháilíocht an uisce (idir screamhuisce agus uisce dromchla) freisin agus Cásanna Féideartha CNP ÚNI/CCG á n-úsáid. Taispeánadh le torthaí na hanailíse HAWRAT ar cháilíocht an uisce a bhain le sruthanna éalaithe draenála chuig an dromchla nach bhfuil aon athrú ar an méid a cuireadh i láthair in TMTT. Ó thaobh an bhaoil go sceithfear ábhar ó thionóiscí HGV, tá ardú an-bheag tagtha ar an mbaol sin. Mar gheall ar

leibhéal fíoríseal an bhaoil ag na sruthanna éalaithe aonair chuig an dromchla agus screamhuisce áfach, agus na bearta cosanta draenála a bheartaítear leis an dearadh, lena gcuimsítear bogaigh, idircheapóirí peitril, loc-chomhlaí stoptha, etc., ní thiocfaidh aon ardú ar mhéid an tionchair ar cháilíocht an uisce de thoradh Chásanna Féideartha CNP ÚNI/CCG.

Mar chonclúid mar sin, níl aon drochthionchar ar cháilíocht an uisce (idir screamhuisce agus uisce dromchla) de thoradh Chásanna Féideartha CNP ÚNI/CCG.

***Sláinte an Duine***

Cuirtear na tionchair sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe i láthair i gCaibidil 18, Daoine, Daonra agus Sláinte Daonna, de TMTT. Díríodh go príomha ar thrí phríomhréimse, eadhon sláinte a chosaint, sláinte a fheabhsú agus seirbhísí a fheabhsú. Cuireadh measúnuithe teicniúla ar an tionchar a bheadh ann ar thorann, an t-aer, an ithir agus an t-uisce i láthair in TMTT, agus seiceáladh gur comhlánaíodh na caighdeáin ábhartha agus go raibh siad ag teacht leis na luachanna teorann. A luaithe agus a chomhlíontar na caighdeáin seo, ní mheastar go mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe ar shláinte an duine. Toisc go mbraitheann na measúnuithe maidir le torann, cáilíocht an aeir agus cáilíocht an uisce ar réamhaisnéisí tráchta, athmheasúnaíodh iad seo do Chásanna CNP ÚNI/CCG. Toisc nach léiríonn na hathmheasúnuithe go mbeadh drochthionchar ag na bealaí seo ar shláinte an duine, ní bheidh aon drochthionchar ar shláinte an duine mar thoradh ar Chás CNP ÚNI/CCG.

Cuirtear feabhas breise ar dheiseanna chun an tsláinte a fheabhsú i gCásanna CNP ÚNI/CCG mar go bhfuil an daonra agus na poist dírithe sa cheantar uirbeach agus go mbeidh níos mó deiseanna fostaíochta do chuid níos mó den daonra. Beidh tionchar dearfach ag an stádas feabhsaithe socheacnamaíoch seo ar thorthaí sláinte. Ar deireadh, cabhróidh sé le torthaí sláinte go laghdófar an úsáid a bhaintear as carranna agus go mbeidh sciar modha níos mó ag an rothaíocht agus ag an siúl, mar a léirítear i d**Tábla 8.11** thuas.

# 9 Soiléirithe

## 9.1 Soiléiriú ar thagairtí d'Fhíoracha i gCaibidil 11

### 9.1.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 8a den IFB:

*Soiléirigh GACH fíor dá dtagraítear i gCaibidil 11 de TMTT – níl an t-uimhriú soiléir agus tá sé neamhréireach le líníochtaí a thugtar san Aguisín a ghabhann le Caibidil 11.*

### 9.1.2 Freagra

Ar mhaithe le hiomláine agus éascaíocht tagartha, féach thíos na tagairtí cearta d'fhíoracha i gCaibidil 11, Hidreolaíocht de TMTT.

**Tábla 9.1: Tagairtí ceartaithe d'Fhíoracha i gCaibidil 11, Hidreolaíocht**

| Cuid | Teideal na Coda | Tagairt a cuireadh isteach | Tagairt cheartaithe |
|---|---|---|---|
| 11.2.4 | An Limistéar Staidéir agus Bailiúchán Sonraí Bonnlíne | Fíoracha 11.1.101 go 11.1.114 | Fíoracha 11.1.001 go 11.1.002 |
| 11.3.1 | Forbhreathnú Réigiúnach ar an Hidreolaíocht | Caibidil 11, Hidrigeolaíocht | Caibidil 10, Hidrigeolaíocht |
| 11.3.3 | Gnéithe Draenála Hidreolaíocha | Fíoracha 11.1.101 go 11.1.114 | Fíoracha 11.1.001 go 11.1.002 |
| 11.3.5 | Stádas Éiceolaíochta Uisce Dromchla | Fíoracha 11.1.101 go 11.1.114 | Fíoracha 11.1.001 go 11.1.002 |
| 11.4.1.3 | Gnéithe Draenála Bóthair atá Beartaithe | Fíoracha 11.6.101 go 11.6.115 | Fíoracha 11.5.01 go 11.5.02 agus 11.5.101 go 11.5.115. |
| 11.4.2 | An Chéim Thógála | Fíoracha 7.101 go 7.123 | Fíoracha 7.101 go 7.124 |
| 11.5.4.2 | Gnáthrith chun srutha ó bhóthar | Fíoracha 11.6.101 go 11.6.115 | Fíoracha 11.5.01 go 11.5.02 agus 11.5.101 go 11.5.115. |
| 11.5.4.2 | Gnáthrith chun srutha ó bhóthar | Fíoracha 11.6.101 go 11.6.115 | Fíoracha 11.5.01 go 11.5.02 agus 11.5.101 go 11.5.115. |
| 11.5.4.2 | Gnáthrith chun srutha ó bhóthar - Tábla 11.33 | Fíoracha 11.6.101 go 11.6.115 | Fíoracha 11.5.101 go 11.5.115 |
| 11.6.3.1 | Riosca ar Thuilte a mhaolú | Líníocht GCOB-500-D-600 | Fíor 11.6.001 |

## 9.2 Líníocht GCOB-500-D-600

### 9.2.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 8b den IFB:

*Deimhnigh go bhfuil Líníocht GCOB-500-D-600 dá dtagraítear i gCaibidil 11 de TMTT mar an gcéanna le Fíor 11.6.001.*

### 9.2.2 Freagra

Tá Líníocht GCOB-500-D-600 dá dtagraítear i gCaibidil 11 Hidreolaíocht de TMTT mar an gcéanna le Fíor 11.6.001 in Imleabhar 3 de TMTT. Tá cóip de líníocht GCOB-500-D-600 in Imleabhar 2 den Tuarascáil Dearaidh - Fíoracha.

## 9.3 Soiléiriú ar thagairtí d'Fhíoracha i gCaibidil 12

### 9.3.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 8c den IFB:

*Soiléirigh fíoracha dá dtagraítear i gCaibidil 12 de TMTT – níl fíoracha 12.4.01 go 12.4.14 san aguisín a ghabhann le Caibidil 12.*

### 9.3.2 Freagra

Is earráid chlóscríofa í an tagairt d'Fhíoracha 12.4.01 go 12.4.14 toisc nach ann do na fíoracha seo agus níl siad sna fíoracha a ghabhann le Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc de TMTT. Ba cheart go ndéanfaí tagairt d'Fhíoracha 12.1.01 go 12.1.15 Sa tábla thíos, tugtar na tagairtí cearta d'fhíoracha i gCaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc de TMTT.

**Tábla 9.2: Tagairtí ceartaithe d'Fhíoracha i gCaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc**

| Cuid | Teideal na Coda | Tagairt a cuireadh isteach | Tagairt cheartaithe |
|---|---|---|---|
| 12.2.5 | Modheolaíocht don Mheasúnú Tionchair | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.14 | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 |
| 12.5.3 | Tionchair Fhéideartha na Tógála | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.14 | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 |
| 12.5.3.1 | Tionchair Fhéideartha na Tógála | 12.4.01 go 12.4.05 | 12.1.01 go 12.1.05 |
| 12.5.3.2 | Tionchair Fhéideartha na Tógála | Fíoracha 12.4.05 go 12.4.06 | Fíoracha 12.4.12 go 12.4.13 |
| 12.5.3.3 | Tionchair Fhéideartha na Tógála | Fíoracha 12.4.06 go 12.4.08 | Fíoracha 12.1.06 go 12.1.08 |
| 12.5.3.4 | Tionchair Fhéideartha na Tógála | Fíoracha 12.4.08 go 12.4.10 | Fíoracha 12.1.08 go 12.1.10 |

| Cuid | Teideal na Coda | Tagairt a cuireadh isteach | Tagairt cheartaithe |
|---|---|---|---|
| 12.5.3.5 | Tionchair Fhéideartha na Tógála | Fíoracha 12.4.10, 12.4.11 agus 12.4.14. | Fíoracha 12.1.10, 12.1.11 agus 12.1.14. |
| 12.6.3 | An Chéim Oibríochta | Fíoracha 12.4.01 go 12.4.14 | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 |
| 12.6.3.2 | Bearta Sonracha Tírdhreacha | Fíoracha 12.4.01 go 12.4.14 | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 |
| 12.6.3.2 | Bearta Sonracha Tírdhreacha – Tábla 12.8 | Fíoracha 12.4.01 go 12.4.14 | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 |
| 12.7.3 | An Chéim Oibríochta | Fíoracha 12.4.01 go 12.4.14 | Fíoracha 12.1.01 go 12.1.15 |

## 9.4 Suíomh Bóithre Rochtana

### 9.4.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 8d den IFB:

*Soiléirigh suíomhanna na mBóithre Rochtana 13/07, 13/08, 13/09 – léirigh na suíomhanna ar líníochtaí*

### 9.4.2 Freagra

Leis na fíoracha breise, **Fíoracha 4.1.01** go **4.1.30** in **Aguisín A.9.1** leis an bhFreagra RFI seo, léirítear ionad gach ceann de na bóithre áise, ionad Bhóithre Áise AR 13/07, 13/08 agus 13/09 san áireamh. Tugtar na sonraí maidir leis an gcóir ar na teorainneacha agus an mhósáic maidir le húinéireacht talún san áireamh leis na fíoracha sin chomh maith. Tugtar eolas i dTábla 5.15 de Chaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe de TMTT ar na bóithre rochtana a áirítear leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe. Sainaithníodh na bóithre rochtana seo go léir in TMTT mar bhóithre príobháideacha le ceart slí príobháideach curtha ar fáil do na páirtithe sin atá liostaithe ach ba chóir go mbeadh cuid de na bóithre sin liostaithe mar bhóithre poiblí. Ina theannta sin, tá leithead beartaithe na mbóithre rochtana seo curtha san áireamh sna táblaí thíos. Soiléiríonn na **Táblaí 9.3** agus **9.4** thíos, ar cóip é de Thábla 5.15 de TMTT atá roinnte ina dhá thábla, cé na bóithre atá beartaithe le bheith ina mbóithre príobháideacha a bhfuil ceart slí príobháideach orthu ag na páirtithe sin atá liostaithe faoin uimhir thagartha (Tábla 5.15) agus cé na bóithre a bheidh ina mbóithre poiblí (Tábla 5.15A).

**Tábla 9.3: Bóithre Rochtana Príobháidí (Tábla 15.5 nuashonraithe de TMTT)**

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| Ch. 0+000 | Bóthar rochtana 80m AR 0/01<br>Leithead 6m | 102,<br>103 | Tugann sé bealach isteach chuig tithe agus chuig dáileachtaí talún trí gheataí aonair páirce mar go bhfuil an bealach isteach reatha ar an R336 reatha |
| Ch. 0+000 go Ch. 0 + 250 | Bóthar rochtana 320m AR 0/02<br>Leithead 4m | 106,<br>107,<br>108,<br>109,<br>112 | Tugann sé bealach isteach go linnte maolúcháin agus dáileachtaí talún trí gheataí aonair goirt mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach reatha rochtana |
| Ch. 0+650 go Ch. 0+700 | Bóthar rochtana 65m AR 0/03<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin |
| Ch. 0+850 go Ch. 0+950 | Bóthar rochtana 160m AR 0/04<br>Leithead 4m | 114,<br>117 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún |
| Ch. 0+990 | Bóthar rochtana 30m AR 0/05<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin |
| Ch. 1+100<br>(Bóthar Throscaí L5387) | Bóthar rochtana 35m AR 01/01<br>Leithead 4m | 130,<br>131,<br>7891 | Bealach isteach athghrádaithe chuig tithe agus chuig dáileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair trí Bhóthar na bhForaí Maola. |
| Ch. 1+300<br>(Bóthar Throscaí L5387) | Bóthar rochtana 30m AR 01/03<br>Leithead 4m | 144,<br>145 | Tugann sé rochtain (tríd an mbóthar ceangail atá beartaithe ó na Foraí Maola go Troscaigh) ar dháileachtaí talún mar go gcuirfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe isteach ar an socrú rochtana atá ann faoi láthair |
| Ch. 1+500 | Bóthar rochtana 15m AR 01/04<br>Leithead 4m | 156,<br>157 | Bealach rochtana atá beartaithe le ceangal leis an mbealach rochtana isteach chuig tithe faoi láthair agus tithe atá ann cheana a fhaigheann rochtain faoi láthair trí bhealach rochtana. Cuirfidh an |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | | | fhorbairt bhóthair atá beartaithe isteach ar an socrú rochtana atá ann faoi láthair trí Bóthar Throscaí L5387. |
| Ch. 1+550 | Bóthar rochtana 25m AR 01/05<br>Leithead 4m | 154 | Tugann sé bealach isteach chuig dáileacht talún mar go gcuirfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe deireadh leis an socrú rochtana atá ann faoi láthair trí Bhóthar Throscaí L5387. |
| Ch. 1+550 go Ch. 1+675<br>(Bóthar Throscaí L5387) | Bóthar rochtana 215m AR 01/06<br>Leithead 6m | 149,<br>150,<br>151,<br>152,<br>153 | Tugann sé rochtain ar thithe agus ar dháileachtaí talún ach tabharfar rochtain ar linnte maolúcháin freisin. |
| Ch. 2+475 go Ch. 2+550 | Bóthar rochtana 65m AR 02/01<br>Leithead 4m | 176 | Tugann sé rochtain ar dháileacht talún trí Bhóthar Ann Gibbons L13215 mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an dáileacht talún amach. |
| Ch. 1+750 go Ch. 2+550 | Bóthar rochtana 830m AR 02/02<br>Leithead 4m | 171,<br>147,<br>174,<br>173,<br>172,<br>170,<br>169,<br>167,<br>166,<br>146,<br>165,<br>168 | Tugann sé rochtain ar tithe agus ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair trí Bhóthar Ann Gibbons L13215. |
| Ch. 3+275 | Bóthar rochtana 10m AR 03/01<br>Leithead 4m | 199 | Tugann sé rochtain ar thalamh mar go n-athróidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair trí Bhóthar na hAille (suite ó thuaidh ón Tardhroichead atá beartaithe sna hAille S03/01). |
| Ch. 3+325 go Ch. 3+900 | Bóthar rochtana 620m AR 03/02<br>Leithead 4m | 207,<br>197,<br>205, | Tugann sé bealach isteach chuig dáileachtaí talún trí Bhóthar na hAille L5384 |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | | 208,<br>209,<br>210 | mar go bhfuil an bealach isteach reatha scoite ag an bhforbairt bhóthair atá beartaithe. Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin freisin. |
| Ch. 4+025 go Ch. 4+050 | Bóthar rochtana 75m AR 04/01<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin |
| Ch. 4+240 go Ch. 4+360 | Bóthar rochtana 140m AR 04/02<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin |
| Ch. 4+450<br>(Ó dheas ó Acomhal Bhóthar na Ceapaí) | Bóthar rochtana 20m AR 04/03<br>Leithead 4m | 213 | Ní mór athailíniú a dhéanamh ar an mbealach rochtana mar gheall ar a ghaire atá sé don Acomhal le comharthaí atá beartaithe do Bhóthar na Ceapaí. |
| Ch. 4+450<br>(Ó thuaidh ó Acomhal Bhóthar na Ceapaí) | Bóthar rochtana 10m AR 04/04<br>Leithead 4m | 215 | Ní mór athailíniú a dhéanamh ar an mbealach rochtana mar gheall ar a ghaire atá sé don Acomhal le comharthaí atá beartaithe do Bhóthar na Ceapaí. |
| Ch. 4+450 go Ch. 4+675 (Ó thuaidh ó Acomhal Bhóthar na Ceapaí) | Bóthar rochtana 185m AR 04/05<br>Leithead 4m | 216,<br>217,<br>223,<br>226 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair trí Bhóithrín na Buaile Bige. |
| Ch. 4+525 go Ch. 4+650 | Bóthar rochtana 145m AR 04/06<br>Leithead 4m | 223,<br>224,<br>226,<br>227 | Athailíniú ar Bhóithrín na Buaile Bige mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe é. Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún |
| Ch. 4+950 go Ch. 4+990 | Bóthar rochtana 60m AR 04/07<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ón bpríomhlíne ar linnte maolúcháin. Tá geata rochtana chuig an linn le cur ar fáil in aice an charrbhealaigh |
| Ch. 5+360 go Ch. 5+660<br>Ó thuaidh ó Acomhal Bóthar Bhaile an Mhóinín | Bóthar rochtana 345m AR 05/01<br>Leithead 6m | 223,<br>230,<br>261 | Tugann sé rochtain ar chlós feirme agus ar dháileachtaí talún mar go bhfuil an bealach isteach reatha ar Bhóthar reatha Bhaile Mhóinín. |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| Ch. 5+600 go Ch. 5+625<br>Ó dheas ó Acomhal Bhóthar Bhaile Mhóinín | Bóthar rochtana 30m AR 05/02<br>Leithead 4m | 232 | Tugadh rochtain cheana do thithe atá suite díreach taobh thiar de Bhóthar Bhaile Mhóinín, ach ní mór athailíniú a dhéanamh mar gheall ar a ghaire atá siad don acomhal le comharthaí atá beartaithe. |
| Ch. 6+375 go Ch. 6+475 | Bóthar rochtana 110m AR 06/01<br>Leithead 4m | 243 | Tugann sé rochtain ar dháileacht talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair trí Bhóthar an Chlaí Bháin. |
| Ch. 6+525 go Ch. 6+560 | Bóthar rochtana 45m AR 06/02<br>Leithead 6m | 312, 260 | Tugann sé rochtain ar chlós feirme. Rochtain curtha ar fáil mar chuid den athailíniú ar Bhóthar an Chlaí Bháin. |
| Ch. 6+600 go Ch. 6+960 | Bóthar rochtana 370m AR 06/03<br>Leithead 4m | 241,<br>239,<br>247,<br>245 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún a scoithfear amach leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe |
| Bóthar Ceangail N59 Theas Ch. 1+900 | Bóthar rochtana 50m AR 07/01<br>Leithead 6m | 481 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar chuid den fhorbairt bhóthair atá beartaithe. |
| Ch. 7+225 go Ch. 7+300 | Bóthar rochtana 60m AR 07/04<br>Leithead 4m | 250/466 | Suite giota beag ó Bhóthar Leitrí L1323. Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |
| Ch. 7+260 go Ch. 7+450 | Bóthar rochtana 200m AR 07/05<br>Leithead 4m | 272/462 | Suite giota beag ó Bhóthar Leitrí L1323. Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin freisin |
| Bóthar Ceangail N59 Theas Ch. 1+500 | Bóthar rochtana 60m AR 07/06<br>Leithead 4m | 486 | Suite giota beag ó Bhóthar Leitrí L1323, in aice leis an acomhal comhréidh ar Bhóthar Leitrí. Tugann sé rochtain ar theach mar go gcuirfear isteach ar an |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | | | mbealach rochtana atá ann faoi láthair leis an acomhal a chuirfear ann |
| Bóthar Ceangail N59 Theas Ch. 1+350 go Ch. 1+400 | Bóthar rochtana 80m AR 07/07<br>Leithead 4m | 486,<br>272/462 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |
| Bóthar Ceangail N59 Theas Ch. 1+140 go Ch. 1+190 | Bóthar rochtana 70m AR 07/08<br>Leithead 4m | 457 | Tugann sé rochtain ar thailte feirmeoireachta mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. |
| Bóthar Ceangail N59<br>Ch. 0+700 go Ch. 0+860 | Bóthar rochtana 210m AR 07/09<br>Leithead 4m | 457,<br>502,<br>505,<br>501,<br>468 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. |
| Ch. 7+800 go Ch. 7+850. Rochtain ón líonra bóithre áitiúla. | Bóthar rochtana 160m AR 07/10<br>Leithead 4m | 506<br>504,<br>Fóilió GY86696F,<br>Fóilió<br>GY35103F,<br>Fóilió GY118263F,<br>Fóilió GY41823F,<br>Fóilió GY42106F,<br>Fóilió GY36701F,<br>Fóilió GY36702F,<br>Fóilió GY35496F,<br>Fóilió GY43487F,<br>Fóilió GY45453F,<br>Fóilió GY40760F,<br>Fóilió GY41001F,<br>Fóilió GY35497F,<br>Fóilió GY47703F,<br>Fóilió GY35104F,<br>Fóilió GY45455F,<br>Fóilió GY45454F,<br>Fóilió GY41735F,<br>Fóilió GY45416F,<br>Fóilió GY36705F,<br>Fóilió GY39148F, | Suite amach ón gCuarbhóthar agus tá bóthar rochtana atá ann cheana féin go dtí an Fraochmhá i gceist leis. Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Beidh an bealach isteach ceangailte den chuid eile den bhealach rochtana do thithe atá ann anois. |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | | Fóilió GY36703F,<br>Fóilió GY5454F,<br>Fóilió GY36704F, | |
| Bóthar Ceangail N59 Theas Ch. 1+760 | Bóthar rochtana 10m AR 07/11<br>Leithead 6m | 484 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |
| Ch. 8+360 go Ch. 8+500 | Bóthar rochtana 115m AR 08/01<br>Leithead 6m | 517,<br>518 (Fóilió GY72504F),<br>Fóilió GY61252F<br>Fóilió<br>GY79016F<br>Fóilió<br>GY106159F<br>Fóilió<br>GY61254F<br>Fóilió<br>GY95973F<br>Fóilió<br>GY61253F | Suite giota beag ón N59. Tugann sé rochtain ar theach agus ceanglaíonn sé leis an mbealach rochtana atá ann faoi láthair chuig forbairt tithíochta (517). Scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach isteach reatha. Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin freisin. |
| Ch. 8+375 go Ch. 8+450 | Bóthar rochtana 165m AR 08/02<br>Leithead 4m | 515,<br>522 | Tugann sé rochtain ar theach mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach isteach reatha. Bealach rochtana ceangailte leis an gCuarbhóthar L1020. |
| Ch. 8+525 go Ch. 8+625 | Bóthar rochtana 100m AR 08/03<br>Leithead 6m | 531,<br>532,<br>533,<br>534,<br>&<br>Fóilió GY26414F,<br>Fóilió<br>GY28597F,<br>Fóilió<br>GY23431F,<br>Fóilió<br>GY23250F, Fóilió<br>GY20148F,<br>Fóilió<br>GY26176F | Suite giota beag ón N59. Tugann sé rochtain ar Eastát Achadh an Churraigh (tithe agus dáileachtaí talún) mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach isteach reatha. Beidh an bealach isteach ceangailte den chuid eile den bhealach rochtana do thithe atá ann anois. |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Slabhraíocht Neasach | Tuairisc | | |
| | | | |
| Ch. 8+500 | Bóthar rochtana 640m AR 08/05<br>Leithead 4m | 489 | Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin agus rochtain gan srian ar 489 |
| Ch. 9+090 go Ch. 9+160 | Bóthar rochtana 110m AR 09/01<br>Leithead 4m | 528,<br>543,<br>557 | Tugann sé rochtain ar Champas Spóirt OÉG mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Tugann sé rochtain freisin ar linn mhaolúcháin atá suite in aice láimhe freisin. |
| Ch. 9+710 | Bóthar rochtana 120m AR 09/02<br>Leithead 6m | 553,<br>551,<br>562,<br>564,<br>500,<br>Fóilió GY21502F,<br>Fóilió GY100171F,<br>Fóilió GY105725F, | Beidh an bóthar rochtana seo mar chuid de Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh agus mar sin caithfear a thabhairt faoi deara nach mbeidh aon tionchar ar chearta slí uile an úinéara talún. Tugann sé rochtain freisin ar AR 09/03 & AR 09/04. |
| Ch. 9+560 go Ch. 9+710 | Bóthar rochtana 145m AR 09/03<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin. Rochtain ó AR 09/02. |
| Ch. 9+710 go Ch. 9+850 | Bóthar rochtana 160m AR 09/04<br>Leithead 4m | 500 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Rochtain ó AR 09/02. |
| Ch. 9+550 | Bóthar rochtana 120m AR 09/05<br>Leithead 4m | 648 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |
| Ch. 9+500 | Bóthar rochtana 120m AR 09/06<br>Leithead 4m | 649 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| Ch. 10+050 go Ch. 10+140 | Bóthar rochtana 85m AR 10/01<br>Leithead 4m | 563,<br>568,<br>564 | Suite giota beag ón mBóthar Nua, tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |
| Ch. 10+475 go Ch. 10+890 | Bóthar rochtana 420m AR 10/02<br>Leithead 4m | 553,<br>563,<br>572,<br>580,<br>581,<br>591 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair; ach freisin tugann sé rochtain linnte maolúcháin - via AR 10/03, AR 10/04, AR 10/05, AR 10/06, nó AR 10/07. |
| Ch. 10+625 | Bóthar rochtana 100m AR 10/03<br>Leithead 4m | 563 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Tugann sé rochtain ar linn maolúcháin freisin. Ceanglaíonn sé le AR 10/02, AR 10/04 & AR 10/07 |
| Ch. 10+625 go Ch. 10+670 | Bóthar rochtana 65m AR 10/04<br>Leithead 4m | 553 | Tugann sé rochtain ar thalamh. Ceanglaíonn sé le AR 10/03 & AR 10/05 |
| Ch. 10+625 go Ch. 10+725 | Bóthar rochtana 125m AR 10/05<br>Leithead 4m | 553 | Ceanglaíonn sé le AR 10/02 agus AR10/03. Lúb thart ar linn maolúcháin agus rochtain ar thalamh. |
| Ch. 12+110 go Ch. 12+240 | Bóthar rochtana 130m AR 12/01<br>Leithead 6m | 602/698/699/704 | Tugann sé rochtain ar áitreabh tráchtála. Athailíniú beag ar an mbealach rochtana atá ann faoi láthair mar go bhfuil sé gar d’acomhal ilairde N84 atá beartaithe. |
| Ch. 12+290 go Ch. 13+090 | Bóthar rochtana 100m AR 12/03<br>Leithead 4m | 602/698/699/704 | Tugann sé rochtain ar dháileacht talún atá mar chuid den áitreabh tráchtála. Tá obair le déanamh chun an bealach rochtana atá ann faoi láthair a athailíniú mar go bhfuil sé suite gar do |

| **Suíomh** | | **Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | | | bhalla coinneála atá beartaithe. |
| Ch. 12+540 go Ch. 13+100 | Bóthar rochtana 630m AR 12/04<br>Leithead 4m | 626,<br>627,<br>Fóilió GY96107F,<br>Fóilió GY51237, | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún trí Bhóthar na Scoile mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Tugann sé rochtain ar na linnte maolúcháin chomh maith. Coimeádann sé an rochtain ar an gcuid ó thuaidh de Bhóithrín Uí Eidhin. |
| Ch. 13+140 go Ch. 13+290 | Bóthar rochtana 180m AR 13/02<br>Leithead 4m | 705,<br>651,<br>627 | Tugann sé rochtain trí Bhóthar na Scoile ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |
| Ch. 13+390 go Ch. 13+425 | Bóthar rochtana 45m AR 13/03<br>Leithead 4m | 705,<br>658 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach isteach reatha. Suite ar bhóthar rochtana reatha a cheanglaíonn le Bóthar na Scoile.<br>Beidh an bóthar rochtana seo mar chuid de Bhóthar Rochtana Theach Altramais an Chaisleáin Ghearr agus mar sin caithfear a thabhairt faoi deara nach mbeidh aon tionchar ar chearta slí uile an úinéara talún. Áirítear leo seo a leanas na húinéirí talún a mbeidh tionchar orthu ach níl siad teoranta dóibh: 625, 654, 656, 658. |
| Ch. 13+725<br>(Amach ó Bhóthar Thuama N83) | Bóthar rochtana 25m AR 13/05<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin |
| Ch. 13+825 go Ch. 14+175<br>(Amach ó Bhóthar Thuama N83) | Bóthar rochtana 470m AR 13/06<br>Leithead 6m | 682,<br>681,<br>680,<br>679,<br>678,<br>677, | Tugann sé rochtain ar thithe aonair agus ar dháileachtaí talún a bhfaightear bealach isteach chucu díreach ó Bhóthar Thuama N83 faoi láthair. Scarfar an bóthar |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | | 676,<br>675,<br>674,<br>673,<br>658 | rochtana ó Bhóthar Thuama N83. |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Bóthar rochtana 50m AR 13/07<br>Leithead 6m | 695,<br>696 | Déanfar athailíniú ar an mbealach rochtana chuig áitribh thráchtála (Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh) chun spás a chur ar fáil do Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar atá beartaithe |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Bóthar rochtana 35m AR 13/08<br>Athraíonn sé le ceangal leis na cinn atá ann cheana | 695 | Déanfar athailíniú ar an mbealach rochtana chuig áitribh thráchtála (Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh) chun spás a chur ar fáil do Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar atá beartaithe |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Bóthar rochtana 50m AR 13/09<br>Leithead 6m | 695 | Déanfar athailíniú ar an mbealach rochtana chuig áitribh thráchtála (Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh) chun spás a chur ar fáil do Bhóthar Ceangail na Páirce Móire mar atá beartaithe |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Bóthar rochtana 20m<br>AR 14/04<br>Leithead 4m | 701 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Bóthar rochtana 75m<br>AR 14/07<br>Athraíonn sé le ceangal leis na cinn atá ann cheana | 691 | Tugann sé rochtain ar Ráschúrsa na Gaillimhe. |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Bóthar rochtana 20m AR 14/08<br>Leithead 6m | 691 | Tugann sé rochtain ar Ráschúrsa na Gaillimhe (Bealach isteach na dTacsaithe) |
| Ch. 15+690 go Ch. 15+720 | Bóthar rochtana 30m AR 15/04<br>Leithead 6m | 720,<br>719 | Déanfar athailíniú beag ar an mbealach isteach atá ann faoi láthair chuig áitreabh tráchtála (ó AR 15/03 mar atá beartaithe) mar go bhfuil sé gar d'Fhodhroichead S15/02 atá beartaithe. |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| Acomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach | Bóthar rochtana 55m AR 15/05<br>Leithead 7m | 729,<br>691 | Déanfar athailíniú ar an mbóthar rochtana atá ann faoi láthair chuig Ráschúrsa na Gaillimhe mar chuid den uasghrádú ar an acomhal in aice láimhe. |
| Ceangal Chnoc Mhaoil Drise | Bóthar rochtana 55m AR 16/01<br>Leithead 6m | 724 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún agus ar linnte maolúcháin mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. |
| Ch. 16+800 go Ch. 16+830 | Bóthar rochtana 30m AR 16/02<br>Leithead 4m | 756, | Déanfar uasghrádú/athailíniú beag ar an mbóthar rochtana atá ann faoi láthair chun freastal a dhéanamh ar dháileacht talún a scoithfear amach leis an teorainn forbartha atá beartaithe. |
| Ch. 16+950 go Ch. 17+475 | Bóthar rochtana 560m AR 17/01<br>Leithead 4m | 754,<br>751,<br>752 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach isteach reatha. Ceanglaíonn sé leis an mbóthar rochtana atá ann faoi láthair. |

Mar a luadh thuas, sonraítear i **dTábla 9.4** thíos na bóithre rochtana a bheidh ina mbóithre poiblí.

**Tábla 9.4: Bóithre Rochtana Poiblí (Tábla 5.15A de TMTT)**

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| Bóthar Ghort na Bró - Thuaidh | Bóthar rochtana 25m AR 06/06<br>Leithead 6m | - | Tugann sé bealach isteach chuig Páirc Mhiondíola Gateway |
| Bóthar Ghort na Bró | Bóthar Ceangail 100m Pháirc Mhiondíola Gateway AR 06/04<br>Leithead 7m | - | Déanfar athailíniú ar an mbealach rochtana chuig Bóthar Ceangail Pháirc Mhiondíola Gateway lena n-áirítear an timpeallán. |
| Bóthar Ghort na Bró | Bóthar rochtana 30m AR 06/05 | - | Tugann sé bealach rochtana chun an fhorbairt bhóthair atá beartaithe |

| **Suíomh** | | **Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | Leithead 6m | | a cheangal den bhóthar rochtana atá ann faoi láthair chuig eastát tithíochta Ghort na Bró. |
| Bóthar Ceangail N59 Theas Ch. 1+900 | Bóthar rochtana 60m AR 07/02<br>Leithead 6m | - | Tugann sé rochtain ar na forbairtí tithíochta Bhun a' Chnoc agus Chúlgharraí mar chuid den fhorbairt bhóthair atá beartaithe. |
| Bóthar Ceangail N59 Theas Ch. 1+900 | Bóthar rochtana 55m AR 07/03<br>Leithead 6m | - | Tugann sé rochtain ar fhorbairtí tithíochta Bhun a' Chnoc agus Chúlgharraí mar chuid den fhorbairt bhóthair atá beartaithe. Ceanglaíonn sé le AR 07/02 |
| Ch. 8+450 | Bóthar rochtana 30m AR 08/04<br>Leithead 6m | - | Suite giota beag ón N59 (an chuid ó thuaidh den fhorbairt bhóthair atá beartaithe). Ceanglaíonn sé den bhóthar rochtana atá ann faoi láthair. |
| Ch. 10+825 | Bóthar isteach 20m AR 10/06<br>Leithead 4m | - | Gluaiseacht chasta a cheadú do na Feithiclí Ró-Arda a thagann ón sliosbhóthar éigeandála (roimh Thollán Leacaigh) chun gur féidir imeacht ón líonra AR. Is U-chasadh é an bóthar rochtana ó AR 10/02. |
| Ch. 10+620 go Ch. 10+700 | Bóthar rochtana 70m AR 10/07<br>Leithead 4m | | Soláthraíonn sé an pointe deiridh imeachta d'Fheithiclí Ró-arda atá ag taisteal soir ar CCNG an N6 sula dtéann siad isteach i dtollán Leacaigh. Ceanglaíonn sé le AR 10/02 |
| Ch. 11+075 go Ch. 11+575 | Bóthar rochtana 615m AR 11/01<br>Leithead 4m | - | Cuirfidh sé Feithiclí Ró-arda atá ag taisteal ar CCNG an N6 ar mhalairt slí sula dtéann siad isteach i dTollán Leacaigh agus iad ag taisteal siar. Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin agus foirgneamh seirbhísí an Tolláin. |
| Ch. 11+990 go Ch. 12+125 | Bóthar rochtana 245m AR 11/02<br>Leithead 4m | - | Tugann sé rochtain ar Bhóithrín Bhaile an Dúlaigh mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. |
| Ch. 13+140 go<br>Ch. 13+180 | Bóthar rochtana 70m AR 13/01<br>Leithead 4m | - | Déanfar athailíniú ar an mbóthar rochtana atá ann faoi láthair ar a dtugtar Bóithrín Spellman mar gheall ar a ghaire a bheidh sé don Tardhroichead S13/01. Tugann sé rochtain ar thithe agus ar |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **Slabhraíocht Neasach** | **Tuairisc** | | |
| | | | dháileachtaí talún trí Bhóthar na Scoile |
| Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach | Bóthar rochtana 145m AR 13/04<br>Leithead 6m | - | Tugann sé rochtain ar áitribh thráchtála i bPáirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair (ó Bhóthar Thuama N83). Aistreofar an bealach rochtana chuig Bóthar Ceangail Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach mar atá beartaithe. Tugann sé rochtain ar linnte maolúcháin freisin. |
| Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Bóthar rochtana 45m AR 14/05<br>Leithead 7m | - | Ceanglaíonn sé Bóthar Ceangail na Páirce Móire mar atá beartaithe leis an mbóthar inmheánach atá in Eastát Tionscail na Páirce Móire faoi láthair |
| Ch. 14+790 go Ch. 15+000 | Bóthar rochtana 235m AR 14/09<br>Leithead 4m | - | Soláthraíonn sé an pointe deiridh imeachta d'Fheithiclí Ró-arda atá ag taisteal soir ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe sula dtéann siad isteach i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Ceanglaíonn sé le AR 15/01 |
| Ch. 15+125 | Bóthar isteach 470m AR 15/01<br>Leithead 6m | - | Déanfar athailíniú ar Ascaill an Ráschúrsa a thabharfaidh rochtain ar áitribh thráchtála, mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Tugann sé rochtain freisin ar fhoirgneamh seirbhísí Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe mar atá beartaithe, fostáisiún nua BSL agus an crann athlonnaithe teileachumarsáide. Ceanglaíonn sé le AR 14/09 agus le AR 15/06 freisin. |
| Ch. 15+200 go Ch. 15+725 | Bóthar rochtana 545m AR 15/02<br>Leithead 6m | 691,<br>716,<br>701,<br>718,<br>719,<br>710 | Tugann sé rochtain ar dháileachtaí talún mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach isteach reatha. Tugann sé rochtain ar na linnte maolúcháin chomh maith. Ceanglaíonn le AR 15/03 ó dheas, agus le AR 15/06 ó thuaidh; tugann sé rochtain d'úsáideoirí AR 15/07 (Rogha atreoraithe Feithiclí Ró-arda) |

| Suíomh | | Uimhir aitheantas na Ceapaí / Tagairt Úinéara Talún | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Slabhraíocht Neasach | Tuairisc | | |
| Ch. 15+700 go Ch. 15+725 | Bóthar isteach 185m AR 15/03<br>Leithead 6m | - | Tugann sé bealach isteach chuig áitribh thráchtála i bPáirc Chnoc Maoil Drise (ó Bhóthar na Páirce Móire) mar go scoithfidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe an bealach rochtana atá ann faoi láthair. Tá sé beartaithe go rachaidh an bóthar rochtana faoi dhroichead S15/02. Tugann sé rochtain ar AR 15/04 agus ar AR 15/02 |
| Ch. 15+150 go Ch. 15+200 | Bóthar rochtana 120m AR 15/06<br>Leithead 6m | - | Soláthraíonn sé ceangal (os cionn Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe) go AR 15/01 agus AR 15/02 chun atreorú Feithiclí Ró-arda a éascú |
| Ch. 15+425 go Ch. 15+475 | Bóthar rochtana 50m AR 15/07<br>Leithead 4m | - | Cuirfidh sé Feithiclí Ró-arda atá ag taisteal ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar mhalairt slí sula dtéann siad isteach i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus iad ag taisteal siar. Ceanglaíonn sé le AR 15/02 |

## 9.5 Uimhriú Nód in Aguisín D d'Aguisín A.6.1

### 9.5.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 8e den IFB:

Tabhair soiléiriú maidir leis an gcoinbhinsiún uimhrithe nód/suíomh na nód a úsáidtear in Aguisín D ‘Ceangal agus Nasc Mótarbhealaigh Chalabrú an Chontae' in Aguisín A.6.1 de TMTT.

### 9.5.2 Freagra

Léirítear i **bhFíoracha 3.1.01 go 3.1.16** atá in **Aguisín A.8.1** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo an líonra don tsamhail tráchta, lena n-áirítear uimhreacha nód.

# 9.6 Sonraí maidir le séala uiscedhíonach ar an mBealach Aniar chuig Tollán Leacaigh

## 9.6.1 Iarratas

Deirtear an méid seo a leanas i Mír 8f den IFB:

*Tabhair eolas ar dhearadh agus ar bhuanfas an tséala uiscedhíonaigh a chuirfear isteach ar bhonn íochtair agus ar thaobhanna gearrthacha an bhóthair ar an mbealach aniar chuig Tollán Leacaigh agus laistigh de na ballaí coinneála.*

## 9.6.2 Freagra

Tá struchtúr an bhealaigh aniar chuig Tollán Leacaigh deartha mar struchtúr leanúnach U-chrutha atá déanta de choincréit threisithe. Mar gheall air seo, beidh deighilt struchtúrach leanúnach idir an bóthar agus an talamh/screamhuisce reatha. Is éard atá i gceist le struchtúr an U-chrutha ná leac boinn de choincréit threisithe faoi bhun na pábhála bóthair atá beartaithe agus bonn bóthair lena n-áirítear córas séalaithe draenála. Is éard atá i gceist le ballaí struchtúr an U-chrutha ná ballaí coinneála de choincréit threisithe nó ballaí coincréiteacha pílí seicint. Tá an leac bonn ceangailte go dlúth de na ballaí. Spraeáiltear córas uiscedhíonta ar dhromchla uachtair na leice boinn; agus tá córas séalaithe draenála ar an mbóthar atá beartaithe; mar sin ní féidir le huisce dromchla ón mbóthar atá beartaithe dul isteach sa screamhuisce tríd an struchtúr coincréite. Tá saolré deartha 120 bliain ag na heilimintí coincréite treisithe agus tá siad deartha chun nach féidir le huisce dul tríothu tríd an struchtúr coincréite. Ar an gcaoi chéanna, is féidir an choincréit a dheisiú nó a athsholáthar tar éis na tréimhse seo.

Cuirtear stopalláin uisce san áit a mbeidh na hailt tógála agus na hailt gluaiseachta sna heilimintí coincréite treisithe. Is scannáin PVC iad na stopalláin uisce a theilgtear sa choincréit. Nuair a bhíonn siad iata i struchtúr coincréite, fanann siad éifeachtach mar stopallán uisce do shaolré an struchtúir ina bhfuil siad.

Mar a tugadh faoi deara i gCuid 2.4 thuas, tá an tuarascáil dearaidh do Thollán Leacaigh in Aguisín A.7.5 den Tuarascáil Dearaidh. Leagann an tuarascáil seo amach dearadh Thollán Leacaigh (Struchtúr S11/01) lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe scálaithe den tollán agus de na bealaí chuige. Tugtar líníochtaí tipiciúla de na stopallán uisce le líníocht GCOB-1700-D-S11-01-027 in Aguisín A den tuarascáil dearaidh, a bhfuil cóip de in **Aguisín A.1.4** a ghabhann leis an bhFreagra IFB seo.